

EirGrid plc
**Tuarascáil Bhliantúil**
**2014**

www.eirgrid.com



## Ár Misean

Tarchur d'ardcháilíocht, éifeachtúil, neamhspleách agus seirbhísí margaidh a sholáthar ar leas an uile dhuine ar oileán na hÉireann.

## Ábhar


Tuarascáil an Chathaoirligh **2**

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh **6**

Athbhreithniú Airgeadais **10**

Buaiceanna Oibríochta **14**

Tionscnaimh Grid25 **22**

An Eoraip **28**

Freagracht Shóisialta Chorparáideach Ag croílár gach rud a dhéanaimid **32**

An Bord **34**

Stuchtúr Eagrúcháin **40**

An Fhoireann Feidhmiúcháin **42**

Ráitis Airgeadais **47**

Liosta Íomhánna **113**

# EirGrid - Is Í d’Eangach Féin Í

**Ag obair leatsa d’ár dtodhchaí fuinnimh**

Tá gá in Éirinn le líonra leictreachais atá slán, sábháilte chun cumhacht a thabhairt go dtí ár dtithe, scoileanna, ospidéil, feirmeacha agus ár ngnóthaí. Is é Eirgrid an eagraíocht faoina bhfágtar cúram an eangach leictreachais in Éirinn agus i Tuaisceart Éireann a bhainistiú. Mar Oibreoir Córais Tarchurtha ainmnithe agus mar Feidhmeoir Margaidh, oibrímid an líonra ar fud oileán na hÉireann. Chomh maith is sinne úineirí agus oibritheoirí an Idirnascaire Thoir Thiar 260km idir Éire agus an Bhreatain Mhór. Is cuideachta leathstáit sinn, a fheidhmíonn ar leas mhuintir na hÉireann uile.

Is é ár ról é leictreachas a sheachadadh ón áit a ghintear é go dtí an áit a bhfuil sé ag teastáil. Déanaimid an líonra a bhainistiú chomh sábháilte agus comh héifeachtúil agus is féidir, ag cinntiú go bhfuil cumas a dhóthain ann chun freastal ar an éileamh ag am ar bith, 365 lá na bliana.

Oibríonn EirGrid freisin an margadh leictreachais uile-oileáin, a éascaíonn do na soláthraithe, leictreachas a cheannach ar an mórchóir lena dhíol don úsáideoir deiridh. Ní ghlacaimid páirt sa mhargadh mórdhíola ná miondíola, toisc nach gceannaímid ná nach ndíolaimid leictreachas.

Tá líonra leictreachais ar ardcháilíocht riachtanach do gach duine ar oileán na hÉireann agus tá bród orainne é a oibriú ar bhur son.

# Tuarascáil an Chathaoirligh



John O'Connor
CATHAOIRLEACH

Is mór an sásamh dom Tuarascáil an Chathaoirligh a chur i láthair tar éis dom mo chéad bhliain a chur isteach mar chathaoirleach ar Bhord EirGrid. Creidim gur bhliain rathúil a bhí in 2013/14 san iomlán do Ghrúpa Eirgrid agus bliain ba ea é ina rabhamar ábalta dul chun cinn a dhéanamh in a lán slite. Bhí áfach, mórán dúshlán amach romhainn i gcaitheamh na bliana freisin.

Is é an bunchuspóir atá againn a chinntiú go bhfuil córas tarcurtha againn agus margadh leictreachais a thacaíonn le cumhacht leictreach a sheachadadh ar bhealach sábhailte ar féidir brath air agus atá chomh iomaíoch agus is féidir ó thaobh praghais de. D'éirigh thar barr linn leis an méid sin a bhaint amach i gaitheamh na bliana ar a bhfuilimid ag féachaint siar. Gabhann tábhacht ar leith leis an Idirnascaire Thoir-Thiar, a thug leis tairbhí suntasach le linn a chéad bhliana oibríochta, lena n-áirítear brú a choimeád le praghas mórdíola an leictreachais a choimeád síos.

Ba bhliain rathúil í 2013/14 ó thaobh airgeadais de freisin, le brabús roimh cháin de €44.2 milliún agus brabús bunúsach de €18 milliún. Is mór an sásamh dúinn díbhinn €3 milliún a mholadh don bhliain airgeadais 2013/14.

Ní féidir áfach, le cuideachta a bhfuil mórchúraimí mhuintir na hÉireann agus Thuaisceart Éireann uirthi, scíth a ligean toisc an rath atá air faoi láthair nó a bhí roimhe seo. Caithimid plean a bheith againn don todhchaí ina gcuirfear i gcríoch beartais náisiúnta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Is é sin is cúis leis an infheistíocht mhór atá á déanamh againn le margadh aonair comhtháite leictreachais a fhorbairt atá níos éifeachtúla, i gcomhréir le riachtanais Eorpacha agus chun an eangach tarchurtha a neartú chun freastal ar an éileamh agus ar an bhforbairt i ngach réigiúin ar an oileán.

Tá comhsprioc ag beartais chomhshaoil agus fuinnimh an rialtais de 40% dár leictreachas a ghiniúint le foinsí inathnuaite faoin mbliain 2020. Is rún daigean againn é ár gcuid féin a dhéanamh leis an gcuspóir úd a chur i gcríoch.

Déanaimid athbhreithniú go rialta ar ár bpleananna infheistíochta lena chinntiú go gcuirtear san áireamh iontu an fhaisnéis agus an teicneolaíocht is déanaí atá ar fáil. Ag teacht leis an méid sin táimid tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an straitéis Grid25 ina leagtar síos creatoibre d'fhorbairt an líonra in Éirinn don deich mbliana amach romhainn. Taispeánfar leis an straitéis athbhreithnithe, tiomantas Eirgrid chun teacht ar an réiteach is fearr agus chun dul i ngleic le cúinsí a bhíonn ag síorathrú agus chun plé le haiseolas ón bpobal.


Dearbhaítear arís go bhfuil an tIdirnascaire Thuaidh-Theas riachtanach chun rochtain éifeachtúil a sholáthar ar fud na hÉireann agus gá práinneach leis chun tacú leis an líonra i dTuaisceart Éireann. Leag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) béim ar thábhacht an infreastuchtúir seo d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Tá an Coimisiún Eorpach tar éis an tIdirnascaire a ainmniú mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI) lena gcinnteofar go mbeidh an tionscadal incháilithe le haghaidh mhaoiniú ón AE. Ní mór dúinn anois é a sheachadadh laistigh den scála ama is giorra dar féidir.

In 2014, d'fhógraíomar mionsonraí roinnt tionscnamh mhóra i ngeall ar imní an phobail maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. Leagtar amach sonraí níos mó faoi na torthaí sin i ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh agus in áiteanna eile sa tuarascáil.

Is tosaíocht dár gcuid é ár dtiomantas don chomhairliúchán poiblí a fhorbairt agus gluaiseacht ar aghaidh i gcomhpháirt le pobail in 2015.



Fuinneamh ón eangach a thugann cumhacht do ghnóthaí beaga agus meánmhéide ar fud Éireann agus Tuaisceart Éireann.



Is cuideachta sinn atá go hiomlán tiomanta agus dáiríre faoi dhul i gcomhairle le pobail a n-imríonn na tionscadail atá molta tionchar orthu agus leis an gcur chuige nua seo don chomhairliúchán poiblí cuirfear iachall ar an gcuideachta, cur chuige rannpháirtíoch a ghlacadh. Leis an gcur chuige seo freisin, bíonn páirt ag an bpobal, ag úinéirí talún agus ag páirtithe leasmhara eile chun teacht ar na réitigh is fearr ar riachtanais aitheanta atá ann an eangach a neartú. Cuirfear dearcadh an phobail agus toscaí inealltóireachta san áireamh chomh maith ag gach céim de mheasúnú na dtionscadal. Tá an cur chuige seo bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus is déanaí ach tógtar ceann freisin de na gnéithe úd atá leithleach don tír seo amháin. Táimid tar éis plé a chur ar bun le páirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann faoin mbealach a d'fhéadfadh SONI cur chuige pobalbhunaithe den saghas céanna a ghlacadh maidir le comhairliúchán.

Glactar leis go forleathan sa Ghrúpa go mbeidh gá le cleachtas agus cultúr a athrú don chur chuige nua seo agus go gcaithfear na hathruithe seo a chur i bhfeidhm go gníomhach. Rinneadh athbhreithniú ar dhoiciméid straitéise agus bheartais na cuideachta lena léiriú go glé go gcaithfear aird a thabhairt ar an gcomhairliúchán pobail agus ar an timpeallacht i ngach gné dár bhfeidhmiúcháin.

Le linn 2014 rinne an Bord Stiúrthóirí machnamh ar an mbealach is fearr dóibh siúd chun cur le rath na cuideachta. Chuireamar feabhas ar an mbealach ina raibh ár ngnó á dhéanamh againn ag leibhéal an Bhoird. Rinneamar athbhreithniú ar struchtúr na gCoistí mar a bhí sé agus thugamar isteach Coiste um Ghnóthaí Poiblí nua.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhstiúrthóirí as an méid atá déanta acu agus as an tacaíocht ar fad a thug siad i gcaitheamh na bliana. Chríochnaigh an Dr Joan Smyth agus Richard Stelling tréimhsí 5 bliana mar stiúrthóirí i mbliana agus táim an-sásta gur thoiligh siad beirt go n-athcheapfaí iad. Ba mhaith liom moladh ar leith a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus a fhoireann fheidhmeach agus d'fhoireannn Ghrúpa EirGrid ar fad dá ndúthracht is dá ndíogras ar feadh na bliana. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Alastar de Faoite T.D., agus leis an té a bhí ann roimhe Pádraig Ó Coinín T.D. agus leis an Aire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann, Arlene Foster MLA, agus le hoifigigh sa dá Roinn as a dtacaíocht.

Ba mhaith liom a rá mar fhocal scoir go bhfuil Grúpa EirGrid ar shíormhisean le feabhas a chur ar an mbealach atá againn le rudaí a dhéanamh, chun caidrimh mhacánta a chothú lenár gcustaiméirí, le pobail agus le páirtithe leasmhara eile agus an tseirbhís is fearr dar féidir a chur ar fáil dóibh siúd a íocann asainn i ndeireadh na dála tríd a mbillí leictreachais. Chuige sin, ní mór dúinn glacadh go fonnmhar le hathruithe; creidimse go bhfuilimid á dhéanamh sin cheana féin.

John O'Connor

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Fintan Slye
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Bliain chinniúnach ba ea 2014 do Ghrúpa EirGrid. Bhí rath ar ár gcéad bhliain iomlán i mbun an Idirnascaire Thoir Thiar, rinneamar dul chun cinn suntasach ar thionscadail thábhachtacha agus thosaíomar próiseas le go mbeimís ag obair níos dlúithe ná riamh le daoine aonair, pobail, gnóthaí agus eagraíochtaí.

Is é ár ról é an líonra tarchurtha leictreachais a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt ar fud oileán na hÉireann. I gcaitheamh na bliana leanamar dár dtéarmaí tagartha a chomhlíonadh i réimsí oibríocht an chórais cumhachta agus oibríocht mhargadh an leictreachais mhórdiola. Ní mór dúinn féachaint isteach sa todhchaí, leis an éileamh a bheidh ar leictreachas sna blianta amach romhainn a thomhas agus forbairt na heangaí a phleanáil chun freastal ar an éileamh úd ar bhealach stuama agus inbhuaineach. Tá tábhacht ghéar agus straitéiseach leis na seirbhísí seo do dhaoine, pobail, gnóthaí agus custaiméirí na heangaí ar fud na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach in 2014 leis an straitéis forbartha ar an eangach (Grid25), chuir an-chuid pobal agus daoine in iul dúinn go raibh imní an-mhór orthu mar gheall ar roinnt dár mórthionscadal. D'aithníomar go raibh orainn ár gcur chuige a fheabhsú agus oibriú i bpáirt leis na pobail sin a mbeidh tionchar díreach ag forbairtí nua atá molta orthu. Táimid tiomanta de anois na freagraí cuí a thabhairt agus athruithe fónta a dhéanamh.

## Rannpháirtíocht agus Comhairliúchán

In Eanáir 2014, d'fhógraíomar go raibh cúig thionscnamh nua le himní an phobail a mhaolú. Is iad: athbhreithniú ar roghanna lasnairde seachas faoi thalamh a bheidh faoi mhaoirseacht Painéal Neamhspleách Saineolaithe ainmnithe ag an Rialtais; ciste leasa pobail a thabhairt isteach; tuairiscí ar shainréimsí na turasóireachta, na gcapall agus na talmhaíochta; athbhreithniú saineolach arna thionscnú ag an Rialtas ar Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF); agus athbhreithniú ar ár bpróiseas comhairliúcháin.

Foilsíodh le déanaí ár gcur chuige i leith thionscal na turasóireachta, na gcapall agus na talmhaíochta agus tá ciste leasa pobail á thabhairt isteach againn faoi láthair do na tionscadail lena mbaineann. Tá an Painéal Neamhspleách Saineolaithe ag athbhreithniú an tionscadail Grid Thiar, tar éis tuairim dhearfach a thabhairt ar an Idirnascaire Thuaidh-Theas in Iúil 2014. Um Nollaig 2014, d'fhoilsíomar athbhreithniú ar ár gcur chuige i leith comhairliúchán poiblí. Creidimse go n-osclóidh an t-athbhreithniú seo an tslí do chumarsáid dhéthreoch níos fearr agus go gcabhróidh sé le muinín an phobail as ár n-eagraíocht a thabhairt ar ais. Is é an sprioc atá againn don bhliain amach romhainn an mhuinín sin a athnuachan agus rannpháirtíocht inár bpróiseas le cinntí a dhéanamh do thionscadail dár gcuid a chumasú. Creidimid go bhfuil sé seo thar a bheith tábhachtach má táimid chun an eangach atá de dhíth a sheachadadh chun freastal ar riachtanais chumhachta na ndaoine, na bpobal agus na ngnóthaí ar fud na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, anois agus sa todhchaí.

## Margadh Nua Leictreachais Mórdíola

Chuireamar an margadh leictreachais mórdíola atá ann faoi láthair ar bun, an Margadh Aonair Leictreachais (SEM), in 2007 agus tá freastal maith déanta leis ar leas thairbhí ár gcustaiméirí agus ár ngeilleagair. Ní foláir athruithe a dhéanamh ar an margadh

anois le go mbeidh ceangal níos dlúithe aige leis an margadh leictreachais Eorpach atá á thabhairt isteach sa Bhreatain Mhór agus ar fud na hEorpa. Ba cheart go n-éascódh sé sin deiseanna níos mó trádála agus iomaíocht níos géire as a bhfásfaidh luach ar airgead nios fearr do chustaiméirí. Táimid ag obair go dlúth leis na hÚdaráis Rialaithe in Éirnn agus i dTuaisceart Éireann ar chur chun feidhme an mhargaidh nua seo (I-SEM) a mbeidh comhpháirtíocht agus comhordú ag teastáil dó sa thionscal ar fad le beoú gan snag a chinntiú in 2017.

## Idirnascaire go dtí an RA agus an Eoraip

Tá an tIdirnascaire Thoir Thiar 260 km, lena gceanglaítear eangacha tarchuir na hÉireann agus an Breataine Móire, i mbun oibríochta tráchtála iomláine ó Bhealtaine 2013. Go dtí seo tá sé ag feidhmiú go maith. Tá fairsingiú tagtha ar ár mbonn custaiméirí agus áirítear ina measc anois trádálaithe idir na margaí leictreachais uile-oileáin agus na Breataine Móire. Tá iomaíocht níos géire anois ná mar a bhí sa Mhargadh Aonair Leictreachais (SEM) de thoradh ar an Idirnascaire, tá mar sin, brú síos ar phraghas mórdíola an leictreachais.

I bpáirtíocht le hoibreoir córais tarchurtha leictreachais na Fraince, Rté, táimid i mbun staidéir indéantachta chun forbairt idirnascaire idir Éire agus an Fhrainc a iniúchadh, an 'Idirnascaire Ceilteach'. Tógadh céimeanna móra chun tosaigh in 2014 leis an staidéar seo, ina measc, an chéad chéim sa suirbhé mara chun bealach indéanta a aithint. Tá an chuid eile de na suirbhéanna le bheith críochnaithe in 2015. Faoi mar a bhíonn lenár gcuid oibre ar fad, coimeádfar ár bpáirtithe leasmhara pobail agus poiblí suas chun dáta faoi mar a théimid ar aghaidh leis an staidéar.

## Pleanáil Tarchurtha do Thuaisceart Éireann

I mí Bhealtaine 2014 ghlac SONI, cuideachta de chuid Ghrúpa EirGrid, chuige cúram na pleanála tarchurtha i dTuaisceart Éireann. Táimid ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe i Leictreachas Thuaisceart Éireann chun an próiseas ó cheann go ceann a bhunú d'infhineistíochtaí nua tarchurtha atá ag teastáil lena chinntiú go ndéanfar forbairt ar an gcóras tarchurtha i dTuaisceart Éireann chun freastal ar riachtanais na ndaoine, na bpobal agus na ngnóthaí i dTuaisceart Éireann.

## Airgeadas

In 2014 bhí an chuideachta fós ag feidhmiú go maith ó thaobh airgeadais de agus cuireadh béim ar chostais do chustaiméirí a bhainistiú lena chinntiú gur leanamar de luach ar airgead a sheachadadh inár rólanna is inár gcúraim ar fad. D'fhás ioncam ó €622.1 milliún go €668.3 milliún, de thorad ar an gcéad bhliain oibríochta iomláine den Idirnascaire Thoir Thiar. Ba é €44.2 milliún an brabús roimh cháin, le brabúis bhunúsacha de €18 milliún nuair a fhágtar amach ró-aisghabhálacha. Bunaithe ar an bhfeidhmíocht láidir seo táim sásta a rá go rabhamar ábalta díbhinn €3 milliún a íoc leis an státchiste. Tá cuntas tugtha againn ar na bunfhigiúirí sa mhír ar bhuiceanna airgeadais agus tugtar na ráitis airgeadais ina n-iomláine níos sia isteach sa tuarascáil seo.

## Ár nDaoine

Bímid ag obair go dian lena chinntiú go dtugtar aird agus go léirítear meas i gcónaí ar riachtanais, mianta agus tuairaimí ár bhfoirne.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a dhéanann ár b ar fad sa Ghrúpa atá díograiseach i gcónaí maidir leis an bhfreastal a dhéanann an líonra agus an infreastruchtúr leictreachais ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ár bpobal anois agus sa todhchaí. Tá a bproifisiúnacht agus a ndúthracht léirithe ag ár ndaoine maidir lenár straitéis a chur i bhfeidhm agus lenár gcuspóirí a bhaint amach don bhliain seo.

## Ag Féachaint Chun Cinn

Tá feidhmiú réidh, éifeachtúil an chórais cumhachta agus an mhargaidh mórdíola leictreachais riachtanach do phobail, gnóthaí agus geilleagar ar fud oileán na hÉireann. Táimid lándáiríre faoinár gcúram é seo a sheachadadh agus beidh an chuideachta iomlán dírithe ar sin i gcaitheamh 2015.


Anuas air sin, le linn na bliana seo chugainn díreofar go sonrach ar mhuinín a chothú agus ar thacaíocht a thabhairt don gheilleagar agus don fhás. In Éirinn tá críoch á cur againn ar uasdátú ar Grid25 agus beidh a dtuairim agus a n-ionchur á lorg againn ó dhaoine aonair, pobail, gnóthaí agus páirtithe leasmhara eile. I dTuaisceart Éireann i ndiaidh aistriú na feidhme pleanála tarchurtha, beimid ag leagan amach an chláir lionra don chéad deich mbliana eile, agus beidh ionchur agus tuairimí á lorg againn faoin bhfoilseachán seo.

In 2014 rinneamar athbhreithniú ar ár gcur chuige maidir le comhairliúchán agus rannpháirtíocht agus leagamar amach roinnt gealltanas faoin gcaoi a bhfuil sé i gceist againn athrú agus feabhsú. Tá cur i bhfeidhm na n-athruithe sin faoi lánseoil agus ba cheart go bhfeicfidh tú na feabhsuithe ar do chuid plé leis an gcuideachta sa bhliain amach romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil don Bhord, don bhainistíocht agus d'fhoireann Ghrúpa EirGrid as a dtacaíocht agus a ndúthracht i gcaitheamh na bliana dúshlánaí seo.

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tugann ár leictreachas cumhacht do na scoileanna ar fud na tíre a bhfuil oideachas á thabhairt acu don chéad ghlúin eile in Éirinn.



# Athbhreithniú Airgeadais

| Príomhbhuaiceanna Airgeadais €M 2013 | 2014 | | | 2013 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Neamh EWIC | EWIC | Iomlán | Neamh EWIC | EWIC | Iomlán |
| Ioncam | 589.3 | 79.0 | 668.3 | 571.1 | 51.0 | 622.1 |
| Costais Dhíreacha | (501.2) | 0.0 | (501.2) | (459.2) | 0.0 | (459.2) |
| Costais Oibríochta | (80.8) | (22.1) | (102.9) | (83.0) | (6.4) | (89.4) |
| Brabúis Oibríochta | 7.3 | 56.9 | 64.2 | 28.9 | 44.6 | 73.5 |
| Costais Airgeadais | (1.2) | (18.8) | (20.0) | (2.3) | (10.6) | (12.9) |
| **Brabús Roimh Cháin** | **6.1** | **38.1** | **44.2** | **26.6** | **34.0** | **60.6** |

### Ioncam agus Brabúsacht

Tagann ioncam an Ghrúpa go príomha ó tharaifí rialaithe, is é sin go sonrach taraif Úsáid Tarchurtha an Chórais (TUoS), muirear atá iníoctha ag úsáideoirí uile na gcóras tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann agus ónár sciar de na taraifí mar Oibreoir Margaidh don SEM. Faightear ioncam chomh maith ó fháltais cheanta ó dhíol cumais ar an Idirnascaire Thoir Thiar (EWIC).

Is iad go príomha na costais dhíreacha:

- An muirear rialáilte atá iníoctha leis an BSL agus NIE mar úinéirí an chórais tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach;
- Costas raon seirbhísí a cheannach ó ghineadóirí atá riachtanach d'oibríocht shlán an chórais;
- Srianchostais atá iníoctha nuair a bhíonn gá le hathruithe a chur ar sceidil margadhbhunaithe na ngineadóirí chun oibríocht shlán an chórais a chinntiú; agus
- Na costais a ghabhann le cur i bhfeidhm raon tionscnamh don éileamh fuinnimh.

Costais oibríochta eile lena n-áirítear costais oibríochta don EWIC, costais fostaithe, táillí proifisúnaithe, costais IT, costais dímheasa agus costais chorparáideacha eile.

Bhí ioncam €668.3m an Ghrúpa don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2014 €46.2m (7.4%) nios airde ná an bhliain roimhe sin. Ioncam níos airde ón Idirnascaire Thoir Thiar ba chúis le €28m den ardú le €18.2 eile ag teacht ó ghníomhaíochtaí TSO agus Oibreoir Margaidh an Ghrúpa. Ba í an bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2014 an chéad bhliain iomlán oibríochta don EWIC; baineadh lánfheidhmíocht oibríochta amach um Bealtaine 2013. Léiríodh é sin san ardú i bhfáltais cheanta ó €14.6m in 2013 go €35.7 in 2014. Bhí ardú comhfhreagrach ar chostais oibríochta don nascaire ó €6.4m go €22.1m, chomh maith le muirear don bhliain iomlán do chostais airgeadais de €18.8

(2013: €10.6). An mhoill a cuireadh ar an tosú ba chúis le tuairim is €25m de chostais oibríochta an EWIC, ar tugadh sciar suntasach de ar ais ó shin do thomhaltóirí leictreachais. Tabharfar a thuilleadh de sin ar ais i dtréimhsí amach anseo de thoradh ar fháltais láidre cheanta na bliana 2014. Ba é aisíoc ró-aisghabhála rialaithe na bliana roimhe sin do chustaiméirí i dTuaisceart Éireann ba chúis don chuid is mó leis an titim ó €26.6m in 2013 go €6.1m in 2014.

Áirítear sa bhrabús oibríochta don Ghrúpa mar a tuairiscíodh é do 2014 aisghabháil shuntasach ar tharaifí rialáilte. De dheasca roinnt neamhchinnteachtaí, ar ghné bhunúsach iad d'fheidhmiú i dtimpeallacht rialáilte, agus an bealach a chaitear leis na cúraim seo sna cuntais. I gcomhréir le gnáthchleachtais rialála, ceartófar an ró-aisghabháil seo i dtairifí sa todhchaí. Bhí brabús roimh cháin in 2014 de €44,2m, seachas na ró-aisghabhácha sin áfach, ba é meastachán na bainistíochta go mbeadh brabús bunúsach do 2014 de €18m, ag brath ar neamhchinnteachtaí rialála.

## Rialáil

Rialáileann an CER agus URegNI faoi seach gníomhaíochtaí TSO an Ghrúpa in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Ina ról mar Oibreoir Margaidh don SEM, déanann Coiste an SEM, atá déanta suas den CERn UregNI, ball neamhspleách agus ball tánaisteach neamhspleách an Grúpa a rialáil. Tá dhá cheadúnas mar Oibreoir Idirnascaire ag an nGrúpa, ceann amháin ón CEO agus an ceann eile ó Ofgem.


Roimh gach tréimhse tairife cuireann an Grúpa réamhaisnéisí d'éileamh custaiméirí, costais oibríochta agus riachtanais ioncaim eile faoi bhráid an údaráis rialála. I ndiaidh próiseas sonrach athbhreithnithe eiseoidh an rialtóir cinneadh foirmiúil den ioncam sin a bhfuil sé de chead ag an ngnó é a aisghabháil. Faoi mar a bhíonn le haon réamhaisnéis d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith idir an méid atá tuartha agus an aisghabháil ioncaim iarbhír, nó costas i ndeireadh bliana, agus ró-aisghabhálacha nó fo-aisghabhálach rialála de thoradh air. Déantar aon ró-aisghabhálacha nó fo-aisghabhálach a choigeartú sna cinntí praghais do na tréimhsí a leanann. D'fhéadfadh luaineacht a bheith i dtuilleamh reachtúil tuairiscithe an Ghrúpa, toisc nach gceadaítear faoi na rialacháin cuntasaíochta reatha, torthaí a smúdáil trí fo-aisghabhálacha nó ró-aisghabhálacha a thuar.

Éagann na Rialuithe Praghais reatha do ghníomhaíochtaí TSO an Ghrúpa in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, maidir le hoibríocht an EWIC, ar an 30 Meán Fómhair 2015. Táimid i dteagmháil faoi láthair leis an CER agus le UregNI sa phróiseas maidir le Rialuithe Praghais a chinntiú don tréimhse 5 bliana dar tús 1 Deireadh Fómhair 2015. Ní éagann na Rialuithe Praghais ról Oibritheoir Margaidh an Ghrúpa go dtí 30 Meán Fómhair 2016.


## Maoiniú

Tá cúrsaí airgeadais an Ghrúpa sláintiúil fós. Tá dátaí fada aisíoctha leis na hiasachtaí agus tá siad iomlán fálaithe i gcoinne aon luaineacht sa ráta úis. Tá áiseanna neamhtharraingthe ar fáil freisin i gcás priacail leachtachta.


# Córas Tarchurtha 400, 275, 220 & 110kV




Ceantar Bhaile Átha Cliath




Ceantar Bhéal Feirste




Ceantar Chorcaí




Línte 400kV

Línte 275kV

Línte 220kV

Línte 110kV

Cablaí 220kV

Cablaí 110kV

Cablaí HVDC

Staisiúin 400kV

Stáisiúin 275kV

Stáisiúin 220kV

Stáisiúin 110kV

## Giniúint Tarchuir Nasctha

Hidriginiúint

Giniúint Theirmeach

Giniúint Stórála Pumpáilte

Giniúint Ghaoithe

# Buaiceanna Oibríochta

Mar Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, is é ár ngnó é an soláthar leictreachais agus an sruth cumhachta ar fud oileán na hÉireann a bhainistiú. Déantar an chuid is mó den obair seo san Ionad Rialaithe Náisiúnta (NCC) i mBaile Átha Cliath agus in Ionad Rialaithe Theach an Chaisleáin Riabhaigh (CHCC) i mBéal Feirste.

Gintear leictreachas le gás, gual agus athnuaiteáin ag láithreáin ar fud an oileáin. Úsáidtear ansin ár líonra tarchurtha ardvoltais chun an leictreachas a iompar go dtí ionaid ardéilimh, ar nós cathracha, bailte móra agus láithreáin mhóra tionsclaíochta. In EirGrid, oibrímid an córas tarchurtha ar bhealach sábháilte, slán agus eacnamaíoch i gcónaí. Baintear feidhm as prionsabail an Mhargaidh Leictreachais Aonair chun costais táirgíochta a íosmhéadú.

## Éileamh ar Leictreachas

Taispeánann na figiúirí gur tháinig titim bheag le linn na tréimhse 12 mhí go dtí Meán Fómhair 2014 i gcomparáid leis an tréimhse 12 mhí roimhe sin. Tá an claonadh sa dara leath den bhliain áfach ag dul i dtreo fás ar éileamh ar leictreachas, faoi thionchar an téarnaimh eacnamaíoch. Táthar ag súil go leanfaidh an claonadh chun fáis seo de réir mar a shocraíonn an geilleagar síos agus de réir mar a aistrítear go dtí leictreachas chun tacú le dícharbónú iompair agus téimh.

## Feidhmíocht an Chórais

Is i dtéarmaí 'nóiméid chaillte sa chóras' is fearr a dhéantar feidhmíocht agus iontaofacht an chórais a thomhas, is tagarmharc é lena dtomhaistear déine luaineachtaí sa chóras i gcoibhneas le méid an chórais, Is léiriú iad na nóiméid a chailltear sa chóras ar an méid éilimh nár soláthraíodh de bharr lochtanna sa chóras tarcurtha. Ó Eanáir 2014 go Nollaig 2014, ba é 2.88 an méid iomlán nóiméad a cailleadh in Éirinn agus 0.0 i dTuaisceart Éireann. Ba í "Stoirm Darwin" ba chúis leis an bhfigiúir ard in Éirinn, toisc gur mhair na drochstoirmeacha ar feadh mí Feabhra ar fad.

Ba é an 12 Feabhra an lá ba dhúshlánaí don chóras tarcurtha nuair a tharla 71 locht de bharr na ngálaí. Comhaontaíodh tosaíochtaí le Líonraí BSL, a d'oibrigh le EirGrid chun an chumhacht a thabhairt ar ais go dtí na ceantracha ba mhó a bhí thíos leis. Rinneadh damáiste forleathan do na líonraí dáileacháin ag an am, agus fágadh 290,000 custaiméir gan chumhacht i gceantar an iardheiscirt. Ba é an t-uasmhéid a cailleadh de bharr teip ar tharchur ná thart faoi 75 MW, arbh ionann é is c. 60,000 custaiméir. Ba é an t-uasmhéid ama a mhair an briseadh ar sholáthar tarchuir ná 3 uair a chloig 35 nóiméad. Fad a mhair an stoirm, níor cuireadh isteach ar ár líonraí tarchurtha ardvoltais atá ar déanamh crann cruaiche.

Is slat tomhais é an fáil atá ar ghiniúint ar chumas na ngineadóirí cumhacht a sholáthar don eangach. Le go mbeidh EirGrid ábalta an córas tarcurtha a oibriú ar bhealach slán agus eacnamaíoch, ní mór ráta an-ard feidhmthréimhse a bheith ag na gineadóirí. Thit feidhmthréimhse giniúna go dtí 83.6% in 2014, ó 87.1% in 2013. Ba é an méadú ar ráta éaradh éigeantach gineadóra ó 6.9% go 8.4% ba chúis leis an gcuid is mó de sin. In ainneoin an titim sin i bhfeidhmthréimhse, bhí na corrlacha giniúna fós laistigh de na caighdeáin a éilítear i rith 2014.

Inár ról mar Oibreoir Tarchurtha faoi úinéireacht an stáit, cuirimid ardán ar fáil chun fás eacnamaíoch agus forbairt áitiúil a chothú.



## Foinsí Giniúna

Is é gás fós an phríomhfhoinse bhreosla, ach go bhfuil fás ag teacht ar sciar na n-athnuaiteán (Éire 19.7%, Tuaisceart Éireann 15.6%, Iomlán 18.9%). Cuireadh na hathruithe riachtanacha ó thaobh beartas agus uirlisí de i bhfeidhm lena chinntiú gur coinníodh slántacht an chórais agus cáilíocht an tsoláthair do chustaiméirí, i gcomhthéacs pátrúin giniúna a bheith ag athrú agus méadú a bheith ag teacht ar fhoinsí inathnuaite inathraitheacha. Is tosaíocht i gcónaí é an clár DS3agus tá sé riachtanach chun spriocanna an bheartais phoiblí a bhaint amach de 40% den ghiniúint a theacht ó fhoinsí inathnuaite faoin mbliain 2020.

## Slándáil Soláthair i dTuaisceart Éireann

Léiríonn anailís a rinneadh go mbeidh cothromaíocht mhíshásúil soláthair/éilimh i dTuaisceart Éireann ó thús 2016. Ar iarratas an Rialtóra Fuinnimh agus an DETI, chuaigh SONI i mbun birt chun 250 MW de chúlstórais áitiúil a sholáthar. Tar éis beart soláthair iomaíoch, rinne SONI comhaontú le 250 MW de Chúlstórais Áitiúila a sholáthar ó Eanáir 2016, ar feadh tréimhse 3 go 5 bliana. Meastar go bhfreastalóidh sé sin ar an easnamh soláthair atá tuartha don tréimhse sin.

## Costais Srianta

Is dlúthchuid d'oibriú córas cumhachta iad costais srianta. Íoctar iad do ghineadóirí i ndálaí sonracha nuair a dhéantar a staid sa mhargadh tráchtála a athrú de bharr teorainneacha an chórais cumhachta nó nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí don chóras chun oibríocht an chórais cumhachta a shlánú. De bharr toscaí seachtracha nach bhfuil faoi smacht na TSO, bhí claonadh suntasach suas sna costais srianta go luath sa bhliain. Tar éis tréaniarrachta, thug na TSO isteach roinnt tionscnamh oibríochta a laghdaigh na costais srianta go mór sa dara leath den bhliain. Beidh na tionscnaimh seo fós ag cur le luach ar airgead agus ina gcabhair le costais a laghdú don chustaiméir sna blianta amach romhainn.

## An tIdirnascaire Thoir Thiar

Tá an tIdirnascaire Thoir Thiar a críochnaíodh in 2013 agus a nascann Éire leis an mBreatain Mhór tar éis a chéad bhliain oibríochta a chur de in 2014. Tá fairsingiú tagtha ar ár mbonn custaiméirí agus áirítear ina measc anois trádálaithe idir na margaí leictreachais uile-oileáin agus na Breataine Móire. Tá iomaíocht níos géire anois ná mar a bhí riamh sa Mhargadh Leictreachais Aonair de thoradh ar an mbrú síos ar phraghas mórdíola san SEM. Tá naoi gcustaiméir cláraithe chun trádáil leis an EWIC agus suim mhór ag dreamanna eile ann. Tairbhe bhreise dár dteicneolaíocht um thiontú foinse voltais don Idirnascaire Thoir Thiar is ea an cumas seirbhísí Black Start* a sholáthar do na TSO, a bhfuil úsáid bainte ag EirGrid as. Tá foireann an Idirnascaire Thoir Thiar i mbun cainteanna leis an Eangach Náisiúnta (RA) maidir le na seirbhísí 'Black Start' a sholáthar.

## Margadh Leictreachais Aonair (SEM)

Tá 11 rannpháirtí (páirtí) nua tugtha isteach ag an SEM le bliain anuas. Cláraíodh 47 aonad lena n-áirítear úsáideoirí an EWIC agus Idirnascaire na Maoile.

*Black Start is ea an nós imeachta chun téarnamh tar éis múchadh iomlán nó páirtmhúchadh den chóras tarcurtha ar tharla cailltaineas an-mhór soláthair dá mbarr.

**Cóid Líonra:** I mí Iúil, chuir Grúpa EirGrid agus na hÚdaráis Rialála i dteannta a chéile ceardlann ar siúl i mBéal Feirste, ina bhfuair rannpháirtithe sa tionscal uasdátú ar an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt na gCód Líonra. Meastar go gcuirfear a thuilleadh ceardlanna ar siúl in 2015.

**I-SEM (Margadh Leictreachais Aonair):** Is é an Tionscadal Eorpach um Chomhtháthú an Mhargaidh (EMIP) tionscadal EirGrid chun na córais agus na próisis ghnó atá ag teastáil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don mhargadh I-SEM in 2017. Tá Bainisteoir um Rannpháirtíocht agus Ullmhacht don Mhargadh ceaptha ag EirGrid don tionscadal EMIP a bheidh ag obair le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go seachadtar an tionscadal seo in am.

## DS3

Is cabhair é an Clár DS3 chun oibríocht shlán an chórais leictreachais a chinntiú, ó thuaidh agus ó dheas, agus a oibríonn ag an am céanna chun na spriocanna maidir le leictreachas inathnuaite a bhualadh.

In 2014 d'athraigh fócas an DS3 i dtreo athruithe in oibríocht an chórais, beartas córais agus uirlisí córais a chur i bhfeidhm.

Mar shampla, in 2014 i bhfoilseacháin an Údaráis Rialála a bhain le RoCoF (ráta athraithe minicíochta) agus Seirbhísí Córais arbh iad an toradh ar rannpháirtíocht shuntasach de chuid an tionscail le ceannasaíocht na TSO tríd an gClár DS3. Tá tionscadail feidhmithe chomhfhreagracha anois ann de thoradh air lena bhfuiltear ag iarraidh spriocanna na n-inathnuacháin a bhaint amach.

Ar an ábhar sin, seoladh roinnt uirlisí ceannródaíocha d'Ionaid Rialaithe in 2014. Ina measc uirlis seolta do fheirm ghaoithe lena gcinntítear oibríocht an chórais agus a éascaíonn rianú soiléir ar laghdú cumhacht gaoithe ar chúiseanna áitiúla nó córais.

Déanaimid ár ndícheall lena chinntiú gur féidir le gnóthaí a phléann go díreach lena gcustaiméirí brath ar sheirbhís shlán gan bhriseadh.



## Dul Chun Cinn ar Thionscadail Grid25 le Linn 2014

Rinneamar an-dul chun cinn ar roinnt tionscadal Grid25 le linn 2014, agus uasdátú déanta againn ar 140 km de línte a bhí ann cheana. Ina measc siúd chríochnaíomar an líne 220kv ó Chuileannach go dtí an tOileán Mór i mí an Mheithimh agus chríochnaíomar an líne 110 kv ó Chongal go Gleann Riabh i Mí Iúil. Chríochnaíomar freisin an t-uasrátú ar línte 110 kv ó Eas Chaitlín go Srath na nEach (Líne Uimh. 2) agus coill an Bharraigh go Cnoc Rátha (Líne Uimh. 1) i mí Dheireadh Fómhair.

Nascadh Feirm Ghaoithe na Breacánaí leis an gcóras tríd an gclaochladán nua 110/38 kv DSO i stáisiún 110 kv an Lisín agus fuinnimhíodh é ar an 29 Aibreán. Chuireamar 65 km de líne nua 110 kv leis an an gcóras tarcurtha nuair a fuinnimhíodh an líne 110 kv ón mBinn Bhán go Leitir Ceanainn i mí na Bealtaine 2014, agus chríochnáiomar an t-athchóiriú ar stáisiún 110 kv na hUaimhe i mí an Mheithimh 2014.

Chuireamar isteach iarratais phleanála le haghaidh cúig thionscadal i gcaitheamh 2014. Ina measc bhí iarratas ar thacaíocht fhreasaitheach ag stáisiún 220 kv an Phoill Bhig a cuireadh isteach um Mheitheamh; cead uasrátú a dhéanamh ar an líne 110 kv ó Bhéal Átha Chomhraic go Caisleán an Bharraigh a cuireadh isteach i mí Lúnasa; agus iarratas athchóiriú a dhéanamh ar stáisiún 220 kv Lú a chuireamar isteach i mí Mheán Fómhair.

Fuaireamar cead pleanála le haghaidh seacht dtionscadal in 2014. Ina measc bhí cead le haghaidh tionscadal athchumraithe busbarra, stáisiún 400 kv nua do thionscadal treisithe Laois go Cill Chainnigh, agus athchóirú stáisiún 220 kv Thairbirt.

## An tIdirnascaire Ceilteach - Nasc Idir Éire agus an Fhrainc


In 2014, chuireamar i gcríoch fiosrú tairisceana do shuirbhé mara ina raibh dhá chéim in 2014 agus in 2015. Críochnaíodh an chéad chéim um shamhradh 2014, agus tá an dara céim le bheith críochnaithe um earrach 2015. Is Tionscadal Leasa Choitinn é an tIdirnascaire idir Éire agus an Fhrainc agus tá EirGrid fós ag obair i bpáirt dhlúth le Réseau de transport d'électricité (Rté) chun na staidéir riachtanacha a chríochnú le go bhféadfar cinneadh a dhéanamh in 2016 cé acu an leanfar ar aghaidh leis an an bhforbairt tionscadail nó nach leanfar.

## Imeachtaí do Chustaiméirí in 2014


Chuir EirGrid roinnt imeachtaí agus ceardlanna ar siúl do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara lena n-áirítear: Fóraim Tionscail DS3 agus Comhairlí Comhairleacha, Seisiúin ar Thopaic Speisialta do Oibreoirí Margaidh, Fóram uile-oileáin do Ghineadóirí, fóraim I-SEM i gcomhpháirt leis na hÚdaráis Rialála chomh maith le roinnt mhaith grúpaí oibre Grid Code.


Tionóladh Comhdháil Chustaiméirí Ghrúpa EirGrid dar teideal "Comhtháthú Margaidh á Sheachadadh" i mBaile Átha Cliath ar an 22 Deireadh Fómhair 2014. D'fhreastail breis is 220 toscaire air agus ba é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Alastar de Faoite T.D. a d'oscail agus thug Juha Kekkonen, Leas-Uachtarán Oibreoir Córais Tarchurtha na Fionlainne Fingrid an príomhaitheasc. Bhí plé spéisiúil i measc an phainéil ina dhiaidh sin ar chomhtháthú an mhargaidh sular tosaíodh ar phlé ní ba mhine ar pheirspictíochtaí na gcustaiméirí.


## Rataí Fáis Fuinnimh Uile-Oileáin 2014




## Buaiceanna Seachtainiúil Uile-Oileáin




Praghas Imeallach
Córais agus Praghas Gáis
Meán Uailithe Toirte SMP
Meánphraghas Gáis
SMP (€/MWh)
€90
€80
€70
€60
€50
€40
€30
€20
€10
0
Praghas Gáis (Pinginí anTeirm)
90
80
70
60
50
40
30
20
10
Deir F-13
Samh-13
Noll-13
Ean-14
Feabh-14
Már-14
Aib-14
Beal-14
Meith-14
Iúil-14
Lun-14
Meán F-14


Toilleadh Iomportála Ceantáil
Táirge Praghas an Cheantáil
Bliantúil
Míosúil
Praghas Ceangail Cheantáil Iompórtála (€)
€14
€12
€10
€8
€6
€4
€2
0
Deir F-13
Samh-13
Noll-13
Ean-14
Feabh-14
Már-14
Aib-14
Beal-14
Meith-14
Iúil-14
Lun-14
Meán F-14

# Tionscnaimh Grid25

Um Eanáir 2014, gheallamar go dtabharfaimís isteach cúig thionscnamh nua mar chuid dár Straitéis Grid25. Ar mhaithe le himní ár bpairtithe leasmhara a mhaolú a rinneadh seo.

Is iad na tionscnaimh:

- Aird níos mó ar rogha faoi thalamh seachas os cionn talaimh, ar a ndéanfaidh Painéal Neamhspleách Saineolaithe (IEP) arna ainmniú ag an Rialtas athbhreithniú ar na roghanna;
- Ciste leasa pobail a thabhairt isteach do phobail agus do háitribh chónaithe a bhfuil piolóin nó stáisiúin nua suite gar dóibh;
- Tuairiscí ar shainréimsí na turasóireachta, na gcapall agus na talmhaíochta; agus
- Athbhreithniú saineolach arna thionscnú ag an Rialtas ar Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF);
- Athbhreithniú ar ár bpróiseas comhairliúcháin.

Tá obair fós ag gabháil ar aghaidh ar an tionscnamh chun aird níos mó a thabhairt ar an rogha faoi thalamh seachas os cionn talaimh. Tá tuairisc tugtha ag an IEP ar thionscadal an Idirnascaire Thuaidh-Theas, agus chuir an tionscadal Grid Thiar aighneacht faoi bhráid an IEP i mí Feabhra 2015, agus tá ag fanacht ar a dtuairim.

Táimid ag obair ar chiste leasa pobail a thabhairt isteach do gach tionscadal Grid25, agus tá tacaíocht tugtha dó sin ag páirtithe leasmhara gach tionscadail.

Seoladh ár saintuarascálacha ar an turasóireacht, an talamhaíocht agus ar thionscal na gcapall go dtí páirtithe leasmhara an tionscail i mí na Nollag 2014 agus mí Eanáir 2015. Foilseofar na tuarscálacha seo nuair a bheidh an t-aiseolas seo incorpraithe ann.

Tá obair ag gabháil ar aghaidh freisin ar athbhreithniú saineolach ar an EMF a thionscnaigh an Rialtas agus súil lena fhoilsiú in 2015.

Um Nollaig 2014, sheol EirGrid cur chuige nua i leith comhairliúchán poiblí ag éirí as athbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas comhairliúcháin a bhí ann go dtí seo. San athbhreithniú sin cuireadh béim ar an tábhacht atá le dul i dteagbháil leis an bpobal agus leis na pobail áitiúla a n-imríonn na tionscadail eangaí nua tionchar díreach orthu.

Cuireadh próiseas nua comhairliúchain phoiblí EirGrid le chéile ar chúiseanna áirithe mar seo a leanas:

- Lena mhíniú do phobail, do pháirtithe leasmhara agus do dhreamanna eile ar spéis leo é, an gá atá leis an eangach leictreachais a fheabhsú.
- Chun sás a sholáthar do na grúpaí agus do na daoine aonair seo le hionchur a bheith acu i ndearadh agus i bhforbairt na réiteach is fearr le freastal ar a gcuid riachtanas;
- Chun deis a thabhairt do dhaoine a n-imní faoi thionscail atá molta a chur in iúl go neamhbhalbh agus go bpléifí a n-imní úd leo, chomh fada agus is féidir, maidir le dearadh agus le cur i bhfeidhm na dionscadal;
- Faisnéis atá cruinn, intuigthe, agus atá bainteach leis na tionscadail atá molta agus na tionchair a bheidh acu a chur ar fáil go forleathan;

Tá an chéad ghlúine eile d'eolaithe agus d'innealtóirí á spreagadh ag ár gClár Scoile um Eolaíocht.



Úsáidtear na teicneolaíochtaí ceannródaíocha is déanaí anois, ar fheirmeacha na hÉireann; braitheann siad ar sholáthar leictreachais láidir agus sábháilte.



- Chun mionchuntas a thabhairt ar an dóigh a dtarlóidh an gcomhoibriú idir EirGrid / BSL agus feirmeoirí, úinéirí talún agus daoine eile lena mbaineann i dtaca le dearadh agus cur i bhfeidhm na dtionscadal, le linn dhearadh an tionscadail agus go dtí an tógáil agus an t-oibriú;
- Chun beartas EirGrid i dtaca le gnóthachan / cúiteamh pobail a mhíniú;
- Chun an leibhéal is mó tacaíochta a fhorbairt do thionscadail a theastaíonn ar mhaithe leis an leas coiteann;
- Chun ceanglais um chead pleanála agus na reachtaíochta ábhartha a chomhlíonadh;
- Chun feabhas a chur ar fheasacht maidir leis an dóigh a n-oibríonn an córas leictreachais agus maidir le ról EirGrid.

I gcur chuige úr EirGrid maidir le comhairliúchán poiblí cuimsítear cur i bhfeidhm 12 mholta, a chuirfear i bhfeidhm thar an gcéad 3-6 mhí eile. Rinneadh na tiomantais sin a ghrúpáil faoi thrí théama shoiléire:

## Téama 1: Cur Chuige Rannpháirtíoch a Fhorbairt

1. **Cumarsáid Shoiléir**
   Cinnteoimid go gcuirfear faisnéis i láthair ar mhodh simplí.
2. **Próiseas maidir le Comhairliúchán i bhForbairt Tionscadal**
   Cuirfimid feabhas ar éifeachtúlacht ár bpróisis chomhairliúchán chun deiseanna comhairliúcháin a shainiú go soiléir, chun míniú a thabhairt ar conas is féidir aiseolas a chur ar fáil agus chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar an eolas a fhaightear.
3. **Foireann Uirlisí do Chomhairliúcháin**
   Míneoimid na modhanna comhairliúcháin atá ar fáil go soiléir agus beidh ár ngeallsealbhóirí bainteach leis na modhanna sin a fhorbairt.
4. **Caidreamh Pobail Feabhsaithe**
   Cuirfimid foireann sna réigiúin chun idirphlé feabhsaithe le pobail áitiúla agus grúpaí sainleasa a éascú agus chun caidreamh fadtéarmach inmharthana a forbairt i gceantair áitiúla.
5. **Breithniú um Thionchar Sóisialta a Léiriú**
   Déanfaimid trédhearcacht an phróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta a mhéadú.

## Téama 2: Ár gCultúr agus ár bPróisis a Athrú

6. **Lámhleabhar um Chomhairliúcháin**
   Cruthóimid lámhleabhar um chomhairliúcháin ina leagfar amach cuspóir agus prionsabail ár bpróisis chomhairliúcháin, lena chinntiú go mbainfear na caighdeáin is airde amach.
7. **Comhsheasmhacht na Faisnéise**
   Déanfaidh athbhreithniú seasmhach ar thionscadal lena chinntiú go mbeidh bunriachtanas an líonra fós ann, go bhfuil an réiteach atá beartaithe oiriúnach agus go ndéanfar athruithe ar bith a chur in iúl ar mhodh a bheidh trédhearcach agus comhsheasmhach.
8. **Próiseas Gearán**
   Cuirfimid córas i bhfeidhm láithreach chun gearáin nó aiseolas a bhainistiú agus a fhiosrú. Áireofar air sin deiseanna a chur ar fáil chun gearán a fhiosrú agus a réiteach.

## Téama 3: Ceannaireacht agus Tacaíodh a Spreagadh

9. **Tacaíocht Lucht Déanta Beartas**
   Spreagfaimid gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht níos leithne maidir leis an bhfáth a bhfuil gá le bonneagar leictreachais úr nó feabhsaithe.
10. **Ionchur ó Ghrúpaí Ionadaíocha maidir le cur chuig EirGrid ar fhorbairt na heangaí**
    Forbróimid cur chuige struchtúrach maidir le hobair níos comhoibríche a dhéanamh le grúpaí ionadaíocha náisiúnta, agus leis na cumainn a aithnítear mar phríomhlucht tionchair.
11. **Fóraim Phlé Réigiúnaigh**
    Cruthóimid fóraim ina mbeifear ábalta idirphlé fiúntach a dhéanamh ar chúrsaí éagsúla teicniúla agus comhshaoil agus an eangach á forbairt.
12. **Monatóireacht agus Comhlíonadh Neamhspleách FLG**
    Cloífimid le moltaí ar bith ó athbhreithniú ar leith na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an taighde agus na forbairtí is déanaí i dtaca le réimsí leictreacha agus maighnéadacha. Déanfaimid fiosrú chomh maith ar an ról a d'fhéadfadh comhlacht neamhspleách a imirt sa réimse um monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil FLG maidir le comhlíonadh agus athdhearbhú araon.

Tá EirGrid tiomanta do na moltaí sin a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir, agus tá formhór na moltaí le bheith i bhfeidhm faoi lár 2015.

Tá tuilleadh sonraí le fáil maidir le gach ceann de na tiomantais sin ag www.EirGrid.com.

Tá cumhacht de dhíth i ngach teach chun maireachtáil nua-aimseartha a bhreoslú. Tugaimid aire don leictreachas, ionas gur féidir leatsa aire a thabhairt do do theaghlach.



# An Eoraip

Tháinig deireadh le timthriall amháin agus cuireadh tús le ceann eile san Eoraip in 2014. Tharla athruithe le toghchán Parlaiminte Eorpaí úir agus Coimisiúin Eorpaí úir ar dhéanamh institiúidí Eorpacha. Ar na hathruithe sin cruthaíodh Coimisinéir Aontas Fuinnimh, ag glacadh roinnt príomhacmhainní (Aontas Fuinnimh, Gníomhú ar mhaithe leis an Aeráid).

Tá sé ina phríomhbheartas fuinnimh de chuid an AE Margadh Leictreachais na hEorpa a chomhtháthú tuilleadh agus tá sé fós ina thosaíocht do Ghrúpa EirGrid. Beart suntasach a rinneadh in 2014 ná praghschúpláil rathúil lá roimh ré margaí leictreachais na hEorpa Thiar Theas agus na hEorpa Thiar Thuaidh an 13 Bealtaine 2014. Déanann sé sin an bealach a réiteach tuilleadh le haghaidh Margadh Leictreachais Inmheánach Eorpach a bhunú.

Cuideoidh comhtháthú margaí trí 'Spriocshamhail Mhargaigh AE' agus trí idirnasc fisiceach méadaithe le EirGrid a dhéanamh ina chuid de líonra níos leithne agus margadh níos láidre ar fud na hEorpa.

Spreag rannán Ghnóthaí Eorpacha EirGrid, a bunaíodh in 2013, tiomantais EirGrid do na tionscnaimh sin i rith 2014. Leis an scála agus tábhacht atá ag méadú maidir le tionscnaimh dá leithéidí in obair laethúil EirGrid cinntíodh go raibh bliain airgeadais 2014 ina bliain shuntasach don fhoireann um Ghnóthaí Eorpacha.

### Cóid Líonra

Mar chuid den aistriú i dtreo Margadh Leictreachais Inmheánach Eorpach, tá sraith úr rialacha á bhforbairt faoi láthair chun an nasc le córais tarchurtha agus margaí leictreachais agus a n-oibriú a rialú. Beidh an rialacha úra (Cóid nó Treoirlíne Líonra) tábhachtach maidir leis an margadh leictreachais a fhorbairt agus earnáil fuinnimh shlán, iomaíoch agus ísealcharbóin a bhaint amach.

D'imir foireann Ghrúpa EirGrid príomhról le linn 2014 maidir le forbairt Cóid Líonra. Le hobair ár bhfoirne agus ár gcomhghleacaithe ar fud na hEorpa cuireadh na chéad chóid chun cinn ar fud an Choimisiúin Eorpaigh an 5 Nollaig. Cuirfear an chuid eile chun cinn thar 2015. Beidh athrú suntasach i gceist le glacadh na gCód Líonra d'Éirinn agus do Ghrúpa EirGrid.

### Spriocshamhail Margaidh

Tá sé beartaithe Spriocshamhail an AE, ina gcuimsítear an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM), a chur beo i nDeireadh Fómhair 2017. Cuireann gluaiseacht an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) reatha isteach sa Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) dúshlán suntasach os comhair an Ghrúpa, agus beidh ionchur suntasach de dhíth ó EirGrid ina leith thar na blianta le teacht.

Chuir Údaráis Rialála na hÉireann (an Rialtóir Fóntas, RF agus an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, (CER) dearadh ardleibhéil an mhargaidh chun chin trí chinneadh i mí Mheán Fómhair 2014. I gcuideachta leis na hÚdaráis Rialála, chuir EirGrid tús le trialacha an algartaim um Lá Roimh Ré, ar a dtugtar Euphemia, agus leanfaidh sé de na sonraí atá oiriúnach lena n-úsáid sa I-SEM a mhionchoigeartú.

Rinneadh dul chun cinn maidir le dearadh mionsonraithe, thrí bhunú an Ghrúpa Idirchaidrimh Rialacha (GIR), ina gcuimsítear Rialtóirí, rannpháirtithe agus EirGrid. Chuir Grúpa EirGrid cion suntasach le forbairt na rialacha mionsonraithe tríd an ngrúpa seo.

Is iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) cnámh droma gheilleagar na hÉireann - tugaimid an chumhacht dóibh atá de dhíth orthu le fás.



Feidhmíonn Ionaid um Rialú i mBaile Átha Cliath agus sa Chaisleán Riabhach mar chroíláir ár n-eangaí, ina ndáiltear cumhacht san áit a dteastaíonn sé, nuair a theastaíonn sé, 24 uair an cloig, 365 lá sa bhliain.



## ENTSO-E

Is éard is ENTSO-E ann Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais, a bhfuil de chúram orthu OCTanna (oibreoirí córais tarchurtha) a chomhordú ar roinnt saincheisteanna beartais.

I measc na bpríomhthosaíochtaí do ENTSO-E tá forbairt agus cur i bhfeidhm na gCód Líonra, an Phlean Forbartha Líonra Deich mBliana, an Lár-Ardáin Trédhearcachta, na Comhshamhála Faisnéise agus an r-Bhealaigh 2050. Le linn 2014, d'oibrigh EirGrid le ENTSO-E ar réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Rinneadh an Stiúrthóir um Ghnóthaí Eorpacha, Ann Scully, ionadaíocht ar son EirGrid ar Bhord ENTSO-E, ag feabhsú agus ag neartú ár róil lárnaigh san Eoraip.

## Deimhniú OTC

Tugadh an próiseas um Dheimhniú OTC d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann chun críche in 2014. Mar thoradh air sin, aistríodh ról pleanála na gcóras tarchurtha i dTuaisceart Éireann ó Northern Ireland Electricity Limited go SONI Limited an 30 Aibreán 2014. Tríd seo a dhéanamh, beidh freagrachtaí an Oibreora Córais Tarchurtha mar an gcéanna sa dhá dhlínse.

## Tuilleadh Idirnaisc

Tá comhstaidéar féidearthachta á dhéanamh faoi láthair ag EirGrid agus ag oibreoir córais tarchurtha na Fraince, Réseau de transport d'électricité (Rte), chun imscrúdú a dhéanamh ar idirnasc idir Éire agus an Fhrainc, an "an tIdirnasc Ceilteach".

Rachadh an t-idirnasc idir Éire-an Fhrainc, dá bhforbrófaí é, trí chósta theas na hÉireann agus thrí chósta thiar thuaidh na Fraince, agus chuimseodh sé cábla thart ar 600km ar fad. Tá staidéir déanta againn cheana ina léirítear go mbeadh idirnasc tairbhiúil do thomhaltóirí leictreachais sa dá thír.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, cuireadh an tIdirnasc idir Éire-an Fhrainc ar an liosta um Thionscadail Leasa Choitinn arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach. Ní dhéanfar cinneadh maidir le cibé acu an rachfar ar aghaidh nó nach rachfar ar aghaidh leis an tionscadal beartaithe go dtí 2016 ar a luaithe agus dhéanfaí é lenár gcomhpháirtithe maidir leis an togra seo, Rte.

# Freagracht Shóisialta Chorparáideach Ag croílár gach rud a dhéanaimid

Tá cleachtais fhreagracha, inbhuanaithe lárnach d'éiteas EirGrid. Tá Freagracht Shóisialta Chorparáideach ag croílár straitéis ghrúpa EirGrid, ár bpleanála gnó agus ár gcórais bhainistíochta feidhmíochta.

Ciallaíonn Freagracht Shóisialta Chorparáideach a chinntiú go dtugtar urraim agus meas do riachtanais, ardaidhmeanna agus tuairimí na ndaoine a oibríonn linn agus iad siúd a bhaineann úsáid as ár seirbhísí.

Laistigh d'EirGrid, ciallaíonn sé sin timpeallacht oibre idéalach a chruthú don fhoireann go léir. Go seachtrach, ciallaíonn sé an caighdeán is airde seirbhíse a chinntiú dár gcustaiméirí agus dár ngeallsealbhóirí. Go hachomair, tá sé mar aidhm againn bheith ina mhór-oibreoir córais tarchurtha domhanda.

### Comhairliúchán poiblí - Próiseas úr, Soiléireacht úr

Tá roinnt freagrachtaí ag EirGrid, go háirithe an ghreille a fhorbairt chun soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil dár bpobail. Baineann sé sin leis an líonra a chothabháil agus a fheabhsú. Próiseas comhairleach is ea é sin, lena mbaineann duine ar bith a mbaineann tionscadal leo.

In 2014 rinne EirGrid athbhreithniú ar an dóigh a dtéimid i gcomhairle agus d'fhógair sé roinnt tiomantas. Tá siad sin deartha chun rannpháirtíocht níos mó sa phróiseas cinnteoireachta maidir le tionscadail amach anseo a chumasú.

### Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí a bheith nuálach, teicneolaíochtaí úra a chuimsiú agus cur chun cinn a dhéanamh an tionscal fuinnimh i gcoitinne a éascú. Spreagtar obair ar Eangach Chliste tríd ár gClár DS3. Lainseáladh Deais Eangaí Cliste Ghrúpa EirGrid, ina soláthraítear radharc fíor-ama den chóras cumhachta i mbliana chomh maith.

### Carthanacht? Táimid lom Dáiríre

Roghnaíonn ár bhfoireann dhá charthanas gach bliain. In 2014 ba iad sin Ospís Mhuire agus Marie Curie Cancer Care. Tá Rothaíocht Ghrúpa EirGrid, a tionóltar i gcuimhne ár gcomhghleacaí Joanne Kearney, ina dara bliain anois agus tiomsaítear airgead ann d'Ospís Mhuire i gCrois Araild.

Ghlac EirGrid páirt i Seachtain um Ghnó Freagrach chun tuiscint a fhorbairt ar FSC i ngníomh i measc na foirne. Tugann EirGrid tacaíocht do bhaill foirne a dhéanann obair dheonach trí airgead a thabhairt i leith tionscnamh ina bhfuil fostaithe bainteach.

Thug EirGrid urraíocht anuraidh i leith na nGradam Bia Euro-Toques don chúigiú huair. Aithníodh cúig tháirgeoir bia, ó gach cearn d'Éirinn, ag gradaim 2014 as a n-éachtaí suntasacha.

### Leictreachas a Thuiscint - ón Stáisiún Cumhachta go dtí an 'Playstation'

Le linn na bliana acadúla 2013/2014 thionóil EirGrid dó dhéag sheó bheo, idirghníomhacha eolaíocht scoile i mbailte ar fud na hÉireann. Tá na seónna deartha chun cuidiú le daltaí agus lena múinteoirí trialacha eolaíochta a ullmhú. D'fhreastail idir 200 agus 400 dalta ar gach seó, agus ghlac siad páirt i seisiúin Ceisteanna & Freagraí.

## For-rochtain Oideachais

Oibríonn EirGrid Clár um Fhoghlaim Chliste - For-rochtain Oideachais maidir le Stem agus Cumhacht. Clár ilghnéithe is ea an clár seo do dhaltaí agus do mhúinteoirí.

## Fostaíocht - ó Earcaíocht go Forbairt

Fostóir comhdheiseanna is ea EirGrid. Is é an cion inscne i measc na foirne 65% d'fhir agus 35% de mhná, agus tagann 6.5% de na fostaithe as taobh amuigh d'Éirinn. Tá 55/45 ionadaí fear/ban ar ár mBord faoi láthair.

Sholáthar EirGrid 2,200 uair d'oiliúint atá creidiúnaithe go seachtrach anuraidh sa raon leathan scileanna teicniúla a theastaíonn laistigh dár ngnólacht.

Tá naoi bhfostaí dhéag ag baint leas as na cúrsaí tríú leibhéal faofa trínár gclár um Thacaíocht Oideachais. Bhí ocht duine ag obair linn i mbliana ar ár gClár Iarchéime.

Lainseálamar suirbhé fostaithe i mí an Mhárta 2014 chun aiseolas a fháil ónár bhfoireann. Tá sé sin ag cuidiú linn le cumarsáid dhá bhealach a neartú ar fud na cuideachta.

## Clubanna agus Cumainn Foirne

- Coiste Sóisialta - Eagraíonn dhá fhoireann gníomhaíochtaí míosúla in oifigí Bhaile Átha Cliath agus Bhéal Feirste, lena n-áirítear tiomsú airgid do charthanais a ainmníonn an chuideachta.
- Rugbaí leaiste - Ghlac 15-20 ball foirne páirt i séasúr an tsamhraidh.
- Club Fichille - Bunaíodh an chéad Chlub Fichille/Táiplise i mbliana.
- Fás Féin é - Tá EirGrid ar cheann de na chéad chuideachtaí le grúpa 'Fás Féin é' (FFÉ) a bheith acu ag an obair. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh bhí malartú plandaí agus clinicí fáis.
- Club Reathaíocht EirGrid - Bunaíodh Club Reathaíocht EirGrid in 2012 chun daoine a spreagadh le tosú ag rith agus tá sé oscailte do gach leibhéal.

## Freagracht Chomhshaoil

Chuireamar roinnt tionscnaimh rathúil um inbhuanaitheacht i bhfeidhm lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus uisce, chomh maith le córais éifeachtacha bainistíochta agus athchúrsála dramhaíola a thabhairt isteach. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar na tionscnaimh sin agus cuireadh in iúl don fhoireann iad chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú.

Cuireadh síneadh agus obair athchóirithe ar oifigí Bhéal Feirste ag Teach an Chaisleáin Riabhaigh i gcrích i mí na Bealtaine 2014. Tairgfear timpeallacht oibre níos inbhuanaithe leis an tionscadal seo don fhoireann atá bunaithe i mBéal Feirste.

## Ní Chuirtear an tSábháilteacht i mbaol Choíche

Tá Grúpa EirGrid tiomanta do na caighdeáin is airde sláinte sábháilteachta agus leasa a bhaint amach agus a choimeád dá lucht oibre iomlán, agus do dhuine ar bith a dtéann ár ngníomhaíochtaí i gcion orthu.

Oibríonn EirGrid Córas Bainistíochta um Shláinte, um Shábháilteacht agus um Chomhshaol sábháilteacht bunaithe ar na caighdeáin is airde.

# An Bord



An líne chúil ó chlé go deas

**Richard Sterling**
**Niamh Cahill** RÚNAÍ NA CUIDEACHTA
**An Dr Gary Healy**
**Bride Rosney**
**Liam O'Halloran**
**An Dr Joan Smyth**

An líne thosaigh ó chlé go deas

**Doireann Barry**
**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
**John O'Connor** CATHAOIRLEACH
**Regina Moran**



# An Bord

**John O'Connor** CATHAOIRLEACH

Ceapadh John O'Connor mar Chathaoirleach Bhord EirGrid le héifeacht ó 12 Samhain 2013. Ó 2000 go 2011, bhí sé ina Chathaoirleach ar an mBord Pleanála, an binse náisiúnta neamhspleách um chinneadh achomhairc phleanála agus tionscadail straitéiseacha bhonneagair. Roimhe sin, d'fhóin sé ar feadh 35 bliain mar státseirbhíseach sa Roinn Comhshaoil áit a raibh poist shinsearacha aige mar Oifigeach Airgeadais, Príomhoifigeach Beartas agus Airgeadas agus an Rúnaí Cúnta Airgeadais ag an Rannán Pleanála agus Seirbhísí Uisce. D'fhóin sé chomh maith mar stiúrthóir ar thrí Chomhlacht Stáit tráchtála: an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, Temple Bar Properties agus Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord um Réiteach Piríte fosta. Tá dioplóma aige sa Riarachán Poiblí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**Fintan Slye** PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Ceapadh Fintan Slye mar Phríomhfheidhmeannach EirGrid an 1 Deireadh Fómhair, 2012. Bhí sé sa phost mar Stiúrthóir Oibríochtaí EirGrid roimhe sin, lena raibh an fhreagracht aige as oibriú an chórais chumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar chlár oibre EirGrid agus SONI chun comhtháthú príomhleibhéil athnuaiteán ar an gcóras cumhachta a éascú. Sular ceapadh é sa phost sin, d'oibrigh Fintan do McKinsey & Co ina n-oifig i mBaile Átha Cliath, ag tabhairt tacaíochta do chuideachtaí ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Roimhe sin, bhí roinnt róil tionscadail agus bainistíochta aige in Eangach Náisiúnta BSL agus BSL Idirnáisiúnta. Bhain Fintan Máistreacht amach i Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Máistreacht in Eolaíocht Innealtóireachta i 1993.

**An Dr Joan Smyth**

Ceapadh Joan Smyth ar Bhord EirGrid i mí an Mheithimh 2009. Tá sí ina Cathaoirleach ar Progressive Building Society agus is Stiúrthóir í ar Chomlachas Trinity Housing. Tá sí ina huachtarán chomh maith ar an gCros Dhearg, Tuaisceart Éireann. In 2009 chuir sí os cionn cúig bliana i gcrích mar Chathaoirleach ar an bhFóram Príomhfheidhmeannach. D'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Chuideachta Sealbhaíochta Iompair Thuaisceart Éireann ón 1 Iúil 1999 go 30 Meitheamh 2005 agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Chomhdheiseanna do Thuaisceart Éireann 1992 (Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1998) ag fanacht sa phost go dtí gur bunaíodh an Coimisiún Comhionannais úr i nDeireadh Fómhair 1999. Toghadh í ar Bhord Chomhairle na Sasana i mí Mheán Fómhair 1999 agus bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoiste i dTuaisceart Éireann. Tá Bsc (Eacnamaíocht) ag an Dr Smyth ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus tá sí ina Compánach den Fhoras Um Pearsanra agus um Fhorbairt. Is Measúnóir Neamhspleách í ar Cheapacháin Phoiblí. Is iar-Uachtarán Feidearálachta an Dr Smyth de Sheathras Soirbhíoch Idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Bronnadh CBE uirthi ag Liosta Gradam na Banríona don Úrbhliain, 1998.

### Richard Sterling

Tá Richard Sterling ina Iarstiúrthóir Bainistíochta ar é ar Coolkeeragh Power Limited atá bunaithe i nDoire, agus is iar-Uachtarán é ar Chumann Tráchtála Dhoire. Ceapadh é mar Chomhalta Boird ar Ilex, an Chuideachta um Athghiniúint Uirbeach do cheantar Chomhairle Cathrach Dhoire in 2003 agus d'fhóin sé mar Chathaoirleach Ghníomhach agus mar Leaschathaoirleach i rith na téarma sé bliana a chaith sé ann. Bronnadh OBE ar Richard in 2003 as seirbhísí don Choiste Bunscileanna agus do ghnó i dTuaisceart Éireann.

### Regina Moran

Ceapadh Regina Moran mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fujitsu (Ireland) Ltd. in 2009. I ndiaidh a hoideachais tríú leibhéal in Innealtóireacht a rinne sí i bPort Láirge agus Corcaigh, thosaigh gairm Regina mar Innealtóir Leictreonaice le Amdahl, déantóir mór-ríomhairí i 1986. Chuaigh sí ar aghaidh le bheith ina comhbhunaitheoir ar an ngrúpa seirbhísí agus comhairliúcháin i 1993. I 1997, bhí Regina ina comhbhunaitheoir ar DMR Consulting Ireland áit a raibh an ról aici mar an Stiúrthóir Oibríochtaí a bhí freagrach as Seachadadh Tionscadal. Ghnóthaigh Fujitsu DMR Consulting, ag cumasc ina dhiaidh sin le Fujitsu Services i mí Aibreáin 2004. Ceapadh Regina mar POF ar Fujitsu Services i mí Lúnasa 2006. Tá Regina ina Cathaoirleach i láthair na huaire ar ICT Ireland laistigh de Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus ina ball tofa de Chomhairle Chomhlachas tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IEI). Tá MBA ag Regina ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus bronnadh 'Gradam Sir Charles Harvey' uirthi mar gheall ar an méid ollmhór a bhain sí amach ina staidéar iarchéime. Tá sí ina comhalta ar Chomhairle Rialaithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus suíonn sí ar an gCoiste Iniúchóireachta.

### An Dr Gary Healy

Tá an Dr Gary Healy ina Cheann ar na Gnóthaí Seachtracha ag Vodafone Ireland. Bhí an Dr Healy ina Stiúrthóir um Fhorbairt Margaidh sa Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus comhairleach rialála le Jacobs & Associates agus PriceWaterhouseCoopers. Thug an Dr Healy comhairle do chliaint in Éirinn maidir le beartas rialála agus poiblí agus maidir le tionscadail ina dtacaítear le rialtais in Oirthear na hEorpa agus sa Mheánoirthear. Sular tháinig sé ar bord ComReg, bhí an Dr Healy ina Bhainisteoir le Thomson Reuters agus ina CFO ar fhochuideachta Citibank sa Ríocht Aontaithe. Tá PhD sa Dlí agus Rialtas ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag an Dr Healy, chomh maith le MBA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Máistreacht sa Nua-Stair ó Ollscoil Middlesex agus tá sé cáilithe mar chuntasóir chomh maith.

# An Bord

### Liam O'Halloran

Ina Stiúrthóir ar Premium Power, cuideachta bainistíochta um shócmhainní fuinnimh, faoi láthair tá taithí fhairsing bainistíochta sinsearaí ag Liam O' Halloran ar chuideachtaí ilnáisiúnta leictreonaice. Bhí poist ag Liam roimhe seo mar leas-Uachtarán Sinsearach DEx Europe, cuideachta atá bunaithe sna SA ina soláthraítear Seirbhísí Deisiúcháin agus Lóistíochta do mhórchuideachtaí ilnáisiúnta leictreonaice agus mar leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Eorpacha Le Jabil Global Services, cuideachta seirbhísí leictreonaice domhanda. Agus é ina úinéir ar Alcomis, comhairleacht forbartha cuideachta, bhí Liam ina Stiúrthóir um Oibríochtaí Custaiméirí agus um Rialú chomh maith ag Magnet Networks agus d'fhóin sé níos déanaí mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar ALTO, Cumann na nOibreoirí Malartacha Teileachumarsáide.

### Bride Rosney

Tá Bride Rosney ina Rúnaí i láthair na huaire ar Bhord Iontaobhaithe Fhondúireacht Mháire Mhic Róibín – Climate Justice agus ba í a bhí ar an gcéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin air. Bhí sí ina Stiúrthóir Cumarsáide le RTÉ ó 2001 go 2009 agus d'oibrigh sí san earnáil phríobháideach mar shainchomhairleoir cumarsáide sna nuatheicneolaíochtaí agus sna healaíona ón mbliain 1998 go 2001. Idir 1990 agus 1997, d'oibrigh sé mar Chomhairleoir Speisialta do Mháire Mhic Róibín ar feadh tréimhse 8 mbliana, le linn a cuid ama mar Uachtarán na hÉireann agus mar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Céimí le hEolaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus le Cleachtas Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus os cionn fiche bliain taithí aici ar oideachas agus taighde oideachais ar an dara leibhéal agus tríú leibhéal araon, d'oibrigh Bride roimhe sin mar mhúinteoir, mar thaighdeoir oideachais agus mar phríomhoide scoile.

### Doireann Barry

Ceapadh Doireann Brady ar Bhord EirGrid i mí na Nollag 2011 ar feadh tréimhse cúig bliana, i ndiaidh di a bheith tofa mar ionadaí foirne EirGrid. Tá sí ag obair san tionscal leictreachais ó bhí 1999 ann agus d'oibrigh sí ina lán réimsí ar fud EirGrid. Ina ról reatha, mar Bhainisteoir Chláir SmartGrid, tá an fhreagracht aici as comhordú na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le Smart Grid i nGrúpa EirGrid. Rinneadh sí ionadaíocht don chuideachta ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus mar chainteoir ag comhdhálacha. Is céimí Innealtóireacht Leictrí í ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus tá sí ina comhalta d'Innealtóirí na hÉireann.

Tá níos mó agus níos mó den leictreachas lena gcumhachtaítear ár dtithe ag teacht ó theicneolaíochtaí in-athnuaite.



# Struchtúr Eagrúcháin

Oifigí SONI, Teach an Chaisleáin Riabhaigh, Béal Feirste.




Eangaí don Todhchaí
**Michael Walsh**
Forbairt Eangaí
**John Fitzgerald**
Gnóthaí na hEorpa
**Ann Scully**
Acmhainní Daonna
**Siobhán Toale**

# Foireann Feidhmiúcháin

Tá ár bPríomhfheidhmeannach, Fintan Slye, ina cheann ar an bhfoireann Feidhmiúcháin.
Tá beathaisnéis iomlán do Fintan ar leathanach 36.

**Niamh Cahill**

Is Rúnaí Cuideachta agus Dlíodóir Cuideachta í an Dlíodóir Niamh Cahill do EirGrid cpt, an tOibreoir Córais Tarchurtha leictreachais agus i gcomhar le SONI Ltd, an tOibreoir Margaidh Leictreachais Aonair le haghaidh Oileán na hÉireann. Tá BA (Onóracha) agus LLB (Onóracha) ag Niamh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus BL ó Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath. Glaodh chun an Bharra in Éirinn í i 1985 agus glaodh chun Bharra na Ríochta Aontaithe (Middle Temple Inn) í i 1988. Tá taithí fhairsing aici ar chleachtas príobháideach (na Ceithre Chúirteanna, Éire) agus mar Abhcóide intí dlíthiúil áit ar oibrigh sí do raon leathan mórchuideachtaí príobháideacha agus poiblí idirnáisiúnta i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe. Sular tháinig sé ar bord EirGrid, d'oibrigh Niamh mar Dhlíodóir tráchtála sinsearach laistigh de Ghrúpa BSL, áit a raibh an fhreagracht aici as raon leathan rioscaí dlíthiúla tráchtála a mhaolú agus a bhainistiú i margadh leictreachais na hÉireann agus d'infheistíochtaí idirnáisiúnta BSL.

**Robin McCormick**

Tá taithí shuntasach ag Robin McCormick sa tionscal cumhachta i dtimpeallacht rialaithe fóntais. Tá sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar SONI & SEMO agus tá an fhreagracht aige as fhoireann ghairmiúil baill foirne a sheachadann seirbhísí córais agus oibriúcháin margaidh. Bhí roinnt post sinsearach straitéiseach agus teicniúil aige roimhe sin in NIE. Tá Robin ina Chomhalta d'Institiúid na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta agus ina chomhalta de Ghrúpa Beartais Innealtóireachta IET – Tuaisceart Éireann. Tá MBA aige ó Ollscoil Uladh, Baile Shiurdáin, agus MSc ó Ollscoil Napier, Dún Éideann.

**Aidan Skelly**

Thosaigh Aidan Skelly ag obair le EirGrid mar Príomhoifigeach Airgeadais i mí an Mheithimh 2005. Bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin le Waterford Stanley Limited. D'oibrigh sé le Waterford Crystal ó 1987 go 2002, agus i rith na tréimhse sin bhí roinnt poist airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Fuair sé oiliúint mar Chuntasóir Cairte le PricewaterhouseCoopers agus is céimí Tráchtála é de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá MBS aige chomh maith ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.







**Rodney Doyle**

Rinneadh Stiúrthóir um Sheirbhísí Faisnéise do Rodney Doyle i mí Feabhra 2013. Roimhe sin bhí roinnt poist bhainistíochta ag Rodney in EirGrid, an post is déanaí mar Bhainisteoir um Chomhtháthú Margaidh na hEorpa agus roimhe sin bhí sé ina Bhainisteoir ar thionscadal ullmhachta an Idirnascaire Thoir Thiar agus bhí sé ina bhainisteoir ar Sheirbhísí Coimhdeacha. Ar fud a ról, stiúir Rodney tionscadail chun mórchórais agus mórbheartais a úsáidtear inniu ar fud an mhargaidh leictreachais agus naleictreachas OTCanna a sheachadadh. Sular thosaigh sé le EirGrid agus Eangach Náisiúnta BSL, d’oibrigh Rodney mar an bpríomhchomhairleoir i rannán líonraí Údarás Iomaíochta na Nua-Shéalainn ag díriú ar cheisteanna maidir le rialú/dearadh margaidh leictreachais agus gáis, agus d’oibrigh sé roimhe sin i gcomhairleacht. Tá Rodney ina chomhalta ar roinnt príomhghrúpaí Eorpacha OTC agus comhoibrithe margaidh. Tá BA (Eacnamaíocht), MA (Eacnamaíocht) agus MBA ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag Rodney.



**Andrew Cooke**

Ina ról mar Stiúrthóir Oibríochtaí, tá Andrew Cooke freagrach as aige as oibriú an chórais chumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar chlár oibre EirGrid agus SONI chun comhtháthú príomhleibhéil athnuaiteán ar an gcóras cumhachta a éascú. Roimh an ról seo, bhí post ag Andrew Cooke mar Stiúrthóir na Forbartha Eangaí, áit a bhfuil freagracht aige as pleanáil, forbairt agus cothabháil an líonra tarchuir agus as seachadadh Thionscadal an Idirnascaire Thoir Thiar Agus é ina chéimí de chuid Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, tá BSC aige san Innealtóireacht Leictreach. Tá taithí os cionn 30 bliain aige ag obair sna réimsí um oibríochtaí córais tarchurtha agus pleanáil dearadh margaidh agus rialú.



# Foireann Feidhmiúcháin

**Rosemary Steen**

Tá Rosemary Steen ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Poiblí. Tháinig Rosemary ar bord EirGrid in 2014 agus tá taithí fhairsing aice i nGnóthaí Corparáideacha, Caidreamh Rialtais agus Freagracht Shóisialta Chorparáideach ó na hearnálacha Teileachumarsáide, Fóntas agus Comhlachtaí Tionscal Gnó. Bhí poist Shinsearacha aige roimhe seo, in Vodafone, Shell agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann. Tá BA ag Rosemary san Eacnamaíocht agus san Fhealsúnacht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, MBS i Lóistíocht agus Déantúsaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Dioplóma Iarchéime sa Staideár Dlí ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

**Michael Walsh**

Thosaigh Michael Walsh le EirGrid mar Stiúrthóir na nEangach don Todhchaí i mí Mheán Fómhair 2011. Sular tháinig sé ar bord EirGrid, bhí Michael ina Phríomhfheidhmeannach ar Chumann na Gaoithe Teo. Roimhe seo, bhí Michael ina bhainisteoirí ar fhorbairt margaidh ag EirGrid áit a raibh príomhról aige i bhforbairt rathúil an Mhargaidh Leictreachais Aonair. I measc na ról eile a bhí aige roimhe seo bhí Bainisteoir na Seirbhísí Coimhdeacha ag EirGrid agus léachtóir san Innealtóireacht Leictreach ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí Michael ina chomhalta boird ar Chumann Fuinneamh Gaoithe na hEorpa idir 2008 agus 2011. Tá BE, PhD agus MBA ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag Michael. Tá sé ina comhalta Innealtóirí na hÉireann.

**John Fitzgerald**

Ceapadh John Fitzgerald mar Stiúrthóir na Forbartha Eangaí i mí Feabhra 2013. Bhí sé sa phost roimhe seo mar Stiúrthóir Tionscadal don Idirnascaire Thoir Thiar ó bhí 2007 ann. Sular tháinig sé ar bord EirGrid, bhí John ag obair i bhforbairt ghnó le BSL Idirnáisiúnta, áit a raibh roinnt poist bhainistíochta aige. Bhí John bainteach i bhforbairt rathúil mórthionscadal um bonneagar fuinnimh agus um thionscnaimh chorparáideacha sna hearnálacha leictreachais agus gáis ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Agus é ina chéimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus, is Baitsiléir Innealtóireachta Leictrí é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.







**Ann Scully**

Is í Ann Scully an Stiúrthóir de chuid EirGrid a bhfuil freagracht aici as Gnóthaí na hEorpa. Roimh an ról seo, bhí sí ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí Faisnéise agus roimhe sin bhí sí ina Stiúrthóir ar an Tionscadal Uile-Oileáin. In éineacht lena contrapháirt in SONI, bhí sé freagrach as an gclár chun bunú an Mhargaidh Leictreachais Aonair uile-oileáin a bhaint amach faoin spriocdháta a aontaíodh chun 'dul beo', an 1 Samhain 2007. Sular thosaigh sí ag obair ar an tionscadal seo, bhí roinnt poist bhainistíochta agus róil tionscadail aice in Eangach Náisiúnta BSL agus BSL, lena n-áirítear bunú an mhargaidh mhórdhíola agus leictreachais in Éirinn in 2000 agus bhí sí ina POF in ESBI Alberta Ltd, an Riarthóir Tarchurtha in Alberta, Ceanada. Agus é ina chéimí de chuid Coláiste na Tríonóide, tá céim aici san Innealtóireacht Leictreach.



**Siobhán Toale**

Tá Siobhán Toale ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna. Thosaigh Siobhán le EirGrid in 2013 agus tá taithí fhairsing aice in Acmhainní Daonna, Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíocht Athruithe ó na tionscail Teileachumarsáide agus Bhaincéireachta. Tá poist shinsearacha acmhainní daonna aici roimhe seo, in eircom, Telefonica 02 Ireland agus i nGrúpa Bhanc na hÉireann. Tá Bsc (Ríomhaireacht) ag Siobhán ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus MSc in Iompar Eagraíochtúil Ó Birbeck College, University of London.



Déanann ár bhfoireann tiomanta forbairt na heangaí a phleanáil chun d'fhoinse fuinnimh a chinntiú anois agus amach anseo.



# Ráitis Airgeadais

Tuarascáil na Stiúrthóirí **48**
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Chomhaltaí EirGrid cpt **58**
An Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite **60**
An Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach **61**
Ráiteas na Cuideachta um Ioncam Cuimsitheach **61**
Clár Comhardaithe Comhdhlúite **62**
Clár Comhardaithe na Cuideachta **63**
An Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe ar Chothromas **64**
Ráiteas na Cuideachta maidir le hAthruithe ar Chothromas **65**
An Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid Thirim **66**
Ráiteas na Cuideachta maidir le Sreabhadh Airgid Thirim **67**
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais **68**

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta de chuid an Ghrúpa i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.**

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa seirbhísí ardchaighdeáin nasctha, tarchurtha agus margaidh a chur ar fáil do ghineadóirí, do sholáthróirí agus do chustaiméirí a bhaineann úsáid as an gcóras leictreachais ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá freagracht ar EirGrid cpt chomh maith as an mbonneagar eangaí riachtanach a leagan amach d'fhonn tacú le forbairt gheilleagair na hÉireann agus Thuaisceart na hÉireann. Tá an Grúpa freagrach freisin as feidhmiú an mhargaidh mhórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann. Is leis an nGrúpa, agus feidhmíonn sé, an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) lena nasctar na heangacha leictreachais in Éirinn agus an Bhreatain Mhór le chéile.

Bailíonn an Grúpa taraifí chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Mar gheall ar na taraifí sin, táthar in ann dreasachtaí a chruthú agus toradh rialaithe as caipiteal a infheistítear sa ghnó, rud a ghinfidh luach don Ghrúpa amach anseo.

## Torthaí agus Athbhreithniú ar an nGnólacht

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim ar leathanach 60 agus i nótaí 1 go 30 a ghabhann leis.

Is í an bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 an tréimhse atá á tuairisciú anseo. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Scoilteadh tionchar an EWIC ar an Ráiteas Ioncaim chun cabhrú le comparáidí a dhéanamh. Tá sonraí breise ar an EWIC le fáil i Nóta 7, lena n-áirítear an tionchar ar an mbrabús atá tuairiscithe don bhliain reatha.

An 1 Bealtaine 2014, aistríodh an fheidhm phleanála tarchurtha ó Northern Ireland Electricity Limited (NIE) go SONI Limited. Tháinig an t-aistriú sin sna sála ar athruithe ar cheadúnas SONI a bheith sínithe sa dlí ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, rud a thug éifeacht don aistriú. I gcomhar leis na hathruithe ceadúnais, d'fhaomh Rialálaí Fóntas Thuaisceart Éireann na Socruithe athbhreithnithe Comhéadan Tarchurtha.

Tá nótaí tráchta ar fheidhmíocht le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014, lena n-áirítear faisnéis faoi imeachtaí le déanaí agus faoi fhorbairtí amach anseo, le fáil i dTuarascáil an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Grúpa tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Le linn na bliana, chloígh an Grúpa leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais an 15 Meitheamh 2009. Leagtar amach sa Chód prionsabail an rialachais chorparáidigh nach mór do Bhoird Chomhlachtaí Stáit cloí leo. Cloíonn an Grúpa chomh maith leis na hoibleagáidí rialachais chorparáidigh agus le hoibleagáidí eile a fhorchuirtear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Tá aird ag an nGrúpa freisin ar phrionsabail Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe arna leasú i mí Mheán Fómhair 2012 agus ar Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann arna heisiúint i mí na Nollag 2010.

## Prionsabail an Dea-Rialachais

### Comhaltaí an Bhoird

Tá Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, an Príomhfheidhmeannach i gcáil Stiúrthóir feidhmiúcháin, Stiúrthóir um ionadaí fostaithe agus seachtar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an mBord. Ceapann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na Stiúrthóirí ar fad agus leagtar amach a dtéarmaí oifige i scríbhinn.

### An Bord

Cé go bhfuil an fhreagracht i dtaobh cheannaireacht agus rialú laethúil an Ghrúpa ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar a Fhoireann Bhainistíochta, laistigh de theorainneacha sainithe údaráis, is ar an mBord atá an fhreagracht deiridh as feidhmíocht an Ghrúpa.

Tá eolas ag na Stiúrthóirí ar Chód Iompraíochta Gnó an Ghrúpa do Stiúrthóirí agus d'aontaigh siad ar fad cloí leis.

Tá nósanna imeachta ann chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus an Chathaoirligh.

Tá sceideal foirmiúil ag an mBord maidir le cúrsaí ar leith a ndéantar cinneadh orthu ag Cruinnithe Boird a reáchtáiltear go míosúil de ghnáth. Cuirtear páipéir an Bhoird, lena n-áirítear ráitis airgeadais mhíosúla, chuig comhaltaí an Bhoird an tseachtain roimh na Cruinnithe Boird.

Tig le Comhaltaí den Bhord, ar mhaithe lena ndualgais, comhairle neamhspleách ghairmiúil a lorg. Tá rochtain ag gach Comhalta den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá clúdach árachais ann chun Comhaltaí agus Oifigigh an Bhoird a chosaint in aghaidh dliteanais a d'ardódh ó chúrsaí dlí a thógfaí ina n-aghaidh agus iad i mbun a gcuid dualgas.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe inmheánacha lena n-áirítear rialú airgeadais, comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Mar a thugtar le fios sa chuid a bhaineann le Rialú Inmheánach i dTuarascáil na Stiúrthóirí, níor shainaithin an Bord aon teip ná laige a mheastar a bheith suntasach agus níor cuireadh é ar an eolas fúthu ach oiread.

### Coistí an Bhoird in 2014

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord le cuidiú i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí, rud ina bhfuil roinnt fochoistí. Is iad na cúig fhochoiste bhuana an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Luach Saothair, an Coiste um Bonneagar Eangaí, Coiste na bPinsean agus an Coiste Gnóthaí Poiblí.

Is é an fheidhm atá ag an gCoiste Iniúchóireachta cuidiú leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus leis an bpróiseas iniúchóireachta, monatóireacht a dhéanamh ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán, lena n-áirítear an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Bord sásta go raibh comhalta amháin ar a laghad den Choiste ag a raibh taithí chuí airgeadais le déanaí ag gach am le linn na bliana.

Tá aird ag EirGrid ar bheartas Rialtais i ndáil le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh. Is é an Coiste Luach Saothair, le toiliú na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneann luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Faomhann an Coiste struchtúr an luacha saothair don Lucht Ardbhainistíochta chomh maith.

Is é feidhm an Choiste um Bonneagar Eangaí maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise forbartha eangaí agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a mheastar a thiocfaidh chun cinn le haghaidh fhormheas Chéim 1 go luath amach anseo.

Is é feidhm Choiste na bPinsean monatóireacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht oibleagáidí pinsin éagsúla Ghrúpa EirGrid a rinneadh agus ar inmharthanacht leanúnach gach ceann de na scéimeanna.

Is é feidhm an Choiste Gnóthaí Poiblí maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthaí poiblí agus ar chaidreamh le páirtithe leasmhara ar fud an Ghrúpa ar fad.

## Freastal ar Chruinnithe

### Cruinnithe Boird

Reáchtáladh dhá Chruinniú Boird déag le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Bhoird ar na Cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastai | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach) (ceaptha an 12 Samhain 2013) | 11 | 9 |
| Doireann Barry | 12 | 12 |
| Gary Healy | 12 | 11 |
| Martina Moloney (imithe ar scor an 15 Meán Fómhair 2014) | 11 | 10 |
| Regina Moran | 12 | 10 |
| Liam O'Halloran | 12 | 12 |
| Bride Rosney | 12 | 11 |
| Fintan Slye | 12 | 12 |
| Joan Smyth (téarma imithe in éag an 15 Meitheamh 2014, téarma sínte an 16 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2019) | 12 | 11 |
| Richard Sterling (téarma imithe in éag an 15 Meitheamh 2014, téarma sínte an 16 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2019) | 12 | 10 |

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird tráth shíniú na ráiteas airgeadais: John O'Connor (Cathaoirleach), Doireann Barry, Gary Healy, Regina Moran, Liam O'Halloran, Bride Rosney, Fintan Slye, Joan Smyth agus Richard Sterling.

### An Coiste Iniúchóireachta

Reáchtáladh sé Chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastai | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| Richard Sterling (Cathaoirleach) | 6 | 6 |
| Doireann Barry | 6 | 6 |
| Gary Healy | 6 | 5 |
| Joan Smyth (téarma imithe in éag an 15 Meitheamh 2014, téarma sínte an 16 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2019) | 6 | 6 |

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta tráth shíniú na ráiteas airgeadais: Richard Sterling (Cathaoirleach), Doireann Barry, Gary Healy agus Joan Smyth.

### An Coiste Luach Saothair

Reáchtáladh cúig Chruinniú de chuid an Choiste Luach Saothair le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| Joan Smyth (Cathaoirleach) (téarma imithe in éag an 15 Meitheamh 2014, téarma sínte an 16 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2019) | 5 | 5 |
| Martina Moloney (imithe ar scor an 15 Meán Fómhair 2014) | 5 | 5 |
| Liam O'Halloran | 5 | 5 |
| John O'Connor (ceaptha an 17 Meán Fómhair 2014) | 0 | 0 |

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Luach Saothair tráth shíniú na ráiteas airgeadais: Joan Smyth (Cathaoirleach), Liam O'Halloran agus John O'Connor.

### An Coiste um Bonneagar Eangaí

Reáchtáladh sé Chruinniú de chuid an Choiste um Bonneagar Eangaí le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastai | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| John O'Connor (Cathaoirleach) (ceaptha an 19 Feabhra 2014, ceaptha mar Chathaoirleach an 4 Meán Fómhair 2014) | 4 | 4 |
| Martina Moloney (Cathaoirleach) (imithe ar scor an 4 Meán Fómhair 2014) | 6 | 6 |
| Liam O'Halloran | 6 | 6 |
| Bride Rosney | 6 | 5 |
| Richard Sterling (téarma imithe in éag an 15 Meitheamh 2014, téarma sínte an 16 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2019) | 6 | 6 |

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Bonneagar Eangaí tráth shíniú na ráiteas airgeadais: John O'Connor (Cathaoirleach), Liam O'Halloran, Bride Rosney agus Richard Sterling.

### Coiste na bPinsean

Reáchtáladh sé Chruinniú de chuid Choiste na bPinsean le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar na cruinnithe sin:

| | I dTeideal Freastail | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| Regina Moran (Cathaoirleach) | 6 | 6 |
| Doireann Barry | 6 | 6 |
| Gary Healy | 6 | 6 |
| Fintan Slye | 6 | 6 |

Is iad seo a leanas comhaltaí Choiste na bPinsean tráth shíniú na ráiteas airgeadais: Cathaoirleach), Doireann Barry, Gary Healy agus Fintan Slye.

### An Coiste Gnóthaí Poiblí

Bunaíodh an Coiste Gnóthaí Poiblí an 12 Meán Fómhair 2014. Reáchtáladh Cruinniú amháin de chuid an Choiste Gnóthaí Poiblí le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014. Leagtar amach thíos freastal Chomhaltaí an Choiste ar an gcruinniú sin:

| | I dTeideal Freastail | Líon Freastalta |
|---|---|---|
| Bride Rosney (Cathaoirleach) | 1 | 1 |
| Liam O'Halloran | 1 | 1 |
| Joan Smyth | 1 | 1 |

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Gnóthaí Poiblí tráth shíniú na ráiteas airgeadais: Bride Rosney (Cathaoirleach), Liam O'Halloran agus Joan Smyth.

## Rioscaí Bunairgid agus Neamhchinnteachtaí

### Bainistíocht Riosca

Tá próiseas cuí um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa a shainaithníonn na rioscaí móra a bhfuil sé neamhchosanta orthu agus cinntíonn sé go dtógtar na bearta maolaithe cuí um maolú riosca. Déanann feidhm iniúchta inmheánaigh an Ghrúpa athbhreithniú leanúnach ar na córais agus ar na rialuithe inmheánacha ar fud an ghnólachta, déanann siad moltaí i gcomhair feabhais agus tugann siad tuarascálacha don Choiste Iniúchta.

### Bainistíocht Riosca Airgeadais

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa le riosca leachtachta, le riosca margaidh (go háirithe riosca ráta malairte eachtraí, riosca ráta úis agus riosca sreafa airgid) agus le riosca creidmheasa. Déanann an Bord athbhreithniú, leasú agus formheas rialta ar bheartais a chosnaíonn an Grúpa ar na rioscaí sin de réir mar is cuí.

Is é príomhriosca airgeadais an Ghrúpa nach bhfuil leachtacht imleor sa chás go bhfuil fo-ghnóthú rialála suntasach ann. Féachann an Bord lena chinntiú go mbíonn dóthain línte baincéireachta leagtha síos chun a leithéid de riachtanas a mhaoiniú, ar feitheamh gnóthú i dtréimhse praghsála rialála ina dhiaidh sin.

Scaoileann an Grúpa a chuid oibleagáidí mar Oibreoir Margaidh trí chomhfhiontar conartha. De réir théarmaí an Chóid Tráchtála agus Socraithe le haghaidh an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM), ceanglaítear ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar de réir leibhéil a fhógraíonn an tOibreoir Margaidh dóibh. Is féidir a leithéid de chlúdach creidmheasa a sholáthar trí litir chreidmheasa theannta neamh-inchúlghairthe nó trí thaisce airgid arna coinneáil i gcuntas chúlchiste comhthaobhach SEM (cuntais slándála arna gcoinneáil in ainm na rannpháirtithe sa mhargadh). Comhroinntear aon drochfhiach a éiríonn san SEM, sa mhéid agus a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, idir gineadóirí agus ní íocann an tOibreoir Margaidh as. Tá socruithe cuí i bhfeidhm chomh maith chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar riosca creidmheasa an Ghrúpa a éiríonn óna ghníomhaíochtaí mar Oibreoir Córais Tarchurtha.

Mar ghnólacht rialaithe atá ag feidhmiú in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ní bhaineann gníomhaíochtaí an Ghrúpa mar Oibreoir Córais Tarchurtha le haon mhór-rioscaí praghsála ná le haon mhór-rioscaí suntasacha malairte eachtraí. Faigheann an Grúpa tuairim is 22% dá ioncam ón Ríocht Aontaithe, áfach, agus, dá bhrí sin, tá sé neamhchosanta ar luaineacht airgeadra Euro/Steirling. Maolaítear cuid den riosca de bharr ainmniú bhunús an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe i Steirling. Tá tuilleadh iarrachtaí á ndéanamh ag an nGrúpa an neamhchosaint sin a mhaolú níos mó trí oibríochtaí sa Ríocht Aontaithe a mhaoiniú le hiasachtaí Steirling.

Maoiníonn an Grúpa roinnt dá oibríochtaí le hiasachtaí. Féachann an Grúpa le híoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na rioscaí rátaí úis a thagann óna ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus airgeadais trí úsáid a bhaint as ionstraimí díorthacha airgeadais chun neamhchosaintí riosca a fhálú. Chuaigh an Grúpa i ndíorthaigh ráta úis le rátaí úis a shocrú maidir lena chuid fiach. Ní théann an Grúpa in ionstraimí airgeadais, ná ní thrádálann sé iad, lena n-áirítear ionstraimí díorthacha airgeadais, chun críocha amhantracha.

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go dteipfidh ar chontrapháirtí a oibleagáidí conartha a chomhlíonadh, rud as a dtiocfaidh caillteanas airgeadais don Ghrúpa. Tá an Grúpa nochta do riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc aige. Maolaíonn an Grúpa a nochtadh trí chistí a chur i roinnt institiúidí airgeadais ag a bhfuil rátáil chreidmheasa ó ghníomhaireacht neamhspleách rátála ar aon dul leis an mBeartas Cistíochta a d'fhormheas an Bord. Tá an Grúpa nochta do riosca contrapháirtí leis i leith áiseanna neamhtharraingthe agus ionstraimí ráta úis malairte. Ar aon dul lenár mBeartas Cistíochta, ní phléann an Grúpa ach le contrapháirtithe ag a bhfuil ardrátaí creidmheasa leis an riosca sin a mhaolú.

Is é beartas agus cleachtas an Ghrúpa sonraisc a íoc go pras de réir téarmaí agus coinníollacha a aontaítear le soláthróirí.

## Bainistíocht Riosca Oibriúcháin

Tá an Grúpa freagrach as feidhmiú slán na gcóras tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, as bainistíocht sócmhainní agus as feidhmiú an Idirnascaire Thoir-Thiar agus as feidhmiú an Mhargaidh Aonair Leictreachais uile-oileáin. Tá clár iomlán i bhfeidhm chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh. Áirítear leis sin:

- Suíomhanna cúltaca do na lárionaid rialaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, a thástáiltear go rialta;
- Modhanna oibre cuimsitheacha oibriúcháin agus socruithe cuimsitheacha cothabhála don Idirnascaire Thoir-Thiar;
- Clár cuimsitheach árachais atá leagtha síos i gcomhar le sainchomhairleoirí árachais;
- Modhanna oibre cuimsitheacha oibriúcháin don chóras cumhachta, modhanna a ndéantar athbhreithniú rialta orthu agus atá ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
- Caighdeáin agus beartais chothabhála eangaí, mar aon le tacaíocht ó Chomhaontú Bonneagair sonrach le BSL mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn;
- Caighdeáin Slándála agus Phleanála don Chóras Tarchurtha, a fhaigheann tacaíocht ó Shocrú Comhéadan Tarchurtha le NIE mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha i dTuaisceart Éireann;
- Tacú leis an gcéim réamhfhorbartha d'fhorbairt an líonra in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag Oifig um Bainistíocht Clár a bheidh lánfheidhmiúil agus ag a mbeidh beartais, próisis agus rialuithe atá éifeachtach agus cuí; agus
- Fócas leanúnach bainistíochta ar gach gné de shláinte agus sábháilteacht. Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (deimhnithe de réir OHSAS 18001) formheasta agus curtha i bhfeidhm.

## Rialuithe Inmheánacha

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na beartais, próisis, tascanna, iompraíochtaí agus gnéithe eile de Ghrúpa a dhéanfaidh na nithe seo a leanas nuair a chuirtear le chéile iad:

- Oibríochtaí éifeachtacha éifeachtúla a éascú trí chur ar chumas an Ghrúpa freagairt do rioscaí;
- Cáilíocht an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh a chinntiú; agus
- Comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na mbeartas inmheánach infheidhme a chinntiú.

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córais an Ghrúpa um rialú inmheánach agus as monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus chuige sin, is é aidhm an Bhoird córas ceart um rialú inmheánach a chothabháil le leasanna na scairshealbhóirí agus le sócmhainní an Ghrúpa a chosaint. Ceaptar na córais sin chun dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha. Chun a dhualgas a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíonfar an reachtaíocht agus na rialacháin, bhunaigh an Bord struchtúr eagrúcháin lena mbaineann nósanna soiléire imeachta um thuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, deighilt dualgas agus údarás tarmligthe.

Seo a leanas na príomhghnéithe de phróisis an Ghrúpa um rialú inmheánach:

- Beartais agus modhanna oibre atá sainithe maidir le cúrsaí caiteachais agus cistíochta;
- Tuairisciú airgeadais tráthúil ar bhonn míosúil;
- Buiséid bhliantúla a réiteach agus monatóireacht ar fheidhmíocht a dhéanamh ina n-aghaidh, a athbhreithníonn agus a fhormheasann an Bord;
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe fíorthábhachtacha;
- Coiste Iniúchóireachta a chuireann tuarascálacha iniúchta san áireamh agus a fhormheasann Ráitis Airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na scairshealbhóirí iad;
- Próiseas bainistíochta riosca a dhéanamh go rialta; agus
- Nósanna imeachta le comhlíonadh dlíthe agus rialachán a chinntiú.

Tá creatlach leagtha síos ag an nGrúpa chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear a phróiseas um bainistíocht riosca. Dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach le linn na tréimhse atá san áireamh sna Ráitis Airgeadais seo. I rith an athbhreithnithe seo, níor shainaithin an Bord aon teip ná laige a mheastar a bheith suntasach agus níor cuireadh é ar an eolas fúthu ach oiread. Dá bhrí sin, níor measadh go raibh sé cuí dearbhú a dhéanamh maidir leis na gníomhartha riachtanacha.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an nGrúpa, rud a thugann faoi chlár bliantúil iniúchtaí chun a chinntiú go mbíonn rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm ar fud na bpríomhphróiseas airgeadais agus sna réimsí sin inarb ann do neamhchosaint ard ar riosca. Tugann Ceann Iniúchta Inmheánaigh agus Comhlíonta an Ghrúpa tuairisc don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn ráithiúil agus cuireann sé ráiteas dearbhaithe i láthair ar bhonn bliantúil ar a éifeachtaí atá rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach. Faoi na socruithe iniúchta inmheánaigh atá i bhfeidhm, tá rochtain ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh ar shainacmhainní seachtracha chun tacú lena cuid gníomhaíochtaí.

## Luach Saothair na Stiúrthóirí

Áirítear sna Ráitis Airgeadais €108,000 (2013: €108,000) do tháillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí, de réir leibhéil fhormheasta luach saothair na Roinne Airgeadais don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Boird Chomhlachtaí Stáit agus na socruithe athbhreithnithe maidir le táillí Boird a íoc le fostaithe na hearnála poiblí faoi phrionsabal na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhaineann le 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. An 14 Bealtaine 2009, d'eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha treoir gur cheart táillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí a laghdú, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2009. Sular eisíodh an treoir sin, bhí sé beartaithe cheana féin ag an gCathaoirleach agus ag na Stiúrthóirí glacadh le laghdú deonach 10% ar a gcuid táillí. Faoi na leibhéil fhormheasta i ndáil le luach saothair, b'ionann táillí an Chathaoirligh agus €21,600 sa bhliain le linn na bliana (2013: €21,600 sa bhliain). B'ionann táillí na Stiúrthóirí agus €12,600 an duine sa bhliain le linn na bliana (2013: €12,600 an duine sa bhliain).

Ba é Fintan Slye, an Príomhfheidhmeannach, an t-aon Chomhalta feidhmiúcháin den Bhord. Leagtar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh amach laistigh de réimse a shocraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta dá phá bunúsach, sochair inchánacha agus sochair scoir ar leith. Ríomhtar sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh bunaithe ar bhunphá amháin agus déantar iarracht pinsean a chur ar fáil nuair a théann duine ar scor atá cothrom le haon ochtódú agus aisce trí ochtódú de phá gach bliana seirbhíse mar Phríomhfheidhmeannach. Bhí na harduithe i bpinsean fabhraithe agus in aisce fhabhraithe gan boilsciú a bheith san áireamh le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 cothrom le €2,125 (2013: €2,125) agus €6,375 (2013: €6,375) faoi seach. Ba é €14,045 (2013: €11,920) an pinsean fabhraithe iomlán ag deireadh na bliana agus ba é €47,285 (2013: €40,910) an aisce fhabhraithe iomlán. Ba é luach aistrithe an mhéadaithe chuí, glan ó ranníocaíochtaí pearsanta pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh, ná €27,141 (2013: €25,884).

| Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh: | **An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000** | An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 170 | 170 |
| Bónas bliantúil | - | - |
| Sochair inchánacha | 18 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh | 26 | 26 |
| Táillí na stiúrthóirí | - | - |
| **Iomlán** | **214** | **211** |

## Díbhinní

Agus measúnú á dhéanamh aige ar an díbhinn bhliantúil a fhéadfaidh an Grúpa a mholadh, déanann an Bord breithniú ar na príomhthosca seo a leanas:

- An t-airgead atá ar fáil: Faigheann an Grúpa ioncam taraife – mar a léirítear sa Ráiteas Ioncaim – a mhaoiníonn costais oibriúcháin an Ghrúpa agus tionscadail chaipitil a chaipitleofar agus a dhímheasfaidh thar thréimhsí amach anseo. Cruthaíonn an méid sin mímheaitseáil idir an t-airgead atá ar fáil agus na brabúis atá tuairiscithe.
- Coigeartú tuartha i gcomhair fo-ghnóthaithe/róghnóthaithe: Ní aithnítear sna Ráitis Airgeadais aon fho-ghnóthú costas ná aon róghnóthú costas trí ioncam taraife. Léiríonn an beartas díbhinne an tionchar is dóigh go n-imreoidh brabúis amach anseo ar an gcoigeartú i gcomhair fho-ghnóthú/róghnóthú na bliana reatha i rátaí taraife amach anseo.
- Infheistíochtaí amach anseo: Is trí acmhainní reatha a mhaoiníonn an Grúpa sciar dá thionscadail chaipitil. Déantar breithniú sa bheartas díbhinne ar infheistíochtaí amach anseo atá tuartha agus atá geallta.
- Leachtacht: Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, is é príomhriosca airgeadais an Ghrúpa nach bhfuil leachtacht imleor sa chás go bhfuil fo-ghnóthú rialála suntasach ann. Déantar breithniú stuama ar an riosca sin sa bheartas díbhinne.

Tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar na tosca sin, molann Stiúrthóirí an Ghrúpa go n-íocfar díbhinn deiridh €3,000,000 don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

## Leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i Scaireanna

Ní raibh leas tairbhiúil i scaireanna an Ghrúpa ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig idir an 1 Deireadh Fómhair 2013 agus an 30 Meán Fómhair 2014.

Tá gnáthscair amháin de chuid na Cuideachta i seilbh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá an fuílleach den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó thar a cheann.

Tá scair amháin an duine ag John O'Connor, ag Fintan Slye agus ag Niamh Cahill i scairchaipiteal na Cuideachta thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa síntiúis pholaitíochta.

## Gnóthas Leantach

Réitítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mar go bhfuil an Bord, tar éis na fiosruithe cuí a dhéanamh, sásta go bhfuil leordhóthain acmhainní ag an nGrúpa leanúint air ag feidhmiú go ceann i bhfad.

## Taifid Chuntasaíochta

I measc na mbeart atá tógtha ag na Stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, tá pearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu agus córais oiriúnacha chuntasaíochta agus nósanna imeachta oiriúnacha cuntasaíochta a úsáid. Coinnítear na leabhair chuntas ag The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## Teagmhais tar éis an Chláir Chomhardaithe

Leagtar sonraí amach faoi mhórtheagmhais tar éis an chláir chomhardaithe i Nóta 29 de na ráitis airgeadais.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí


Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a réiteach. Bheartaigh na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais an Ghrúpa a réiteach de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach.

Ceanglaítear le dlí na gcuideachtaí in Éirinn go n-ullmhóidh na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais do gach bliain airgeadais, Ráitis ina dtabharfar léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na Cuideachta agus an Ghrúpa agus ar bhrabús nó ar chaillteanas an Ghrúpa don tréimhse sin. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú do Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Nochtadh eolais breise a chur ar fáil nuair nach leor cloí leis na riachtanais ar leith in IFRSanna chun úsáideoirí a chumasú le tionchar idirbheart áirithe, teagmhas agus coinníollacha eile ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a thuiscint;
- A dhearbhú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais leis na IFRSanna arna nglacadh ag an Aontas Eorpach; agus
- Na Ráitis Airgeadais a réiteach ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil ina dtugtar le fios le beachtas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Ghrúpa agus chun a chur ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus go gcloíonn siad le reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a thugtar ar shuíomh Gréasáin na cuideachta.

Thar ceann an Bhoird:



**John O'Connor** Cathaoirleach



**Richard Sterling** Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta



**Fintan Slye** Príomhfheidhmeannach

An 17 Nollaig 2014

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí EirGrid cpt

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais EirGrid cpt don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 ina bhfuil Ráitis Airgeadais an Ghrúpa: an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim; an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach; an Clár Comhardaithe Comhdhlúite; an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas; an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus Ráitis Airgeadais na Cuideachta: Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach; Clár Comhardaithe na Cuideachta; Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas; Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid; agus nótaí gaolmhara 1 go 30. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach.

Ní chuirfear an tuarascáil seo ach faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár n-iniúchadh le gur féidir linn a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta na cúrsaí atá de dhualgas orainn a chur in iúl i dtuarascáil iniúchóra, agus ní ar chúis ar bith eile. A oiread agus a cheadaítear de réir an dlí, ní fhreagróimid d'aon duine seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-iniúchadh, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá againn.

### Freagrachtaí faoi seach na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ráitis airgeadais ina dtugtar léargas fírinneach cóir a ullmhú. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl de réir dhlí na hÉireann agus de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú ar: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na ngrúpaí agus na máthairchuideachta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh iad go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaíomar le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaimid ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- Go dtugtar i ráitis airgeadais an ghrúpa léargas fírinneach cóir, de réir IFRSanna arna nglacadh ag an Aontas Eorpach, ar staid ghnóthaí an ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus ar a bhrabús don bhliain a chríochnaigh an tráth céanna;
- Go dtugtar i Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta léargas fírinneach cóir, de réir IFRSanna arna nglacadh ag an Aontas Eorpach arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, ar staid ghnóthaí na Máthairchuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2014; agus
- Gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

### Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim gur choinnigh an mháthairchuideachta leabhair chuntas chuí.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntas.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.
- Is ionann glansócmhainní na máthairchuideachta, faoi mar a shonraítear i gclár comhardaithe na máthairchuideachta, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin, táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 30 Meán Fómhair 2014 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na máthairchuideachta de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

### Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, éilítear orainn tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear le dlí.
- Faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), éilítear orainn tuairisciú daoibh mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a éilítear faoin gCód, mar atá san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí, gur chloígh an Grúpa le mír 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir leis an bhfaisnéis faoina bhfuilimid ar an eolas ónár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais.

**Glenn Gillard**
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte & Touche
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Baile Átha Cliath


An 17 Nollaig 2014

# Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim

## don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Nótaí | An Bhliain Ghnó, nach gCuimsítear Gníomhaíochtaí an EWIC inti, anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000 | Bliain Ghnó* an EWIC anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000 | Iomlán An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000 | An Bhliain Ghnó, nach gCuimsítear Gníomhaíochtaí an EWIC** inti, anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000 | Bliain Ghnó* an EWIC anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000 | Iomlán** An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 589,310 | 79,053 | 668,363 | 571,095 | 50,965 | 622,060 |
| Costais dhíreacha | 3 | (501,188) | - | (501,188) | (459,175) | - | (459,175) |
| Ollbhrabús | | 88,122 | 79,053 | 167,175 | 111,920 | 50,965 | 162,885 |
| Costais eile oibriúcháin | 5 | (80,805) | (22,143) | (102,948) | (82,991) | (6,423) | (89,414) |
| Brabús oibriúcháin | | 7,317 | 56,910 | 64,227 | 28,929 | 44,542 | 73,471 |
| Ús agus ioncam eile | 6 | 291 | 14 | 305 | 420 | 46 | 466 |
| Costais airgeadais | 6 | (1,459) | (18,866) | (20,325) | (2,731) | (10,635) | (13,366) |
| Brabús roimh chánachas | 8 | 6,149 | 38,058 | 44,207 | 26,618 | 33,953 | 60,571 |
| Cáin ioncaim (costas) | 9 | | | (5,650) | | | (7,718) |
| **Brabús don bhliain** | | | | **38,557** | | | **52,853** |

Thar ceann an Bhoird:



**John O'Connor**
Cathaoirleach



**Richard Sterling**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta



**Fintan Slye**
Príomhfheidhmeannach

An 17 Nollaig 2014

* Gnó an EWIC

Is leis an nGrúpa, agus feidhmíonn sé, an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) lena nasctar na heangacha leictreachais in Éirinn agus an Bhreatain Mhór le chéile. Léirítear tionchar an EWIC ar an Ráiteas Ioncaim ar leithligh chun cabhrú le comparáidí a dhéanamh. Tugtar tuilleadh sonraí i Nóta 7.

** Mar atá athluaite chun glacadh IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Nótaí | **An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000** | An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Míreanna a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo chun brabúis nó caillteanais** | | | |
| Gluaiseacht i (gcaillteanas)/ngnóthachan neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 27 | (33,976) | 22,557 |
| Cáin iarchurtha is inchurtha i leith gluaiseachta i ngnóthachan/(gcaillteanas) neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 9 | 4,220 | (2,881) |
| Difríochtaí idir aistriú airgeadra | | (45) | 264 |
| **Iomlán na míreanna a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo chun brabúis nó caillteanais** | | (29,801) | 19,940 |
| **Míreanna nach n-athrangófar chun brabúis nó caillteanais** | | | |
| Atomhas ar ghlandliteanas sochair shainithe | 23 | (6,248) | 12,817 |
| Cáin iarchurtha is inchurtha i leith gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 9 | 763 | (1,506) |
| **Iomlán na míreanna nach n-athrangófar chun brabúis nó caillteanais** | | (5,485) | 11,311 |
| Brabús don bhliain | | 38,557 | 52,853 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **3,271** | **84,104** |

# Ráiteas na Cuideachta ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Nótaí | **An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000** | An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000* |
|---|---|---|---|
| **Míreanna a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo chun brabúis nó caillteanais** | | | |
| Gluaiseacht i (gcaillteanas)/ngnóthachan neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 27 | (24,857) | 14,883 |
| Cáin iarchurtha is inchurtha i leith gluaiseachta i ngnóthachan/(gcaillteanas) neamhréadaithe ar fháluithe sreafa airgid | 9 | 3,107 | (1,860) |
| **Iomlán na míreanna a d'fhéadfaí a athrangú ina dhiaidh seo chun brabúis nó caillteanais** | | (21,750) | 13,023 |
| **Míreanna nach n-athrangófar chun brabúis nó caillteanais** | | | |
| Atomhas ar ghlandliteanas sochair shainithe | 23 | (6,488) | 13,172 |
| Cáin iarchurtha is inchurtha i leith gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 9 | 811 | (1,591) |
| **Iomlán na míreanna nach n-athrangófar chun brabúis nó caillteanais** | | (5,677) | 11,581 |
| Brabús don bhliain | | 55,970 | 23,338 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **28,543** | **47,942** |

* Mar atá athluaite chun glacadh IAS 19 (athbhreithnithe) – Sochair Fostaithe a léiriú.

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

## amhail an 30 Meán Fómhair 2014

| SÓCMHAINNÍ | Nótaí | **30 Meán Fómhair 2014 € '000** | 30 Meán Fómhair 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 17,079 | 16,401 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 598,214 | 609,567 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | 9 | 15,276 | 10,886 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 991 | 1,093 |
| Sócmhainní neamhreatha iomlána | | 631,560 | 637,947 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 135,544 | 132,814 |
| Cáin reatha infhaighte | | 418 | 1,044 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 19 | 177,131 | 172,254 |
| Sócmhainní reatha iomlána | | 313,093 | 306,112 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **944,653** | **944,059** |
| **COTHROMAS AGUS DLITEANAIS** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal eisithe | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (84,344) | (54,588) |
| Cúlchiste aistrithe | | 108 | 153 |
| Tuilleamh coinnithe | | 193,696 | 160,624 |
| Cothromas iomlán | | 158,680 | 155,409 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais | 26 | 96,409 | 62,459 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | 9 | 11,182 | 7,647 |
| Ioncam iarchurtha | 17 | 105,368 | 108,440 |
| Iasachtaí | 25 | 366,984 | 383,707 |
| Oibleagáid sochar scoir | 23 | 18,468 | 10,373 |
| Dliteanais neamhreatha iomlána | | 598,411 | 572,626 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 17,233 | 18,709 |
| Ioncam iarchurtha | 17 | 3,072 | 3,072 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 16 | 167,257 | 194,243 |
| Dliteanais reatha iomlána | | 187,562 | 216,024 |
| Dliteanais iomlána | | 785,973 | 788,650 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **944,653** | **944,059** |

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor**
Cathaoirleach

**Richard Sterling**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Fintan Slye**
Príomhfheidhmeannach

An 17 Nollaig 2014

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

## amhail an 30 Meán Fómhair 2014

| SÓCMHAINNÍ | Nótaí | 30 Meán Fómhair 2014 € '000 | 30 Meán Fómhair 2013 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Infheistíocht i bhfochuideachtaí | 13 | 155,711 | 155,711 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 43,858 | 44,338 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | 9 | 11,237 | 7,856 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 173,878 | 130,267 |
| Sócmhainní neamhreatha iomlána | | 384,684 | 338,172 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | 15 | 149,009 | 184,299 |
| Sócmhainn reatha chánach | | 689 | 1,551 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 19 | 131,240 | 116,508 |
| Sócmhainní reatha iomlána | | 280,938 | 302,358 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **665,622** | **640,530** |
| **COTHROMAS AGUS DLITEANAIS** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal eisithe | 18 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (58,660) | (36,910) |
| Tuilleamh coinnithe | | 178,503 | 128,210 |
| Cothromas iomlán | | 169,063 | 140,520 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais | 26 | 67,040 | 42,183 |
| Iasachtaí | 25 | 246,637 | 254,364 |
| Oibleagáid sochar scoir | 23 | 16,069 | 9,252 |
| Dliteanais neamhreatha iomlána | | 329,746 | 305,799 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí | 25 | 7,726 | 7,809 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | 16 | 159,087 | 186,402 |
| Dliteanais reatha iomlána | | 166,813 | 194,211 |
| Dliteanais iomlána | | 496,559 | 500,010 |
| **Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána** | | **665,622** | **640,530** |

Thar ceann an Bhoird:

**John O'Connor**
Cathaoirleach

**Richard Sterling**
Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta

**Fintan Slye**
Príomhfheidhmeannach

An 17 Nollaig 2014

# Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Cúlchiste aistrithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Méid iomlán is inchurtha i leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 38 | 49,182 | (74,264) | (111) | 100,460 | 75,305 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | 19,676 | 264 | 64,164 | 84,104 |
| Díbhinní | - | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 38 | 49,182 | (54,588) | 153 | 160,624 | 155,409 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | (29,756) | (45) | 33,072 | 3,271 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014** | **38** | **49,182** | **(84,344)** | **108** | **193,696** | **158,680** |

### Cúlchiste Caipitil

D'eascair an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí TSO ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith sa chúlchiste ón dáta sin amach.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an chuid charnach de ghnóthachain agus de chaillteanais i leith ionstraimí fálaithe a mheastar atá éifeachtach maidir le fáluithe sreafa airgid. Ní aithnítear an gnóthachan ná an caillteanas carnach iarchurtha i leith na n-ionstraimí fálaithe i mbrabús ná i gcaillteanas ach sa chás go mbíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó má áirítear é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

### Cúlchiste Aistrithe

Léiríonn an cúlchiste aistrithe na difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn ó aistriú ghlansócmhainní oibríochtaí eachtracha an Ghrúpa óna n-airgeadra feidhme go hairgeadra feidhme EirGrid, mar atá an Euro, lena n-áirítear aistriú na mbrabús agus na gcaillteanas de thairbhe na n-oibríochtaí sin ó mheánráta na bliana go dtí an ráta deiridh tráth dháta an Chláir Chomhardaithe.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe tuilleamh carntha sa bhliain reatha agus sna blianta roimhe sin.

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas

don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | Méid iomlán is inchurtha i leith sealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 38 | 49,182 | (49,933) | 97,291 | 96,578 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | 13,023 | 34,919 | 47,942 |
| Díbhinní | - | - | - | (4,000) | (4,000) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 38 | 49,182 | (36,910) | 128,210 | 140,520 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | - | - | (21,750) | 50,293 | 28,543 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014** | **38** | **49,182** | **(58,660)** | **178,503** | **169,063** |

### Cúlchiste Caipitil

D'eascair an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí TSO ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith sa chúlchiste ón dáta sin amach.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an chuid charnach de ghnóthachain agus de chaillteanais i leith ionstraimí fálaithe a mheastar atá éifeachtach maidir le fáluithe sreafa airgid. Ní aithnítear an gnóthachan ná an caillteanas carnach iarchurtha i leith na n-ionstraimí fálaithe i mbrabús ná i gcaillteanas ach sa chás go mbíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas, nó má áirítear é mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe tuilleamh carntha sa bhliain reatha agus sna blianta roimhe sin.

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Nótaí | **An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000** | An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000* |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | 38,557 | 52,853 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 14 | 30,104 | 20,071 |
| Amúchadh deontais | 17 | (3,072) | (768) |
| Bearnú cáilmheasa agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | 678 | 1,481 |
| Ús agus ioncam eile | | (305) | (466) |
| Costais airgeadais | | 20,325 | 13,366 |
| Muirear pinsin | | 6,107 | 5,404 |
| Malairt Eachtrach | | - | 30 |
| Costas cáin ioncaim | | 5,650 | 7,718 |
| Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh | | (5,119) | (5,724) |
| | | 92,925 | 93,965 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| (Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | | (2,628) | 31,498 |
| (Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | (26,544) | 14,984 |
| **Airgead a saothraíodh ó oibríochtaí** | | 63,753 | 140,447 |
| Cánacha ioncaim a íocadh | | (896) | (1,613) |
| Ús faighte | | 305 | 522 |
| Costais airgeadais a íocadh | | (20,324) | (23,767) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 42,838 | 115,589 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | (16,836) | (116,323) |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 17 | - | 33,000 |
| Díbhinní a íocadh | | (4,000) | - |
| **Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (20,836) | (83,323) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Laghdú ar rótharraingtí bainc | | - | (69) |
| Fáltais ó iasachtaí | | 10,746 | 56,964 |
| Iasachtaí a aisíocadh | | (29,211) | (81,221) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | (18,465) | (24,326) |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | 3,537 | 7,940 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | | 172,254 | 164,745 |
| Tionchar malairte eachtraí ar airgead agus ar choibhéisí airgid | | 1,340 | (431) |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 19 | **177,131** | **172,254** |

* Mar atá athluaite chun glacadh IAS 19 (athbhreithnithe) – Sochair Fostaithe a léiriú.

# Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014

| | Nótaí | **An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 € '000** | An bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 € '000* |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | 55,970 | 23,338 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | 14 | 11,350 | 12,556 |
| Ús agus ioncam eile | | (1,120) | (1,240) |
| Costais airgeadais | | 4,297 | 5,834 |
| Muirear pinsin | | 3,886 | 4,679 |
| Costas cáin ioncaim | | 1,935 | 125 |
| Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh | | (4,144) | (5,038) |
| | | 72,174 | 40,254 |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar shuimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile | | (8,309) | 12,906 |
| (Laghdú)/méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | (23,150) | 39,055 |
| **Airgead a saothraíodh ó oibríochtaí** | | 40,715 | 92,215 |
| Cánacha ioncaim a (íocadh)/fuarthas | | (534) | 346 |
| Ús faighte | | 1,109 | 1,272 |
| Costais airgeadais a íocadh | | (4,465) | (5,362) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 36,825 | 88,471 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Airleacain d'fhochuideachta | | - | (1,126) |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | (10,284) | (8,071) |
| Díbhinní a íocadh | | (4,000) | - |
| **Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (14,284) | (9,197) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Laghdú ar rótharraingtí bainc | | - | (69) |
| Fáltais ó iasachtaí | | 8,000 | - |
| Iasachtaí a aisíocadh | | (15,809) | (30,150) |
| **Glanairgead a saothraíodh ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | (7,809) | (30,219) |
| **Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | | 14,732 | 49,055 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | | 116,508 | 67,453 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 19 | **131,240** | **116,508** |

* Mar atá athluaite chun glacadh IAS 19 (athbhreithnithe) – Sochair Fostaithe a léiriú.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Faisnéis Ghinearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid cpt ('an Chuideachta'), arna ionchorprú in Éirinn agus arna bhunú de bhun I.R. Uimh. 445 de 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh mar an tOibreoir Córais Tarchurtha (TSO) in Éirinn agus mar an tOibreoir Margaidh (MO) don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann. Tá SONI Limited (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) ceadúnaithe ag Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas mar an TSO i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnas MO aige freisin le haghaidh oileán na hÉireann. Tá EirGrid Interconnector Limited (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus ag Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibreoir an Idirnascaire Thoir-Thiar. Is í oifig chláraithe EirGrid cpt: The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus Ráitis Airgeadais na Cuideachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Ullmhaítear iad ar bhonn gach IFRS agus Léirmhínithe atá éigeantach do thréimhsí dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014 agus, i gcás chuntais Ghrúpa agus Chuideachta EirGrid cpt, de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na réamh-mheastachán airgeadais agus áiseanna atá ar fáil san am i láthair, go bhfuil leordhóthain acmhainní ag an nGrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá réir sin, baineann na Stiúrthóirí leas as an mbonn gnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na gcuntas.

Cuireadh na Ráitis Airgeadais ar fáil in Euro, airgeadra na príomhthimpeallachta geilleagraí ina bhfeidhmíonn an Grúpa agus an Chuideachta agus ullmhaíodh iad ar bhonn an chostais stairiúil, seachas athluacháil ionstraimí airgeadais ar leith a choinnítear de réir luach cóir. Go ginearálta, bunaítear costas stairiúil ar luach cóir an bhreithnithe a thugtar mar mhalairt ar shócmhainní.

I dtaca le hullmhú Ráiteas Airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do mhéid na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh, nochtadh sócmhainní agus dliteanas teagmhasach agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas i rith na tréimhse tuairiscithe. D'fhéadfadh na torthaí féin bheith difriúil leis na meastacháin sin.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith gach tréimhse a shonraítear sna Ráitis Airgeadais seo.

Is anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 an tréimhse atá á tuairisciú san am i láthair. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Rinneadh méideanna comparáideacha do 2013 a athlua de réir na bhforálacha idirthréimhseacha cuí atá leagtha amach in IAS 19. Féach Nóta 23 le haghaidh tuilleadh sonraí.

### Glacadh na gcaighdeán nua

Sa bhliain reatha, glacadh na caighdeáin agus na léirmhínithe nua agus athbhreithnithe seo a leanas agus cuireadh i bhfeidhm iad i leith na méideanna a thuairiscítear sna ráitis airgeadais seo (le haghaidh tréimhsí bliantúla dar tús na bliana reatha nó ina diaidh):

- IFRS 10 - Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais - (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014)
- IFRS 11 - Comhshocruithe - (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014)
- IFRS 12 - Nochtadh Leasanna in Aonáin Eile - (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014)
- IFRS 13 - Tomhas Luacha Chóir - (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013)
- IAS 19 - Sochair Fostaithe (2011) (Leasuithe) - (Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013)

Ach amháin i gcás IAS 19 (athbhreithnithe), ní dhearna glacadh na gcaighdeán agus na léirmhínithe aon difear suntasach do thorthaí ná do staid airgeadais an Ghrúpa le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014.

Leasaítear le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe an dóigh a gcuirtear sochair fostaithe i gcuntas. Chuir an Grúpa an caighdeán i bhfeidhm go cúlghabhálach de réir fhorálacha idirthréimhseacha an chaighdeáin.

Leis an gcaighdeán, cuirtear glanchostas úis in áit an chostais úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus an toraidh ionchasaigh ar shócmhainní plean. Ríomhtar an glanchostas úis bunaithe ar an nglandliteanas sochair shainithe agus an ráta lascaine, arna dtomhas ag tús na bliana. Níl aon athrú ann ar an ráta lascaine a chinneadh;

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

leanann sé sin ar aghaidh leis an toradh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán a léiriú. Mar thoradh ar ghlacadh IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe, bhí méadú ann ar an méid a gearradh ar an ráiteas ioncaim don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Ní raibh aon tionchar ag an méadú ar ioncam cuimsitheach iomlán toisc go ndearna an méadú ar an méid a cuireadh chun sochair an ráitis ar ioncam cuimsitheach eile fritháireamh ar an méadú sin a gearradh ar an ráiteas ioncaim.

Tá téarma nua ann, is é sin, "atomhais". Cuimsíonn sé sin gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an difríocht idir torthaí infheistíochta achtúireacha agus an toradh a thugann an glanchostas úis le tuiscint. Léirítear atomhais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile.

Ní dhearna an méid sin difear don oibleagáid sochar scoir a tuairiscíodh roimhe seo ar an gclár comhardaithe.

Is é seo a leanas an tionchar a bhí ag an athrú ar bheartas cuntasaíochta ar an ráiteas ioncaim agus ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach:

| | **Mar a tuairiscíodh 30 Meán Fómhair 2013 € '000** | **Tionchar IAS 19 30 Meán Fómhair 2013 € '000** | **Athluaite 30 Meán Fómhair 2013 € '000** |
|---|---|---|---|
| Costais airgeadais | 12,852 | 514 | 13,366 |
| Brabús don bhliain | 53,367 | (514) | 52,853 |
| Atomhas ar ghlandliteanas sochair shainithe | 12,303 | 514 | 12,817 |

Tráth údarú na Ráiteas Airgeadais seo, bhí na Caighdeáin agus na Léirmhínithe seo a leanas, nár cuireadh i bhfeidhm sna Ráitis Airgeadais seo, i gceist ach ní raibh siad éifeachtach go fóill don tréimhse chuntasaíochta a tuairiscíodh:

- IFRS 2 - Íocaíocht Scairbhunaithe (Leasuithe) - Arna leasú le Feabhsuithe Bliantúla ar Thimthriall IFRSanna 2010-2012 (sainmhíniú ar choinníoll dílsithe) - (Le héifeacht ón 1 Iúil 2014)
- IFRS 3 - Comhcheangail Ghnó (Leasuithe) - Arna leasú le Feabhsuithe Bliantúla ar Thimthriall IFRSanna 2011-2013 (eisceacht raon feidhme do chomhfhiontair) - (Le héifeacht ón 1 Iúil 2014)
- IAS 16 - Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (Leasuithe) - (Le héifeacht ón 1 Iúil 2014)
- IAS 24 - Nochtadh Páirtithe Gaolmhara (Leasuithe) - (Le héifeacht ón 1 Iúil 2014)

Tá na Stiúrthóirí ag déanamh measúnú ar thionchar na gCaighdeán agus na Léirmhínithe sin ar na Ráitis Airgeadais san am i láthair.

### Bonn an chomhdhlúthaithe

Cuimsíonn na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus na n-aonán atá á rialú ag an gCuideachta (a cuid fochuideachtaí) suas go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain. Baintear rialú amach sna cásanna seo a leanas:

- Tá cumhacht ag an gCuideachta ar an institiúid infheistiúcháin;
- Tá an Chuideachta neamhchosanta ar thoradh athraitheach, nó tá an Chuideachta i dteideal toradh athraitheach, de bharr a cuid rannpháirtíochta leis an institiúid infheistiúcháin; agus
- Tá cumhacht ag an gCuideachta a cuid cumhachta a úsáid chun a toradh a fháil.

Déanann an Chuideachta athmheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil rialú aici ar institiúid infheistiúcháin i gcásanna ina dtugann fíricí agus cúinsí le tuiscint go bhfuil athrú tagtha ar cheann amháin nó níos mó de na trí ghné rialaithe atá liostaithe thuas.

Sa chás gur ag an gCuideachta níos lú ná tromlach na gceart vótála de chuid institiúid infheistiúcháin, measann sí go bhfuil cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin i gcásanna inar leor na cearta vótála atá aici chun cumas praiticiúil a thabhairt di gníomhaíochtaí ábhartha na hinstitiúide infheistiúcháin a threorú go haontaobhach. Breithníonn an Chuideachta na fíricí agus na cúinsí ábhartha uile agus breithniú á dhéanamh aici ar cé acu is leor nó nach leor na cearta vótála atá ag an gCuideachta in institiúid infheistiúcháin chun cumhacht a thabhairt di. Áirítear leis na fíricí agus leis na cúinsí sin:

- Méid shealúchas cearta vótála na Cuideachta i gcoibhneas le méid agus le scaipeadh na sealúchas atá ag sealbhóirí eile vóta;
- Na cearta féideartha vótála atá ag an gCuideachta, ag sealbhóirí eile vóta nó ag páirtithe eile;

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

- Cearta a thagann as socruithe conartha eile; agus
- Aon fhíricí agus aon chúinsí breise a thugann le tuiscint go bhfuil, nó nach bhfuil, cumas reatha ag an gCuideachta gníomhaíochtaí ábhartha a threorú nuair is gá cinntí a dhéanamh, lena n-áirítear patrúin vótála ag cruinnithe roimhe sin de chuid scairshealbhóirí.

Tosaítear le fochuideachta a chomhdhlúthú nuair a fhaigheann an Chuideachta rialú ar an gcuideachta agus scoirtear den chomhdhlúthú nuair a chailleann an Chuideachta rialú ar an bhfochuideachta. Go háirithe, cuirtear na torthaí arna ngnóthú nó arna ndiúscairt le linn na bliana ar áireamh sa ráiteas comhdhlúite ioncaim ón dáta a bhaineann an Chuideachta rialú amach go dtí an dáta a scoirtear den rialú atá ag an gCuideachta ar an bhfochuideachta.

Déantar brabús nó caillteanas agus gach comhpháirt d'ioncam cuimsitheach eile a chur i leith úinéirí na Cuideachta agus na leasanna neamh-urlámhais. Déantar ioncam cuimsitheach iomlán na bhfochuideachtaí a chur i leith úinéirí na Cuideachta agus na leasanna neamh-urlámhais fiú amháin i gcásanna ina dtagann easnamh in iarmhéid na leasanna neamh-urlámhais chun cinn dá bharr.

Nuair is gá, coigeartaítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí lena mbeartais chuntasaíochta a chur i gcomhréir le cinn an Ghrúpa.

Déantar gach sócmhainn agus dliteanas, ioncam cothromais, costas agus sreabhadh airgid ionghrúpa a bhaineann le hidirbhearta idir na baill den Ghrúpa a dhíchúr tráth an chomhdhlúthaithe.

Déantar athruithe ar leasanna an Ghrúpa i bhfochuideachtaí nach dtagann caillteanas rialaithe astu a chur i gcuntas mar idirbhearta cothromais. Coigeartaítear suim ghlanluacha leasanna an Ghrúpa agus na leasanna neamh-urlámhais chun athruithe a léiriú ar a leasanna coibhneasta sna fochuideachtaí. Maidir le haon difríocht idir an méid faoina gcoigeartaítear na leasanna neamh-urlámhais agus luach cóir na comaoine a íocadh nó a fuarthas, aithnítear go díreach í i gcothromas agus cuirtear an difríocht sin i leith úinéirí na Cuideachta.

Nuair a chailleann an Grúpa rialú ar fhochuideachta, déantar an gnóthachan nó an caillteanas a aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas a ríomh mar an difríocht idir (i) comhiomlán luach cóir na comaoine a fuarthas agus luach cóir aon leasa atá coinnithe agus (ii) suim ghlanluacha roimhe na sócmhainní (lena n-áirítear cáilmheas) lúide dliteanais na fochuideachta agus aon leasanna neamh-urlámhais. Déantar gach méid a aithníodh roimhe in ioncam cuimsitheach eile i dtaca leis an bhfochuideachta sin a chur i gcuntas amhail is dá ndiúscródh an Grúpa sócmhainní gaolmhara nó dliteanais ghaolmhara na fochuideachta go díreach (i.e. athrangaítear iad chun brabúis nó caillteanais nó aistrítear iad chuig catagóir eile cothromais mar a shonraítear/a cheadaítear leis an IFRS is infheidhme). Maidir le luach cóir aon infheistíochta atá coinnithe san iar-fhochuideachta ag an dáta a chailltear rialú, féachtar air mar an luach cóir ar aithint tosaigh le haghaidh cuntasaíocht ina dhiaidh sin faoi IAS 39 - Ionstraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas nó, nuair is infheidhme, féachtar air mar na costais ar aithint tosaigh infheistíochta in aonán comhlach nó in aonán comhrialaithe.

### Comhfhiontair

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais torthaí na Cuideachta, mar aon leis an sciar atá aici de na torthaí, de na sócmhainní agus de na dliteanais de chuid na comhoibríochta ina bhfuil sí páirteach, agus úsáid á baint as an modh comhdhlúthaithe chomhréirigh mar a cheadaítear faoi IFRS 11. Ós rud é gurb ionann an chomhoibríocht agus comhshocrú ina bhfuil rialú ag na páirtithe ar an socrú (comhoibríocht), ina bhfuil cearta acu i leith na sócmhainní agus ina bhfuil oibleagáidí orthu i leith na ndliteanas a bhaineann leis an socrú, aithníonn na stiúrthóirí a gcuid sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas i ndáil leis an leas atá acu i gcomhoibríocht.

Ní dhearna glacadh IFRS 11 aon difear do bheartais chuntasaíochta reatha an Ghrúpa toisc go meastar gur comhoibríocht é comhfhiontar na Cuideachta atá i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, cuirtear i gcuntas í ar aon dul leis an mbliain roimhe agus comhdhlúthú comhréireach á úsáid de réir IAS 31. Ar aon dul leis an gcaighdeán sin, cuirtear an sciar atá ag an gCuideachta de thorthaí agus de ghlansócmhainní na comhoibríochta i gcuntas ar bhonn an chomhdhlúthaithe chomhréirigh ón dáta a thugtar an comhaontú conartha ina leagtar comhrialú síos chun críche. Dí-aithnítear an méid sin nuair a scoirtear den chomhrialú. Déanann an Chuideachta an sciar atá aici den chomhshocrú, ioncam agus costais aonair, sócmhainní agus dliteanais agus sreafaí airgid a chomhcheangal ar bhonn líne ar líne le míreanna den chineál céanna i Ráitis Airgeadais na Cuideachta.

Leanann an Grúpa ar aghaidh le haon leasuithe ar a chomhshocrú nó le haon aguisíní lena chomhshocrú a athbhreithniú go mion. Tuigeann sé na cearta agus na hoibleagáidí atá ag gabháil leis an gcomhshocrú agus an dóigh a roinntear na cearta agus na hoibleagáidí sin i measc na bpáirtithe.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Comhcheangail ghnó

Cuirtear comhcheangail ghnó ón 1 Aibreán 2010 i gcuntas trí úsáid a bhaint as an modh fála. Tomhaistear an costas fála mar chomhiomlán na comaoine a aistríodh, arna thomhas ag luach cóir thráth an dáta fála agus méid aon leasa neamh-urlámhais san ábhar ceannaithe. I gcás gach comhcheangail ghnó, tomhaiseann an faighteoir an leas neamh-urlámhais san ábhar ceannaithe de réir luach cóir nó de réir sciar comhréireach de ghlansócmhainní inaitheanta an ábhair cheannaithe. Íoctar costais fála de réir mar a thabhaítear iad.

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnólacht, déanann sé measúnú ar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar glacadh leo le haghaidh rangú agus ainmniú cuí de réir na dtéarmaí conartha, na n-imthosca geilleagracha agus na gcoinníollacha ábhartha amhail an dáta fála. Más rud é go mbaintear an comhcheangal gnó amach i gcéimeanna, atomhaistear luach cóir leas cothromais roimhe seo an fhaighteora san ábhar ceannaithe tráth an dáta fála de réir luach cóir tráth an dáta fála tríd an Ráiteas Ioncaim. Aithneofar aon chomaoin theagmhasach a bheidh le haistriú ag an bhfaighteoir de réir luach cóir tráth an dáta fála. Aithneofar athruithe ina dhiaidh sin ar luach cóir na comaoine teagmhasaí a mheastar a bheith ina sócmhainn airgeadais nó ina dliteanas airgeadais de réir IAS 39 sa Ráiteas Ioncaim.

Tomhaistear cáilmheas ar dtús ag costas, is é sin costas ar bharrachas na comaoine a aistríodh agus an méid aitheanta le haghaidh leas neamh-urlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta a fuarthas agus na dliteanais ar glacadh leo.

Cuireadh comhcheangail ghnó roimh an 1 Aibreán 2010 i gcuntas trí úsáid a bhaint as modh an cheannaigh. Bhí costais idirbhirt infheidhme go díreach leis an saothar faighte mar chuid de na costais fála. Tomhaiseadh an leas neamh-urlámhais (ar ar tugadh leas mionlaigh roimhe seo) de réir an sciar chomhréirigh de ghlansócmhainní inaitheanta an ábhair cheannaithe.

Cuireadh comhcheangail ghnó a baineadh amach i gcéimeanna i gcuntas mar chéimeanna ar leith. Ní dhearna aon sciar leasa breise a fuarthas difear do cháilmheas a aithníodh roimhe.

Aithníodh comaoin theagmhasach i gcásanna ina raibh oibleagáid láithreach ag an nGrúpa, ina raibh an t-eis-sreabhadh geilleagrach ní ba dhóchúla ná a mhalairt agus ina raibh meastachán iontaofa inchinntithe. Aithníodh coigeartuithe ina dhiaidh sin ar an gcomaoin theagmhasach mar chuid den cháilmheas.

### Cáilmheas

Tomhaistear cáilmheas ar éadálacha ar dtús ar a chostas, is é sin barrachas ar chostas an chomhcheangail ghnó thar leas an fhaighteora i nglanluach cóir na sócmhainní inaitheanta, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach. Leithroinntear cáilmheas a fhaightear i gcomhcheangal gnó, ón dáta fála, ar na haonaid ghiniúna airgid nó ar ghrúpaí aonaid ghiniúna airgid atáthar ag súil a bhainfidh leas ón gcomhcheangal gnó ar eascair an cáilmheas as.

Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear cáilmheas ar a chostas lúide aon chaillteanais charntha bhearnaithe. Athbhreithnítear cáilmheas le haghaidh bearnú go bliantúil nó níos minice má léiríonn eachtraí nó athruithe ar imthosca go bhféadfadh an luach a thugtar anonn a bheith bearnaithe. Déantar na tástálacha bearnaithe cáilmheasa ag am comhsheasmhach i ngach tréimhse bhliantúil. Cinntear bearnú trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid lena mbaineann an cáilmheas. I gcás ina bhfuil méid inghnóthaithe an aonaid saothraithe airgid níos lú ná an tsuim ghlanluacha, aithnítear caillteanas bearnaithe. Ní fhreaschuirtear caillteanais bhearnaithe a eascraíonn i ndáil le cáilmheas tar éis aitheanta.

I gcás ina ndíoltar fochuideachta, cuirtear aon cháilmheas a eascraíonn tráth na fála, lúide aon bhearnuithe, san áireamh chun an brabús nó an caillteanas a eascraíonn tráth na diúscartha a chinneadh.

I gcás ina bhfuil cáilmheas mar chuid d'aonad giniúna airgid agus go bhfuil cuid de na hoibríochtaí laistigh den aonad sin arna ndiúscairt, áirítear an cáilmheas a bhaineann leis an oibríocht dhiúscartha i suim ghlanluacha na hoibríochta nuair atá an gnóthachan nó an caillteanas ar dhiúscairt na hoibríochta á chinneadh. Tomhaistear cáilmheas atá á dhiúscairt sa chás sin ar bhonn luachanna coibhneasta na hoibríochta diúscartha agus sciar an aonaid ghiniúna airgid atá coinnithe.

### Ioncam

Go príomha, léiríonn an t-ioncam an t-airgead a thagann isteach as seirbhísí tarchurtha leictreachais a chur ar fáil do chustaiméirí agus as acmhainn ar an Idirnascaire Thoir-Thiar agus seirbhísí Oibreoir Margaidh a dhíol le custaiméirí le linn na bliana agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh. Áirítear leis an ioncam an liúntas rialála arna fháil le haghaidh bhainistiú na gcostas sriantachta tarchurtha. Áirítear leis an ioncam, ón 1 Deireadh Fómhair 2012 i leith, an liúntas rialála arna fháil maidir leis an gcostas fónaimh d'fhiach agus maidir le costais oibriúcháin an EWIC. Aithnítear ioncam taraife nuair atá sé infhaighte ó chustaiméirí, bunaithe ar shonraí méadraithe.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Áirítear leis an ioncam freisin fáltais fritrádála a bhaineann le trádáil ar fud an Idirnascaire Thoir-Thiar agus Idirnascaire na Maoile. Freastalaíonn fritrádáil ar ghiniúint in-athnuaite a sheoladh ar aon dul le rialacháin AE agus laghdaíonn sí an costas a bhaineann le srianta tarchurtha a bhainistiú.

Ní aithnítear dliteanas ar bith i gcás go sáraíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhaighte an t-uasmhéid a cheadaítear de réir comhaontuithe rialála agus go gcoigeartófar praghsanna amach anseo leis an róghnóthú a chur in iúl. Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear sócmhainn ar bith i gcás go gceadaítear coigeartuithe i gcomhaontú rialála ar phraghsanna amach anseo i ndáil le fo-ghnóthú. Ar a shon sin, i gcás bunathrú ar dhearadh an mhargaidh, aithneofar dliteanas i gcás go sáraíonn ioncam a fuarthas nó ioncam infhaighte an t-uasmhéid a cheadaítear de réir comhaontuithe rialála agus coigeartófar praghsanna amach anseo leis an róghnóthú sin a chur in iúl.

Ní aithnítear cineálacha ioncaim a bhaineann le bailiú thobhach oibleagáide na seirbhíse poiblí, creidmheasanna custaiméara Úsáideoirí Móra Fuinnimh agus fotha fuinnimh in-athnuaite i dtaraifí i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa. I mbailiú na dtobhach agus na dtaraifí sin, bíonn an Grúpa mar ghníomhaire agus ní mar phríomhaí; ní ghlacann sé le rioscaí ná le luach saothair.

Ós rud é gur Oibreoir Margaidh an Mhargaidh Aonair Leictreachais é, ní ghníomhaíonn an Grúpa ar a shon féin i dtaca le díol agus ceannach leictreachais. Ní mhaíonn sé gur leis an leictreachas, ná ní bhíonn sé neamhchosanta ar riosca creidmheasa tráth díola. Dá bhrí sin, ní aithníonn an Grúpa airgead a fhaightear ó dhíol leictreachais mar ioncam. Aithnítear na nithe iníoctha agus na nithe infhaighte a bhaineann le trádáil leictreachais sa Chlár Comhardaithe. Aithnítear airgead a fhaightear ó tharaifí atá faoi réir cinneadh rialála mar ioncam.

Is é is ioncam nár billeáladh ann ioncam ó sheirbhísí tarchurtha leictreachais nár billeáladh, i gcomhlíonadh an chláir ama rialála. Aithnítear ioncam nár billeáladh ar bhonn fabhraithe agus luaitear é lúide cáin bhreisluacha.

### Costais dhíreacha

Go príomha, léiríonn na costais dhíreacha na costais a bhaineann le cur ar fáil seirbhísí tarchurtha leictreachais do chustaiméirí le linn na bliana agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh. Áirítear a leanas leis na costais dhíreacha: muirir úinéir na sócmhainní tarchurtha; costais sriantachta córas tarchurtha; seirbhísí coimhdeacha; agus ualach inbhriste. Aithnítear costais dhíreacha agus iad á bhfabhrú.

### Brabús oibriúcháin

Ghlac an Grúpa leagan amach Ráitis Ioncaim d'fhonn béim a leagan ar mhíreanna suntasacha laistigh de na torthaí don tréimhse. Dá réir sin, luaitear brabús oibriúcháin i ndiaidh costais dhíreacha agus costais eile oibriúcháin a ghearradh, ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Go príomha, léiríonn costais eile oibriúcháin costais fostaithe, muirir ghairmiúla, costais chonraitheoirí agus costais bhunaithe. Aithnítear costais eile oibriúcháin agus iad á bhfabhrú.

### Léasanna

Aithnítear léasanna ón dáta óna bhfuil teidlíocht ag an léasaí a cheart a fheidhmiú chun an tsócmhainn léasaithe a úsáid.

Rangaítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn téarmaí an léasa go mór riosca agus luach saothair uile na húinéireachta don léasaí. Rangaítear gach léas eile mar léasanna oibriúcháin.

Aithnítear íocaíochtaí léas oibriúcháin mar chostas de réir méid cothrom thar théarma an léasa, seachas más léargas níos fearr é bonn eile córasach ar phatrún ama shochar an úsáideora. Leathnaítear sochair infhaighte, atá ina ndreasacht chun dul i léas oibriúcháin, de réir méid cothrom thar théarma an léasa.

### Airgeadraí eachtracha

Cuirtear Ráitis Airgeadais gach aonáin Ghrúpa ar fáil in airgeadra an phríomhgheilleagair ina bhfeidhmíonn an t-aonán (a airgeadra feidhmiúil). Chun críocha na Ráiteas Comhdhlúite Airgeadais, cuirtear torthaí agus staid airgeadais gach Grúpa ar fáil in Euro, atá mar airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra a úsáidtear sna Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte is infheidhme ar na dátaí a dhéantar na hidirbhearta. Ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe, athaistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí is infheidhme ag an dáta sin; aithnítear difríochtaí malairte a eascraíonn uaidh sin sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tráth an chomhdhlúthaithe, aistrítear Ráitis Ioncaim an dá fhochuideachta airgeadra eachtraigh de chuid an Ghrúpa go Euro de réir an mheánráta malairte. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí sin de réir rátaí malairte tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Tógtar na difríochtaí malairte a eascraíonn ó aistriú fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh an Ghrúpa go díreach go comhpháirt ar leith de chuid chothromas na scairshealbhóirí.

Caitear le coigeartuithe cáilmheasa agus luacha chóir a eascraíonn ó fháil na bhfochuideachtaí eachtracha mar shócmhainní agus dliteanais na bhfochuideachtaí eachtracha agus aistrítear iad de réir an ráta deiridh.

### Costais sochar scoir

Maidir le pleananna sochair shainithe, dearbhaítear na costais a bhaineann le sochar a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa; tugtar faoi luachálacha achtúireacha ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine sa tréimhse ina dtarlaíonn siad. Aithnítear iad lasmuigh de bhrabús nó caillteanas agus léirítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Léiríonn na hoibleagáidí sochar scoir a aithnítear sa Chlár Comhardaithe luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe arna laghdú ag luach cóir na sócmhainní plean. Tá aon sócmhainn a éiríonn as an ríomh sin teoranta do chostas seirbhíse roimhe seo, móide luach láithreach na gcistí atá ar fáil agus laghduithe ar ranníocaíochtaí an phlean amach anseo.

Caipitlítear costais reatha seirbhíse an tsochair scoir d'fhostaithe atá gafa le tionscadail chaipitil sa Chlár Comhardaithe agus na costais á bhfabhrú.

### Cánachas

Léiríonn costas cáin ioncaim suim na cánach atá iníoctha san am i láthair chomh maith le cáin iarchurtha.

Tá an cháin atá iníoctha san am i láthair bunaithe ar bhrabús inchánach don bhliain. Tá brabús inchánach difriúil ó bhrabús a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim siocair nach n-áirítear ábhair ioncaim ná costais leis atá inchánach nó in-asbhainteach i dtréimhsí eile agus nach n-áirítear ábhair nach mbíonn inchánach ná in-asbhainteach riamh, leis. Ríomhtar dliteanas an Ghrúpa i dtaca le cáin reatha trí úsáid a bhaint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Chláir Chomhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sna Ráitis Airgeadais agus na boinn chomhfhreagracha chánach a úsáidtear i ríomh brabúis inchánaigh, agus cuirtear i gcuntas í trí úsáid a bhaint as modh dliteanais bunaithe ar chlár comhardaithe. Go ginearálta, aithnítear dliteanais chánach iarchurtha i dtaca le gach difríocht shealadach inchánach, agus, go ginearálta, aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha i dtaca le gach difríocht shealadach in-asbhainteach sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis inchánacha ar fáil ar féidir na difríochtaí sealadacha in-asbhainteacha sin a úsáid ina n-éadan. Ní aithneofar a leithéid de shócmhainní agus dliteanais má eascraíonn na difríochtaí sealadacha ó thúsaithint cáilmheasa.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha de réir na rátaí cánach a mheastar go mbeidh feidhm leo sa tréimhse ina socraítear an dliteanas nó ina réadaítear an tsócmhainn, arna mbunú ar rátaí cánach (agus dlíthe cánach) a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Léiríonn tomhas na ndliteanas agus na sócmhainní cánach iarchurtha na cúinsí cánach a leanfadh ón mbealach a mbeadh an Grúpa ag dréim leis, tráth dháta an tuairiscithe, d'fhonn suim ghlanluacha a chuid sócmhainní agus dliteanas a ghnóthú nó a shocrú. Gearrtar nó cuirtear chun sochair cáin iarchurtha sa Ráiteas Ioncaim, seachas nuair a bhaineann sí le míreanna a ghearrtar nó a chuirtear chun sochair cothromais go díreach, agus sa chás sin, déileáiltear le cáin iarchurtha i gcothromas chomh maith.

Frithháirítear sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha i gcás go mbíonn ceart in-fhorghníomhaithe le dlí d'fhonn sócmhainní reatha cánach a fhritháireamh in aghaidh dliteanais reatha chánach agus go bhfuil sé i gceist ag an nGrúpa a chuid sócmhainní agus dliteanais reatha chánach a shocrú ar bhonn glan.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais charntha bhearnaithe, seachas talamh a léirítear ar a costas lúide bearnú.

Aithnítear dímheas d'fhonn costas sócmhainní a dhíscríobh thar a saolré fhónta mheasta, trí leas a bhaint as modh an mhéid chothroim. Déantar athbhreithniú ar na saolréanna fónta a mheastar, ar luachanna iarmharacha agus ar mhodh an dímheasa ag deireadh gach tréimhse; cuirtear éifeacht aon athruithe a mheastar i gcuntas ar bhonn ionchais.

Seo a leanas na tréimhsí dímheasa do phríomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

- Feabhsúcháin ar fhoirgnimh léasacha: thar thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsúcháin: idir 5 bliana agus 15 bliana;
- Daingneáin agus na feistis: 5 bliana;
- TF, trealamh teileachumarsáide agus eile: idir 3 bliana agus 8 mbliana; agus
- Sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais: 5 bliana.

Seo a leanas na tréimhsí dímheasa do phríomhchatagóirí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh an Idirnascaire Thoir-Thuaidh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tiontaire, trádstóras agus trealamh: 30 bliain;
- Ceadúnais imeall trá: 30 bliain; agus
- Claochladán spártha agus páirteanna spártha: 30 bliain.

Ní chuirtear aon dímheas ar fáil ar thalamh ruílse ná ar shócmhainní le linn a dtógála.

Is í sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais an córas lárnach TF a úsáidtear d'fhonn an margadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann a shocrú agus a riar.

Iompraítear sócmhainní atá á dtógáil ar a gcostas lúide aon chaillteanas aitheanta bearnaithe. Ar na costais a áirítear tá táillí gairmiúla, pánna agus tuarastail, costais sochar scoir agus aon chostais eile a thabhaítear atá inchurtha go díreach i leith thógáil na sócmhainní sin. Athrangaítear na sócmhainní sin go catagóir chuí a luaithe agus atá sé ar chumas na sócmhainne feidhmiú de réir mhian an luchta bainistíochta. Tosaíonn dímheas na sócmhainní sin nuair atá sócmhainní réidh dá n-úsáid bheartaithe.

Dearbhaítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as diúscairt nó as scor réadmhaoine, gléasra agus trealaimh mar an difríocht idir na glanfháltais díolacháin agus suim ghlanluacha na sócmhainne, agus aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim.

### Costais iasachtaíochta

Cuirtear costais iasachtaíochta atá inchurtha go díreach i leith fháil, thógáil nó tháirgeadh na sócmhainní cáilitheacha, ar sócmhainní iad a ghlacann tréimhse shuntasach ullmhaithe dá n-úsáid nó dá ndíol beartaithe, le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbíonn na sócmhainní réidh i gceart dá n-úsáid bheartaithe.

I gcás go n-úsáidtear iasachtaí ráta athraithigh d'fhonn sócmhainn cháilitheach a mhaoiniú agus go bhfálaítear iad i bhfálú sruth airgid éifeachtach de riosca ráta úis, is é an t-ús móide costas na sócmhainne cáilithí costas glan an úis tar éis thionchar an fhálaithe.

Baintear ioncam infheistíochta a thuilltear de thairbhe infheistíocht shealadach iasachtaí ar leith, ar feitheamh a gcaiteachais ar shócmhainní cáilitheacha, ó na costais iasachta is inghlactha le haghaidh caipitliú.

Aithnítear gach costas eile iasachtaíochta i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Sócmhainní doláimhsithe

Sainaithnítear agus aithnítear go leithleach ó cháilmheas sócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó má shásaíonn siad sainmhíniú sócmhainne doláimhsithe agus más féidir a gcuid luachanna córa a thomhas go hiontaofa. Is é costas na sócmhainní doláimhsithe sin a luach cóir tráth dháta na fála. I ndiaidh na haitheanta tosaigh, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais charntha bhearnaithe. Má bhíonn saolré fhónta chríochta mheasta ag baint leis na sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh de réir méid cothrom thar a saolréanna fónta measta.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil saolréanna éiginnte ag comhaontuithe ceadúnais TSO agus MO le haghaidh Thuaisceart Éireann. Rinneadh machnamh ar na tosca tábhachtacha seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh ar shaolréanna fónta na gcomhaontuithe ceadúnais thuas: úsáid ionchais; gnáth-shaolréanna táirge de chuid sócmhainní dá samhail a úsáidtear ar bhealach dá samhail; cobhsaíocht an tionscail ina bhfeidhmíonn an tsócmhainn; tréimhse rialaithe thar an tsócmhainn agus dátaí éaga na gcomhaontuithe ceadúnais. Ní dócha go gcuirfear na ceadúnais thuas ar ceal agus siocair go bhfuil na ceadúnais neamhiata agus in-athnuaite agus nach bhfuil aon teorainn intuartha leis an tréimhse ina meastar go nginfidh an tsócmhainn glan-insreafaí airgid don Ghrúpa, is réasúnta é toimhde shaolré éiginnte.

Déantar athbhreithniú ar an tsaolré fhónta a mheastar agus ar mhodh an amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe; cuirtear éifeacht aon athruithe a mheastar i gcuntas ar bhonn ionchais.

### Bearnú sócmhainní

Ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe, déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha a shócmhainní doláimhsithe agus ar a réadmhaoin, gléasra agus trealamh le déanamh amach an ann nó nach ann do chomhartha gur fhulaing na sócmhainní sin caillteanas bearnaithe. Mura féidir méid in-aisghabhála sócmhainne ar leith a thomhas, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid (CGU) lena mbaineann an tsócmhainn. Má bhíonn a leithéid de chomhartha ann, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne d’fhonn an caillteanas bearnaithe (más ann dó) a dhéanamh amach. Más féidir bonn réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáideacha freisin ar CGUnna aonair, nó murach sin, leithdháiltear iad ar an ngrúpa is lú CGUnna ar féidir bonn réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint faoina choinne.

Is é an méid in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir lúide costais díola agus luach úsáide. Agus luach úsáide á mheas, lascainítear na sreafaí airgid measta amach anseo de réir a luacha láithrigh trí leas a bhaint as ráta lascaine roimh cháin a léiríonn measúnuithe reatha margaidh den amluach airgid agus na rioscaí áirithe i leith na sócmhainne nár coigeartaíodh na meastacháin sreafaí airgid amach anseo ina taobh.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU níos lú ná a suim ghlanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne nó an CGU anuas go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas Ioncaim, mura n-iompraítear an tsócmhainn nó an CGU ábhartha ag méid athluacháilte, agus sa chás sin, caitear leis an gcaillteanas bearnaithe mar laghdú athluachála.

### Deontais

Cuirtear deontais chaipitil san áireamh ar bhonn ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe agus scaoiltear chuig brabús nó caillteanas iad thar shaolréanna fónta measta na sócmhainní lena mbaineann.

Ní aithnítear deontais go dtí go bhfuil dearbhú réasúnach ann go gcloífidh an Grúpa leis na coinníollacha atá ceangailte leo agus go bhfaighfear na deontais.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais sa Chlár Comhardaithe i gcás go mbíonn an Grúpa ina pháirtí i leith forálacha conartha ionstraime.

Tomhaistear suimeanna infhaighte trádála tráth na haitheanta tosaigh de réir luach an tsonraisc atá geall le bheith comhionann leis an luach cóir agus a iompraítear de réir costas amúchta ina dhiaidh sin.

Dí-aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais sa Chlár Comhardaithe i gcás go stopann an Grúpa de bheith ina pháirtí i leith fhorálacha conartha na hionstraime.

I gcás go dtéann rannpháirtithe sa mhargadh i gComhaontuithe ar Ath-Leithdháileadh Socraithe, luaitear na suimeanna infhaighte agus iníoctha mar ghlanmhéid, mar go bhfuil sé ar intinn iad sin a réiteach go comhuaineach ar bhonn glanmhéide faoin gcód trádála agus socraithe.

Cuimsíonn airgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí eile gearrthéarma ardleachta atá inmhalartaithe go furasta go méid aitheanta airgid agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar an luach.

Tomhaistear suimeanna iníoctha trádála tráth na haitheanta tosaigh de réir luach an tsonraisc atá geall le bheith comhionann leis an luach cóir agus a iompraítear de réir costas amúchta ina dhiaidh sin.

### Ionstraimí díorthacha airgeadais

Téann an Grúpa i mbabhtálacha ráta úis lena neamhchosaint ar riosca ráta úis a láimhseáil. Chuaigh an Grúpa i réamhchonarthaí i malairt eachtrach lena neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh, a eascraíonn as nithe infhaighte CBL Steirling a bhaineann le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar, a láimhseáil. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí díorthacha airgeadais le fáil i nóta 27.

Aithnítear ionstraimí díorthacha airgeadais de chéaduair de réir an luacha chóir ar an dáta a théitear sa chonradh díorthach agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir a luacha chóir ag gach dáta de chuid an Chláir Chomhardaithe. Dearbhaítear luach cóir na mbabhtálacha ráta úis tráth dháta an tuairiscithe trí na sreafaí airgid amach anseo a lascainiú, agus leas á bhaint as fachtóirí lascainithe atá idirshuite ó na cuair ráta úis tráth dháta an tuairiscithe. Dearbhaítear luach cóir na réamhchonarthaí i malairt eachtrach tráth dháta an tuairiscithe trí rátaí réamh-mhalairte luaite a thagann le haibíocht na gconarthaí, a thomhas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas dá thoradh i mbrabús nó i gcaillteanas láithreach mura mbíonn an díorthach sainithe agus éifeachtach mar ionstraim fálaithe; sa chás sin, braitheann uainiú na haitheanta i mbrabús nó i gcaillteanas ar nádúr an ghaoil fálaithe.

### Tomhas Luacha Chóir

Chuir an Grúpa IRS 13 – Tomhas Luacha Chóir i bhfeidhm den chéad uair sa bhliain reatha. Bunaítear le IFRS 13 foinse aonair treorach maidir le tomhais luacha chóir agus maidir le nochtadh eolais maidir le tomhais luacha chóir. Is leathan atá raon feidhme IFRS 13; baineann ceanglais IFRS 13 maidir le tomhais luacha chóir le míreanna is ionstraimí airgeadais agus le míreanna nach ionstraimí airgeadais araon dá gceanglaítear nó dá gceadaítear le IFRSanna eile tomhais luacha chóir agus nochtadh eolais maidir le tomhais luacha chóir.

Le IFRS 13, sainítear luach cóir mar an praghas a gheofaí chun sócmhainn a dhíol nó mar an praghas a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil sa phríomh-mhargadh (nó sa mhargadh is mó tairbhe) ag dáta an tomhais faoi dhálaí reatha an mhargaidh. Faoi IFRS 13, is ionann luach cóir agus praghas scoir, is cuma cé acu atá an praghas sin inbhraite go díreach nó measta trí theicníc eile luachála a úsáid. Chomh maith leis sin, tá ceanglais fhairsinge maidir le nochtadh eolais ag gabháil le IFRS 13.

Is gá IFRS 13 a chur i bhfeidhm go hionchasach i gcás tréimhsí bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Ina theannta sin, tugadh forálacha idirthréimhseacha sonracha d'aonáin a fhágann nach gá dóibh an ceanglas maidir le nochtadh eolais atá leagtha amach sa Chaighdeán a chur i bhfeidhm i bhfaisnéis chomparáideach a thugtar do thréimhsí roimh chur i bhfeidhm tosaigh an Chaighdeáin.

Ar aon dul leis na forálacha idirthréimhseacha sin, ní dhearna an Grúpa aon nochtadh eolais nua a cheanglaítear le IFRS 13 do thréimhse chomparáideach na bliana 2013 (féach nótaí 15, 16, 19, 23, 26 agus 27 le haghaidh nochtadh eolais don bhliain 2014). Seachas nochtadh eolais breise, ní raibh aon tionchar ábhartha ag cur i bhfeidhm IFRS 13 ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Ionstraimí fálaithe

Sainíonn an Grúpa a chuid babhtálacha ráta úis mar fháluithe sreafa airgid. Tráth thús an ghaoil fálaithe, cuireann an Grúpa an gaol idir an ionstraim fálaithe agus an mhír fhálaithe i gcuntas, mar aon lena chuspóirí bainistíochta riosca agus a straitéis i leith tabhairt faoi idirbhearta éagsúla fálaithe. Ina theannta sin, tráth thús an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, cuireann an Grúpa i gcuntas cibé acu an an-éifeachtach nó nach an-éifeachtach an ionstraim fálaithe a úsáidtear i ngaol fálaithe i dtaca le hathruithe ar shreabhadh airgid na míre fálaithe a fhritháireamh.

Iarchuirtear i gcothromas an chuid éifeachtach d'athruithe ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis a shainítear agus a cháilítear mar fháluithe sreafa airgid. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann leis an gcuid neamhéifeachtach láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas, agus áirítear é sna costais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Athchúrsáiltear suimeanna a iarchuirtear i gcothromas i mbrabús nó i gcaillteanas sna tréimhsí nuair a aithnítear an mhír fhálaithe i mbrabús nó i gcaillteanas, ar an líne chéanna den Ráiteas Ioncaim agus an mhír aitheanta fhálaithe, nó mar a chuirtear isteach mar bhunchoigeartú ar mhír fhálaithe neamhairgeadais.

Scoirtear cuntasaíocht fálaithe nuair a chúlghaireann an Grúpa an gaol fálaithe, nuair a éagann, nuair a dhíoltar, nuair a chuirtear i gcrích nó nuair a fheidhmítear an ionstraim fálaithe, nó nuair nach gcáilíonn sí le haghaidh cuntasaíocht fálaithe a thuilleadh.

Leagtar sonraí amach i nóta 27 faoi luachanna córa bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa san am i láthair a úsáidtear le haghaidh cúinsí fálaithe. Chomh maith leis sin, sonraítear gluaiseachtaí sa chúlchiste fálaithe i gcothromas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

### Iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara

Aithnítear iasachtaíocht agus iasachtaí úsmhara i dtosach ag luach cóir is ionann le luach na bhfáltas faighte lúide aon chostais socraithe atá inchurtha go díreach. Tar éis an chéad aitheantais, luaitear na hiasachtaí sin ag costas amúchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

### Ioncam agus costais airgeadais

Tuilltear ioncam úis ar thaiscí bainc agus fabhraítear é ar bhonn ama trí thagairt don phríomhshuim amuigh agus de réir an ghlanráta úis is infheidhme, arb ionann é agus an ráta a lascainíonn go díreach na fáltais airgid a mheastar amach anseo trí shaol ionchais na sócmhainne airgeadais go luach na sócmhainne sin a thugtar anonn.

Tuilltear ioncam freisin trí ús arna choigeartú do bhoilsciú a ghearradh ar chostais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha.

Cuimsíonn costais airgeadais ús ar iasachtaí agus babhtálacha gaolmhara ráta úis. Aithnítear costais airgeadais mar chostas sa tréimhse ina dtabhaítear iad, seachas nuair atá costais airgeadais inchurtha go díreach i leith fáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainní incháilithe. Sa chás sin, cuirtear iad i gcuntas mar chostais iasachtaíochta.

Ríomhtar costais airgeadais ag úsáid mhodh an ghlanráta úis, modh chun costas amúchta dliteanas airgeadais a ríomh agus caiteachas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é atá sa ghlanráta úis an ráta a lascainíonn go díreach na híocaíochtaí airgid a mheastar amach anseo trí shaol ionchais an dliteanais airgeadais.

### Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus foinsí tábhachtacha neamhchinnteacht meastacháin

I dtaca le hullmhú Ráiteas Airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh faoi shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth dháta an Chláir Chomhardaithe agus na suimeanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na tréimhse nach bhfuil fáil éasca orthu ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar atá ábhartha. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí féin bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach.

## 2. Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Seo a leanas príomhfhoinsí neamhchinnteachta agus meastacháin agus breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta:

- **Saolréanna fónta réadmhaoine, gléasra agus trealaimh**

  Braitheann an muirear dímheasa le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne go príomha, agus i gcásanna áirithe, ar mheastacháin an luacha iarmharaigh. Dearbhaíonn an lucht bainistíochta saolréanna fónta na sócmhainní tráth fháil na sócmhainní agus athbhreithnítear gach bliain iad le haghaidh oiriúnachta. Bunaítear na saolréanna ar thaithí stairiúil le sócmhainní dá samhail, chomh maith le réamh-mheas imeachtaí amach anseo a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saolré, amhail athruithe teicneolaíochta. Ós rud é gur tháinig an EWIC i mbun feidhme sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013, breithiúnas ríthábhachtach is ea dearbhú na saolréanna fónta. De réir na staire, ní raibh athruithe ar shaolréanna fónta ina mbunús le hathruithe ábhartha ar mhuirear dímheasa an Ghrúpa.

- **Oibleagáidí sochar scoir**

  Tá dhá phlean pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an nGrúpa. Bunaítear luacháil achtúireach dhliteanais an phlean pinsin ar thoimhdí éagsúla airgeadais agus déimeagrafacha i dtaobh na todhchaí, lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, méaduithe ar thuarastail, méaduithe ar phinsin agus rátaí básmhaireachta. Ríomhann achtúirí neamhspleácha cáilithe oibleagáid an Ghrúpa i dtaobh na bpleananna agus nuashonraítear iad uair amháin sa bhliain ar a laghad. Is é an oibleagáid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 €136.2 milliún (2013: €102.0 milliún) agus is é luach cóir na sócmhainní plean €117.7 milliún (2013: €91.6 milliún). Tugann sé sin glaneasnamh pinsin €18.5 milliún (2013: €10.4 milliún).

- **Cáin iarchurtha**

  Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid gur dócha go mbeidh brabús inchánach amach anseo ar fáil ar féidir aon chaillteanais neamhúsáidte chánach agus creidmheasanna neamhúsáidte cánach a úsáid ina n-éadan. Déanann an Grúpa meastachán ar an tsuim is dóchúla de bhrabúis inchánacha amach anseo trí thoimhdí a úsáid atá comhsheasmhach leo siúd a úsáidtear i ríomhanna bearnaithe. Teastaíonn meastacháin faoi choinne na ríomhanna sin. B'ionann an ghlansócmhainn chánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €4.1 milliún (2013: glansócmhainn chánach iarchurtha €3.2 milliún).

- **Sócmhainní doláimhsithe**

  Tástálann an Grúpa go bliantúil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon bhearnú ar a shócmhainní cáilmheasa agus comhaontaithe ceadúnais. Dearbhaíodh suim in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháiltear ar aonad giniúna airgid (CGU) de réir ríomhanna luach úsáide, a úsáideann buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Teastaíonn meastacháin agus toimhdí faoi choinne na ríomhanna sin, nithe a phléitear níos mine i Nóta 12. B'ionann na sócmhainní doláimhsithe amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €17.1 milliún (2013: €16.4 milliún).

- **Smacht ar fhochuideachtaí**

  Tá smacht ag an nGrúpa ar na fochuideachtaí seo a leanas atá faoi úinéireacht iomlán: EirGrid UK Holdings Limited, SONI Teoranta, EirGrid Interconnector Limited agus EirGrid Telecoms Limited. Déantar plé níos mine ar na fochuideachtaí i nóta 13.

- **Próisis um thomhas luacha chóir agus um luacháil**

  Seachas nochtadh breise, ní raibh aon tionchar ábhartha ag cur i bhfeidhm IFRS 13 ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.

- **Oibriú an EWIC**

  Tháinig an EWIC i mbun feidhme le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013. Tá tuilleadh sonraí i Nóta 7 faoi na príomhbhreithiúnais i dtaca leis an EWIC.

## 3. Faisnéis Mhíre

Is comhpháirt den aonán í mír oibriúcháin a phléann le gníomhaíochtaí gnó óna bhféadfadh sí ioncam a thuilleadh agus costais a thabhú, a ndéanann an Bord, príomhchinnteoir oibriúcháin an aonáin, athbhreithniú rialta ar a cuid torthaí oibriúcháin d'fhonn cinntí a dhéanamh faoi leithdháileadh acmhainní ar an mír agus d'fhonn a feidhmíocht a mheas agus a bhfuil faisnéis scoite airgeadais ar fáil di. Déantar an Grúpa a anailísiú i gceithre phríomh-mhír intuairiscithe le haghaidh tuairisciú inmheánach:

- Oibreoir Córais Tarchurtha EirGrid ("TSO EirGrid"), a fhaigheann a chuid ioncaim as seirbhísí a chur ar fáil mar TSO in Éirinn agus a rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh é.
- Oibreoir Margaidh Aonair Leictreachais ('SEMO'), a fhaigheann a chuid ioncaim as bheith mar Oibreoir Margaidh don mhargadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann.
- Oibreoir Córais Tarchurtha SONI ('TSO SONI'), a fhaigheann a chuid ioncaim as bheith mar TSO i dTuaisceart Éireann arna cheadúnú ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI). Áirítear trádáil in EirGrid UK Holdings Limited, cuideachta shealbhaíochta fhochuideachta SONI, le mír SONI.
- Oibriú agus úinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar ('EWIC'), a nascann eangacha leictreachais na hÉireann agus na Breataine le chéile.

Seo a leanas na torthaí míre don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2014:

| Míreanna an Ráitis Ioncaim | Nótaí | TSO EirGrid € '000 | SEMO € '000 | TSO SONI € '000 | EWIC € '000 | Díothuithe € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam míre | | 340,161 | 169,368 | 107,909 | 79,053 | (28,128) | 668,363 |
| Costais dhíreacha | | (286,770) | (149,718) | (92,828) | - | 28,128 | (501,188) |
| Ollbhrabús | | 53,391 | 19,650 | 15,081 | 79,053 | - | 167,175 |
| Costais oibriúcháin eile | | (48,788) | (15,194) | (16,823) | (22,143) | - | (102,948) |
| Brabús/(caillteanas) oibriúcháin | | 4,603 | 4,456 | (1,742) | 56,910 | - | 64,227 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 305 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (20,325) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | | 44,207 |
| Creidmheas/(costas) cáin ioncaim | | | | | | | (5,650) |
| **Brabús don bhliain** | | | | | | | **38,557** |
| **Míreanna an Chláir Chomhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní míre | | 263,140 | 74,486 | 26,324 | 563,624 | - | 927,574 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | | | | | | 17,079 |
| Sócmhainní iomlána faoi mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 944,653 |
| Dliteanais mhíre | | 448,635 | 46,418 | 22,618 | 268,302 | - | 785,973 |
| Dliteanais iomlána faoi mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 785,973 |

## 3. Faisnéis Mhíre (ar lean)

Seo a leanas na torthaí míre comparáideacha don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2013:

| Míreanna an Ráitis Ioncaim | Nótaí | TSO EirGrid € '000 | SEMO € '000 | TSO SONI € '000 | EWIC € '000 | Díothuithe € '000 | Iomlán* € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam míre | | 308,824 | 186,034 | 108,196 | 50,965 | (31,959) | 622,060 |
| Costais dhíreacha | | (252,458) | (161,760) | (76,916) | - | 31,959 | (459,175) |
| Ollbhrabús | | 56,366 | 24,274 | 31,280 | 50,965 | - | 162,885 |
| Costais oibriúcháin eile | | (51,962) | (16,231) | (14,798) | (6,423) | - | (89,414) |
| Brabús oibriúcháin | | 4,404 | 8,043 | 16,482 | 44,542 | - | 73,471 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 466 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (13,366) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | | 60,571 |
| Costas cáin ioncaim | | | | | | | (7,718) |
| **Brabús don bhliain** | | | | | | | **52,853** |
| **Míreanna an Chláir Chomhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní míre | | 228,140 | 79,127 | 28,171 | 592,220 | - | 927,658 |
| Cáilmheas agus sócmhainní doláimhsithe | 12 | | | | | | 16,401 |
| Sócmhainní iomlána faoi mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 944,059 |
| Dliteanais mhíre | | 433,331 | 54,442 | 25,788 | 275,089 | - | 788,650 |
| Dliteanais iomlána faoi mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | 788,650 |

**Faisnéis tíreolaíochta**

| | Ioncam | | Sócmhainní neamhreatha | |
|---|---|---|---|---|
| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Éire | 518,112 | 467,355 | 596,097 | 607,097 |
| An Ríocht Aontaithe | 150,251 | 154,705 | 35,463 | 30,850 |
| Iomlán | 668,363 | 622,060 | 631,560 | 637,947 |

* Faoi mar a athshonraíodh chun an glacadh le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

**Faisnéis faoi mhórchustaiméirí**

San áireamh in ioncam míre TSO EirGrid de €340.2m don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: €308.8m) tá ioncam de thart ar €165.8m (2013: €142.8m), €69.8m (2013: €63.1m), €44.3m (2013: €43.4m) agus €36.1m (2013: €30.4m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na ceithre chustaiméir ba mhó de chuid na míre.

San áireamh in ioncam míre SEMO de €169.4m don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: €186.0m) tá ioncam de thart ar €62.7m (2013: €62.2m), €39.3m (2013: €45.9m), €37.3m (2013: €44.0m) agus €14.3m (2013: €16.5m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na ceithre chustaiméir ba mhó de chuid na míre. San áireamh in ioncam míre TSO SONI de €107.9m don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: €108.2m) tá ioncam de thart ar €31.0m (2013: €42.8m), €26.9m (2013: €21.5m) agus €11.8m (2013: €11.9m) a d'eascair ó dhíolacháin leis na trí chustaiméir ba mhó de chuid na míre.

## 4. Fostaithe

Ba é 400 duine meánlíon na ndaoine a d'fhostaigh an Grúpa le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: 396), gan baill foirne a bhí gafa le tionscadail chaipitil a áireamh.

Ba é 60 duine meánlíon na ndaoine a bhí gafa le tionscadail chaipitil le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: 53). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe sin agus b'ionann iad agus €6.1 milliún san iomlán don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: €5.9 milliún).

Meánlíon na bhfostaithe sa bhliain de réir gníomhaíocht ghnó:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 Líon** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 Líon |
|---|---|---|
| TSO EirGrid | 234 | 238 |
| TSO SONI | 97 | 88 |
| SEMO | 62 | 63 |
| EWIC | 7 | 7 |
| Tionscadail chaipitil | 60 | 53 |
| Iomlán | 460 | 449 |

Bhí a leanas i gceist leis an luach saothair iomlán a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite, lena n-áirítear tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Pánna agus Tuarastail | 31,018 | 30,421 |
| Costais leasa shóisialaigh | 3,161 | 3,333 |
| Costais phinsin | 6,564 | 5,603 |
| Iomlán | 40,743 | 39,357 |

## 5. Costais Oibriúcháin Eile

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaithe (nóta 4) | 40,743 | 39,357 |
| Dímheas sócmhainní neamhreatha (nóta 14) | 30,104 | 20,071 |
| Amúchadh deontais (nóta 17) | (3,072) | (768) |
| Oibríochtaí agus cothabháil | 34,495 | 29,243 |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar ionstraimí díorthacha airgeadais | - | 30 |
| Bearnú sócmhainní doláimhsithe (nóta 12) | 678 | 1,481 |
| Iomlán | 102,948 | 89,414 |

D'eascair an caillteanas/(gnóthachan) ar ionstraimí díorthacha airgeadais in 2013 ó cheannacháin réamhchonarthaí i ráta malairte eachtraí. Úsáideadh na conarthaí sin le maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le malairt airgeadra eachtraigh ar shuimeanna infhaighte CBL Steirling a tháinig chun cinn mar thoradh ar thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar. Ba neamh-amhantrach na ceannacháin réamhchonarthaí i ráta malairte eachtraí.

## 6. Ús agus Ioncam Eile agus Costais Airgeadais

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000* |
|---|---|---|
| **Ioncam úis:** | | |
| Ioncam úis ar thaiscí | 305 | 466 |
| **Costais airgeadais:** | | |
| Ús ar iasachtaí agus babhtálacha gaolmhara ráta úis | 20,046 | 12,598 |
| Glan-ús ar an scéim pinsean (nóta 23) | 279 | 768 |
| Costais airgeadais iomlána | 20,325 | 13,366 |

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis de bharr go bhfaigheann sé cistí ar iasacht de réir rátaí comhlúthacha úis. Déanann an Grúpa bainistiú ar an riosca trí mheascán cuí a choinneáil idir iasachtaí ráta chomhlúthaigh agus iasachtaí ráta sheasta trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis.

* Faoi mar a athshonraíodh chun an glacadh le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

## 7. Oibríochtaí an Idirnascaire Thoir-Thiar

Mar gheall ar an tábhacht a bhain le nascadh an Idirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) leis na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór a tháinig i bhfeidhm le linn na bliana roimhe sin, cuirtear i láthair an tionchar a bhí ag an EWIC ar an Ráiteas Ioncaim i gcolún ar leith ar aghaidh an Ráitis Ioncaim.

Bhí sé beartaithe an EWIC a chur i bhfeidhm go hiomlán an 1 Deireadh Fómhair 2012, agus, mar gheall air sin, bunaíodh an taraif rialaithe ar chur i bhfeidhm iomlán ón tréimhse sin agus cuireadh tús leis ar an dáta sin. Mar sin féin, cuireadh moill ar thús na feidhme iomláine go dtí an 1 Bealtaine 2013.

San ioncam don EWIC don tréimhse, bhí an taraif rialála €33.9m (2013: €33.0m) don bhliain iomlán. As an ioncam sin, bhain €nialas (2013:€11) le costais fónaimh d'fhiachas ar iasachtaí i leith an EWIC, a caipitlíodh le linn na tréimhse anuas go dtí an 1 Bealtaine 2013 nuair a tháinig an EWIC i mbun feidhme go hiomlán de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa maidir le caipitliú costais iasachtaí.

Baineann an chuid eile den ioncam i leith an EWIC le fáltais cheant ar fiú €35.7m san iomlán iad (2013: €15.0m) agus le hioncam as seirbhísí córais eile a chur ar fáil. Is éard atá i bhfáltais cheant ná sruth ioncaim don Ghrúpa a eascraíonn as oibriú an EWIC trína ndíoltar toilleadh ar an idirnascaire. Tá fáltais cheant ina gcuid de dhearbhú na róghnóthuithe rialála a thabharfar ar ais i dtréimhsí amach anseo. Bhí an ráta taraife do 2014 ag súil le fáltais cheant a bheadh cothrom le €8m (2013: €10m).

B'ionann Brabús roimh Chánachas sa bhliain iomlán d'oibríochtaí an EWIC agus €38.1m (2013: €34.0m). Ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, tabharfar aon róghnóthuithe rialála a thagann aníos sa bhliain ar ais do thomhaltóirí i dtréimhse tharaife ina dhiaidh seo agus ní dhearnadh soláthar di sna ráitis airgeadais.

Tá an Grúpa tiomanta do chaiteachas deiridh de €9.5m (2013: €8m) (féach nóta 21) i leith an EWIC, rud as a dtiocfaidh costas iomlán tógála de €563.5m.

I nóta 26 agus i nóta 27, tugtar sonraí faoi mhaoiniú agus faoi bhainistíocht riosca airgeadais an Ghrúpa. Rinneadh na hiasachtaí go léir a fhálú go hiomlán ag úsáid babhtálacha ráta úis mar a nochtar i nóta 27.

## 8. Brabús roimh Chánachas

Luaitear an brabús roimh chánachas i ndiaidh an mhéid seo a leanas a ghearradh/(a chur do shochar):

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 14) | 30,104 | 20,071 |
| Amúchadh deontais (nóta 17) | (3,072) | (768) |
| Cíosanna léas oibriúcháin | 2,062 | 1,999 |
| (Gnóthachan)/caillteanas malairte eachtraí | (1,738) | 1,016 |

Déantar anailís ar luach saothair na Stiúrthóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais mar seo a leanas:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| - le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóir | 108 | 108 |
| - le haghaidh seirbhísí mar bhainisteoir feidhmiúcháin | 214 | 211 |
| Iomlán | 322 | 319 |

Déantar anailís ar luach saothair na nIniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais mar seo a leanas:

| **Grúpa** | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| - iniúchadh ar chuideachtaí grúpa | 131 | 110 |
| - seirbhísí dearbhaithe eile | 3 | 2 |
| - seirbhísí comhairleacha cánach | 183 | 130 |
| - seirbhísí neamhiniúchóireachta | 19 | 3 |

| **Cuideachta** | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| - iniúchadh ar chuntais chuideachta aonair | 64 | 45 |
| - seirbhísí dearbhaithe eile | 3 | 2 |
| - seirbhísí comhairleacha cánach | 43 | 52 |
| - seirbhísí neamhiniúchóireachta | 19 | 3 |

## 9. Cánacha Ioncaim

Muirear ar an Ráiteas Ioncaim:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Costas reatha cánach | 1,799 | 3,783 |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le tosú agus cúlú difríochtaí sealadacha | 3,891 | 4,500 |
| Tionchar athruithe ar rátaí agus ar dhlíthe cánach | (40) | (565) |
| Costas cáin ioncaim don bhliain | 5,650 | 7,718 |

Féadtar an muirear iomlán don bhliain a réiteach leis an mbrabús cuntasaíochta mar seo a leanas:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 44,207 | 60,571 |
| Cánachas de réir ráta caighdeánach 12.5% (2013: 12.5%) | 5,526 | 7,571 |
| Tionchar ag rátaí níos airde cánach ar ioncam eile | 883 | 173 |
| Tionchar ag ioncam agus speansais nár cuireadh san áireamh agus brabús inchánach á dhearbhú | (100) | 171 |
| Tionchar ag an gcreidmheas cánach um thaighde agus forbairt | (437) | (227) |
| Tionchar ag ús caipitlithe incheadaithe do cháin | - | (1,342) |
| Tionchar ar iarmhéideanna cánach iarchurtha de bharr an athraithe ar ráta cáin ioncaim na Ríochta Aontaithe | (40) | (565) |
| Tionchar ag rátaí níos airde cánach ar (chaillteanais)/ ghnóthachain i bhfochuideachtaí na Ríochta Aontaithe | (101) | 1,911 |
| Rósholáthar i mblianta roimhe seo | (139) | (95) |
| Difríochtaí eile | 58 | 121 |
| Cáin ioncaim a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim | 5,650 | 7,718 |

Ríomhtar cáin chorparáide i leith oibríochtaí an Ghrúpa lonnaithe sa Ríocht Aontaithe ag 22% (2013: 23.5%) den bhrabús inmheasúnaithe measta don bhliain. D'athraigh gnáthráta cháin chorparáide na Ríochta Aontaithe ó 23% go dtí 21% le héifeacht ón 1 Aibreán 2014.

Beidh tionchar ag aon athruithe ar an ráta cánach corparáide a bheidh i bhfeidhm sna tíortha ina bhfeidhmíonn an Grúpa ar an muirear cánach i dtréimhsí amach anseo. Sa Ríocht Aontaithe, áiríodh leis an Finance Act 2013 laghdú ar ráta na cánach ioncaim corparáide ó 23% go 21%. Achtaíodh an t-athrú sin go substainteach an 2 Iúil 2013. Bhí feidhm leis an laghdú ráta ón 1 Aibreán 2014. Ina theannta sin, fógraíodh agus achtaíodh go substainteach an 17 Iúil 2014 sa Finance Act 2014 laghdú breise ar ráta na cánach ioncaim corparáide go 20% ón 1 Aibreán 2015.

Ní mór iarmhéideanna cánach iarchurtha a aithint de réir an ráta cánach todhchaí is infheidhme nuair atáthar ag súil go leachtófar an t-iarmhéid. Mar sin, tá an laghdú ráta go 20% léirithe san iarmhéid cánach iarchurtha deiridh.

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(dliteanais) c(h)ánach iarchurtha uathu seo a leanas:

| Grúpa | Sócmhainní doláimhsithe € '000 | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí sochair scoir € '000 | Faluithe sreafa airgid € '000 | Caillte-anais chánach € '000 | Íocaíocht Alt 75 € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (Dliteanas)/sócmhainn c(h)ánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | (4,324) | 1,733 | 2,879 | 10,732 | - | 367 | 11,387 |
| Creidmheas/(muirear) ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | 841 | (6,109) | 14 | - | 1,669 | (350) | (3,935) |
| (Muirear)/creidmheas ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | - | (1,506) | (2,881) | - | - | (4,387) |
| Difríochtaí malairte | 202 | 10 | (7) | (14) | - | (17) | 174 |
| (Dliteanas)/sócmhainn c(h)ánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | (3,281) | (4,366) | 1,380 | 7,837 | 1,669 | - | 3,239 |
| Creidmheas/(muirear) ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | 136 | (3,401) | 316 | - | (942) | - | (3,891) |
| Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | - | 763 | 4,220 | - | - | 4,983 |
| Difríochtaí malairte | (270) | - | 31 | 2 | - | - | (237) |
| (Dliteanas)/sócmhainn c(h)ánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | (3,415) | (7,767) | 2,490 | 12,059 | 727 | - | 4,094 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha | - | - | 2,490 | 12,059 | 727 | - | 15,276 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (3,415) | (7,767) | - | - | - | - | (11,182) |
| Iomlán | (3,415) | (7,767) | 2,490 | 12,059 | 727 | - | 4,094 |

## 9. Cánacha Ioncaim (ar lean)

| Cuideachta | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí scoir sochair € '000 | Faluithe sreafa airgid € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Sócmhainn chánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 1,924 | 2,721 | 7,133 | 11,778 |
| (Muirear)/creidmheas ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (498) | 27 | - | (471) |
| Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | (1,591) | (1,860) | (3,451) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 1,426 | 1,157 | 5,273 | 7,856 |
| (Muirear)/creidmheas ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | (578) | 41 | - | (537) |
| Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | - | 811 | 3,107 | 3,918 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 848 | 2,009 | 8,380 | 11,237 |

**Anailís ar shócmhainní/(dliteanais) chánach iarchurtha de réir dlínse chánach:**

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Éire | 3,504 | 6,204 | 11,237 | 7,856 |
| An Ríocht Aontaithe | 590 | (2,965) | - | - |
| Glansócmhainn chánach iarchurtha | 4,094 | 3,239 | 11,237 | 7,856 |

## 10. Ráiteas Ioncaim na Cuideachta

Faoi mar a cheadaítear le halt 148(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus le halt 7(1A) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, tá an Mháthairchuideachta ag baint leas as an díolúine óna Ráiteas Ioncaim leithleach a chur ar fáil don chruinniú cinn bliana agus as é a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Áirítear leis an mbrabús comhdhlúite don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 brabús inchurtha i leith na Cuideachta dar luach €55,970,000 (2013: €23,338,000).

## 11. Díbhinní

Mar a léirítear i nóta 18, eisíonn an chuideachta aicme amháin de scairchaipiteal, is í sin, Gnáthscaireanna. Is mar seo a leanas atá na díbhinní i leith na haicme sin de scairchaipiteal:

| **Díbhinní do Scairshealbhóirí** | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2014 € '000 |
|---|---|---|
| **Cothromas** | | |
| Eatramhach - €133.333 sa Ghnáthscair | - | 4,000 |
| Iomlán | - | 4,000 |

## 12. Sócmhainní doláimhsithe

| Grúpa | Cáilmheas € '000 | Comhaontuithe ceadúnais € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 4,861 | 19,871 | 24,732 |
| Difríochtaí malairte | (253) | (1,075) | (1,328) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 4,608 | 18,796 | 23,404 |
| Difríochtaí malairte | 363 | 1,544 | 1,907 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 4,971 | 20,340 | 25,311 |
| | | | |
| **Caillteanais Charnach Bhearnaithe** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 4,758 | 1,066 | 5,824 |
| Muirear bearnaithe | 98 | 1,383 | 1,481 |
| Difríochtaí malairte | (248) | (54) | (302) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 4,608 | 2,395 | 7,003 |
| Muirear bearnaithe | - | 678 | 678 |
| Difríochtaí malairte | 363 | 188 | 551 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 4,971 | 3,261 | 8,232 |
| | | | |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2014** | **-** | **17,079** | **17,079** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | - | 16,401 | 16,401 |

Tráth dháta an Chláir Chomhardaithe, leithdháileadh luach an cháilmheasa caipitlithe agus na gcomhaontuithe ceadúnais ar aonaid ghiniúna airgid (CGUnna) an Ghrúpa d'fhonn bearnú féideartha a mheas. Seo a leanas achoimre ar leithdháileadh sócmhainní doláimhsithe de réir an phríomhaonaid ghiniúna airgid:

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| TSO SONI | 14,647 | 13,519 |
| SEMO | 2,432 | 2,882 |
| Iomlán | 17,079 | 16,401 |

Dearbhaíodh suim in-aisghabhála na sócmhainní doláimhsithe a leithdháiltear ar aonad giniúna airgid (CGU) de réir ríomhanna luach úsáide, a úsáideann buiséid agus tuartha a chlúdaíonn an tréimhse anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Is í sin an tréimhse a gcreideann an lucht bainistíochta gur féidir réamhaisnéis scoite maidir le sreafaí airgid ionchais a dhéanamh go réasúnta di. Is iad na príomhthoimhdí a úsáidtear chun ríomhanna an luacha in úsáid a mheas iad siúd a bhaineann le rátaí lascaine, rátaí borrtha agus aisghabhálacha rialaithe measta a eascraíonn ó rialuithe praghsanna.

Bhí siad seo a leanas ar na príomhthoimhdí a úsáideadh sna ríomhanna:

- Bunaíodh leibhéil bhrabúsachta TSO SONI agus SEMO ar na rialuithe praghsanna rialála a comhaontaíodh in 2011 agus in 2013 faoi seach. Clúdaíonn rialú praghsanna SONI an tréimhse idir 2010 agus 2015 agus clúdaíonn rialú praghsanna SEMO an tréimhse idir 2013 agus 2016. Úsáideadh aisghabhálacha measta rialála chun leibhéil bhrabúsachta a thuar sa tréimhse tar éis na rialuithe praghsanna reatha;
- Glacadh le rátaí lascaine 4.83% agus 4.79% (2013: 4.79% agus 4.85%) le haghaidh CGUnna SEMO agus TSO SONI faoi seach, bunaithe ar na rialuithe praghsanna rialála a comhaontaíodh in 2011 agus in 2013;

## 12. Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)

- Glacadh le rátaí fáis 2.0% (2013: 2.0%) i suthaineacht le haghaidh bhunanna sócmhainne rialála (RAB) SEMO agus TSO SONI faoi seach. Glacadh le ráta fáis de nialas % (2013: nialas %) i suthaineacht le haghaidh dhreasachtaí rialála SEMO agus TSO SONI. Léiríonn na toimhdí sin ionchas an lucht bainistíochta le haghaidh fás fadtéarmach.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, leithdháileadh cáilmheas €nialas agus comhaontuithe ceadúnais arbh fhiú €13.5m iad ar TSO SONI roimh thástáil bhearnaithe. Díorthaíonn TSO SONI a ioncam ar fad as bheith ag gníomhú mar Oibreoir Córais Tarchurtha le haghaidh Thuaisceart Éireann. Ar bhonn na dtoimhdí thuas, tá na Stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil aon bhearnú cáilmheasa ann (2013: €1.5m).

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, leithdháileadh cáilmheas €nialas agus comhaontuithe ceadúnais arbh fhiú €2.9m iad ar SEMO roimh thástáil bhearnaithe. Díorthaíonn SEMO a ioncam ar fad as bheith ag gníomhú mar Oibreoir Margaidh le haghaidh an Mhargaidh Aonair Leictreachais. Ar bhonn na dtoimhdí thuas, tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil bearnú €0.7m (2013: €nialas) ar chomhaontuithe ceadúnais. Aithnítear an caillteanas bearnaithe laistigh de chostais oibriúcháin sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim.

Braitheann tástáil bhearnaithe ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais an lucht bainistíochta, go háirithe i ndáil le tuar sreafa airgid amach anseo, leis na rátaí lascaine arna gcur i bhfeidhm ar an sreabhadh airgid sin agus leis na rátaí fadtéarmacha fáis a mheastar. Tá anailís íogaireachta déanta ag an nGrúpa ar an tástáil bhearnaithe a rinneadh ar luachanna de réir na leabhar de chuid gach cinn de na CGUnna. Bheadh bearnú €0.9m (2013: €nialas) ar luach an cheadúnais i CGU SEMO agus bearnú €nialas (2013: €nialas) agus €nialas (2013: €2.6m) ar luach an cháilmheasa agus an cheadúnais i CGU TSO SONI faoi seach mar thoradh ar mhéadú 0.5% sa ráta lascaine. Bheadh bearnú €1.0m (2013: €nialas) ar luach an cheadúnais i CGU SEMO agus bearnú €nialas (2013: €nialas) agus €2.2m (2013: €3.5m) ar luach an cháilmheasa agus an cheadúnais i CGU SONI faoi seach mar thoradh ar laghdú 1% ar ráta fáis suthaineachta RAB.

## 13. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Seo a leanas fochuideachtaí an Ghrúpa, a bhfuil gach ceann díobh faoi úinéireacht iomlán:

| Fochuideachta | Tír a Corpraithe | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|---|
| EirGrid UK Holdings Limited | Tuaisceart Éireann | Cuideachta shealbhaíochta |
| SONI Teoranta | Tuaisceart Éireann | TSO |
| EirGrid Interconnector Limited | Éire | Idirnascadh |
| EirGrid Telecoms Limited | Éire | Teileachumarsáid |

Tá EirGrid UK Holdings Limited, EirGrid Interconnector Limited agus EirGrid Telecoms Limited faoi úinéireacht dhíreach na Cuideachta. Tá SONI Limited faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings Limited.

Tá EirGrid cpt agus EirGrid Interconnector Limited ina bpáirtithe de chomhaontuithe airgeadaithe áirithe maidir le tógáil an Idirnascaire Thoir-Thiar a éilíonn faomhadh ó bhainc iasachta d'aon dáileadh ó EirGrid Interconnector Limited chuig EirGrid cpt.

Is í oifig chláraithe EirGrid Interconnector Limited agus EirGrid Telecoms Limited: An Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Is í oifig chláraithe EirGrid UK Holdings Limited agus SONI Teoranta: Teach an Chaisleáin Riabhaigh, 12 Bóthar an Mhansa, Béal Feirste, BT6 9RT.

## 13. Infheistíocht i bhFochuideachtaí (ar lean)

| **Infheistíocht i bhFochuideachtaí Cuideachta** | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 155,711 | 161,821 |
| Instealltaí caipitil in EirGrid Interconnector Limited | - | 423 |
| Instealltaí caipitil in EirGrid Telecoms Limited | - | 193 |
| Coigeartú ar an ranníocaíocht chaipitil | - | (6,726) |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 155,711 | 155,711 |

Baineann gluaiseachtaí sa bhliain roimhe sin le tuilleadh infheistíochtaí in EirGrid Interconnector Limited agus in EirGrid Telecoms Limited.

Le linn na bliana, thug an Chuideachta €nialas (2013: €0.7m) ar airleacan do EirGrid Interconnector Limited trí iasacht idirchuideachta. Thug an Chuideachta airleacain iomlána de €31.7m (2013: €31.7m) do EirGrid Interconnector Limited agus fiach iomlán ar iasacht de €285.0m (2013: €285.0m). Níl aon ús iníoctha ar na suimeanna sin faoin gcomhaontú iasachta idirchuideachta. Le linn na bliana, rinne EirGrid Interconnector Limited aisíocaíocht luathaithe aonuaire as fiach ar iasacht arbh fhiú €nialas í (2013: €15.8m). Mar thoradh ar an aisíocaíocht sin, cuirtear san áireamh thuas coigeartú ar an ranníocaíocht chaipitil a aithníodh roimhe sin i dtaca le fiach ar iasacht de €nialas (2013: €6.7m). D’aithin an Chuideachta infheistíocht €155.5m (2013: €155.5m) in EirGrid Interconnector Limited, suim a léiríonn meastachán luacha láithreach an ráta úis tráchtála a tharscaoil an Chuideachta thar shaolré na n-iasachtaí sin.

## 14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh * € '000 | Daingneáin agus feistis € '000 | TF, trealamh teileachu-marsáide agus eile € '000 | Margadh Leictreachais Aonair ** € '000 | EWIC € '000 | Sócmhainní atá a dtógáil *** € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 11,981 | 1,685 | 77,178 | 50,063 | - | 520,168 | 661,075 |
| Breiseanna | - | - | 3,703 | - | - | 52,247 | 55,950 |
| Aistrithe | 149 | 401 | 10,454 | - | 554,087 | (565,091) | - |
| Difríochtaí malairte | (173) | (2) | (855) | (524) | - | (11) | (1,565) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 11,957 | 2,084 | 90,480 | 49,539 | 554,087 | 7,313 | 715,460 |
| Breiseanna | - | 7 | 3,109 | - | 556 | 14,060 | 17,732 |
| Aistrithe | - | 58 | 5,020 | - | - | (5,078) | - |
| Difríochtaí malairte | 260 | 21 | 1,267 | 752 | - | 407 | 2,707 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 12,217 | 2,170 | 99,876 | 50,291 | 554,643 | 16,702 | 735,899 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 2,299 | 1,236 | 36,518 | 46,799 | - | - | 86,852 |
| Muirear | 497 | 309 | 13,217 | 2,543 | 3,505 | - | 20,071 |
| Difríochtaí malairte | (116) | (1) | (397) | (516) | - | - | (1,030) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 2,680 | 1,544 | 49,338 | 48,826 | 3,505 | - | 105,893 |
| Muirear | 502 | 145 | 13,878 | 607 | 14,972 | - | 30,104 |
| Difríochtaí malairte | 175 | 3 | 758 | 752 | - | - | 1,688 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 3,357 | 1,692 | 63,974 | 50,185 | 18,477 | - | 137,685 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2014** | **8,860** | **478** | **35,902** | **106** | **536,166** | **16,702** | **598,214** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 9,277 | 540 | 41,142 | 713 | 550,582 | 7,313 | 609,567 |

* Áiríonn costas fhoirgnimh an Ghrúpa feabhsúcháin léasachta.

** Is í sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais an córas lárnach TF a úsáidtear d'fhonn an margadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann a shocrú agus a riar.

*** Cuimsítear a leanas sna 'Sócmhainní atá á dTógáil':

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| TF agus trealamh teileachumarsáide | 12,783 | 6,717 |
| Talamh agus foirgnimh | 3,919 | 596 |
| Iomlán | 16,702 | 7,313 |

## 14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

| Cuideachta | Foirgnimh * | Daingneáin agus feistis | TF, trealamh teileachu-marsáide agus eile | Margadh Leictreachais Aonair ** | Sócmhainní atá a dtógáil *** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 | € '000 |
| Costas | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2012 | 10,407 | 1,644 | 63,961 | 41,418 | 9,799 | 127,229 |
| Breiseanna | - | - | 2,014 | - | 6,641 | 8,655 |
| Aistrithe (ionghrúpa san áireamh) | - | 193 | 10,349 | - | (10,542) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2013 | 10,407 | 1,837 | 76,324 | 41,418 | 5,898 | 135,884 |
| Breiseanna | - | - | 2,309 | - | 8,561 | 10,870 |
| Aistrithe | - | 58 | 3,912 | - | (3,970) | - |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2014 | 10,407 | 1,895 | 82,545 | 41,418 | 10,489 | 146,754 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 DF 2012 | 1,809 | 1,212 | 37,454 | 38,515 | - | 78,990 |
| Muirear | 434 | 303 | 9,884 | 1,935 | - | 12,556 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2013 | 2,243 | 1,515 | 47,338 | 40,450 | - | 91,546 |
| Muirear | 433 | 132 | 10,330 | 455 | - | 11,350 |
| Iarmhéid amhail an 30 MF 2014 | 2,676 | 1,647 | 57,668 | 40,905 | - | 102,896 |
| **Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2014** | **7,731** | **248** | **24,877** | **513** | **10,489** | **43,858** |
| Suim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 8,164 | 322 | 28,986 | 968 | 5,898 | 44,338 |

* Léiríonn costas fhoirgnimh na Cuideachta feabhsúcháin léasachta. Féach nóta 20 le haghaidh shonraí an léasa.

** Is í sócmhainn an Mhargaidh Aonair Leictreachais an córas lárnach TF a úsáidtear d'fhonn an margadh mórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann a shocrú agus a riar.

*** Cuimsítear a leanas sna 'Sócmhainní atá á dTógáil':

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| TF agus trealamh teileachumarsáide | 10,489 | 5,898 |

## 15. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Suimeanna Infhaighte Eile

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála | 13,975 | 21,758 | 10,040 | 12,717 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 67,463 | 61,837 | 63,325 | 56,197 |
| Suimeanna infhaighte nár billeáladh | 51,222 | 49,219 | 51,222 | 49,219 |
| Suimeanna infhaighte eile | 2,884 | - | 2,861 | - |
| Suimeanna dlite ag foghnóthais | - | - | 21,561 | 66,166 |
| Iomlán | 135,544 | 132,814 | 149,009 | 184,299 |
| Suimeanna dlite i níos mó ná bliain amháin: | | | | |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 991 | 1,093 | - | - |
| Suimeanna dlite ag foghnóthais | - | - | 173,878 | 130,267 |
| | 991 | 1,093 | 173,878 | 130,267 |
| Iomlán | 136,535 | 133,907 | 322,887 | 314,566 |

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na suimeanna infhaighte trádála agus na suimeanna infhaighte eile agus a luach cóir a bheag nó a mhór.

Go príomha, is éard a bhíonn i gceist le suimeanna infhaighte nár billeáladh ioncam don dá mhí dheiridh de chuid na bliana cuntasaíochta nár billeáladh, i gcomhlíonadh an chláir ama rialála, tráth dheireadh na bliana cuí.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus iarmhéideanna ioncaim fhabhraithe an Ghrúpa agus na Cuideachta costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchurtha dar luach €62.2m (2013: €56.3m); d’fhéadfaidís uile gan a bheith inghnóthaithe laistigh de dhá mhí dhéag.

Cuimsíonn réamhíocaíochtaí atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin íocaíocht láithreach arna déanamh ar léas oibriúcháin chun úsáid suímh sa cheantar dugaí a áirithiú do thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar. Tá sonraí breise faoin léas ar fáil i nóta 20.

## 16. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| Suimeanna iníoctha trádála | 78,742 | 81,017 | 71,005 | 67,538 |
| Fabhruithe | 79,461 | 87,973 | 66,147 | 70,625 |
| Díbhinní iníoctha | - | 4,000 | - | 4,000 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 9,054 | 11,253 | 7,171 | 11,923 |
| Róghnóthuithe rialála | - | 10,000 | - | 10,000 |
| Suimeanna dlite d’fhoghnóthais | - | - | 14,764 | 22,316 |
| Iomlán | 167,257 | 194,243 | 159,087 | 186,402 |

## 16. Suimeanna Iníoctha Trádála agus Suimeanna Iníoctha Eile (ar lean)

Tá na nithe seo a leanas i gceist le cánachas agus leas sóisialach:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| ÍMAT/ÁSPC | 1,203 | 1,120 | 919 | 895 |
| CBL | 7,538 | 9,947 | 5,939 | 10,846 |
| Cáin shiarchoinneálach | 313 | 186 | 313 | 182 |
| Iomlán | 9,054 | 11,253 | 7,171 | 11,923 |

Tá suimeanna amuigh le haghaidh ceannacháin trádála agus costais leanúnacha i gceist le suimeanna iníoctha trádála agus fabhruithe trádála den chuid is mó. Measann na Stiúrthóirí gurb ionann suim ghlanluacha na suimeanna iníoctha trádála agus a luach cóir a bheag nó a mhór. Tá beartais um bainistíocht riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go n-íoctar gach suim iníoctha laistigh den am creidmheasa.

€38.5m (2013: €18.1m) d’iarmhéid shuimeanna iníoctha trádála an Ghrúpa agus €4.5m (2013: €6.5m) d’iarmhéid fabhruithe an Ghrúpa le muirir atá iníoctha le BSL agus le NIE mar Úinéirí na Sócmhainní Tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann €38.5m (2013: €18.1m) d’iarmhéid shuimeanna iníoctha trádála na Cuideachta leis an muirear atá iníoctha le BSL mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha. Den chuid is mó, is é atá i gceist le fabhruithe na costais dhíreacha a bhaineann le rith an chórais tarchurtha don dá mhí dheireanacha de chuid na tréimhse cuntasaíochta.

Mar chuid de dheireadh airgeadais thionscadal an EWIC, cuireadh suim de €nialas (2013: €10m) i leataobh le haghaidh róghnóthuithe rialála sonracha a tháinig aníos de bharr na fála teoranta ar shócmhainn an EWIC le linn na bliana.

## 17. Ioncam Iarchurtha

**Grúpa**

| **Deontais Chaipitil** | **€ ’000** |
|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2012 | 79,280 |
| Deontais a fuarthas | 33,000 |
| Amúchadh deontais | (768) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2013 | 111,512 |
| Amúchadh deontais | (3,072) |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 108,440 |

| **Anailísithe mar:** | **€ ’000** |
|---|---|
| Reatha | 3,072 |
| Neamhreatha | 105,368 |
| Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2014 | 108,440 |

Bhain deontais chaipitil a fuarthas le linn na bliana le tionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar agus fuarthas iad ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh. B’ionann an maoiniú deontais iomlán a bhí ar fáil ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh le haghaidh an tionscadail agus €112.3m, a bhfuarthas €112.3m de go dtí seo. Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag baint le deontais chaipitil a fuarthas. Amúchtar deontais chaipitil i gcomhréir le dímheas shócmhainn an EWIC.

## 18. Scairchaipiteal Eisithe

| Grúpa agus Cuideachta | an 30 MF 2014 € '000 | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 30,000 gnáthscair ag €1.25 an ceann | 38 | 38 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| 30,000 gnáthscair ag €1.25 an ceann | 38 | 38 |

Tá aicme amháin de ghnáthscaireanna ag an gCuideachta nach mbaineann ceart ar bith i dtaca le hioncam seasta léi.

## 19. Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 177,131 | 172,254 | 131,240 | 116,508 |

Den chuid is mó, is éard atá i gceist le hairgead agus le coibhéisí airgid ná airgead atá á choinneáil ag an nGrúpa agus taiscí gearrthéarmacha bainc lena mbaineann bunaibíocht trí mhí nó níos lú. Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní sin agus a luach cóir a bheag nó a mhór. Is teoranta an riosca creidmheasa i ndáil le cistí leachta as siocair gur bainc ag a bhfuil rátálacha creidmheasa réasúnta ard faoi shainiú gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um rátáil chreidmheasa nó bainc ina bhfuil taiscí custaiméirí faoi ráthaíocht an Rialtais iad na contrapháirtithe.

Áirítear le hiarmhéideanna airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta suimeanna dar luach €nialas (2013: €10m) a bhaineann leis na nithe róghnóthaithe rialála atá le híoc ag deireadh na bliana (nóta 16) agus taiscí slándála dar luach €0.8m (2013: €2.9m). San áireamh in iarmhéideanna airgid an Ghrúpa tá €30.6m (2013: €33.8m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach i gcomhair shócmhainn an EWIC. Áirítear le hiarmhéideanna airgid an Ghrúpa €28.4m (2013: €31.8m) eile atá coinnithe faoi iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe san SEM, €18.0m (2013: €14.4m) atá coinnithe i gcúlchuntais chomhthaobhacha an SEM (cuntais slándála coinnithe faoi ainm rannpháirtithe sa mhargadh). Áirítear le hiarmhéideanna airgid na Cuideachta €21.3m (2013: €23.9m) atá coinnithe faoi iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe san SEM agus €13.5m (2013: €10.8m) atá coinnithe i gcúlchuntais chomhthaobhacha an SEM (cuntais slándála coinnithe faoi ainm rannpháirtithe sa mhargadh).

Le linn na bliana, thug an Chuideachta iasachtaí atá saor ó ús dar luach €nialas (2013: €0.6m) ar airleacan do EirGrid Interconnector Limited agus chuir sí cothromas €nialas (2013: €nialas) isteach ann. Tá sé sin rangaithe mar infheistíocht i bhfochuideachta i Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid.

Tá áiseanna neamhúsáidte iasachtaíochta ag an nGrúpa dar luach €65.4m (2013: €67.8m) tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Socraíodh tromlach na n-iasachtaí neamhúsáidte sin d'fhonn go mbeidh dóthain áiseanna i bhfeidhm ag an nGrúpa chun íocaíochtaí sriantachta nár cuireadh san áireamh sa bhuiséad/nach bhfuiltear ag súil leo a mhaoiniú.

## 20. Socruithe Léas Oibriúcháin

Seo a leanas mar a bheidh íosíocaíochtaí léasa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal dlite, i dtaca go príomha le foirgnimh an Ghrúpa agus le léas ar thalamh do shócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| Tréimhse nach faide ná bliain amháin | 2,953 | 3,042 | 2,953 | 3,042 |
| Tréimhse níos faide ná bliain amháin agus nach faide ná cúig bliana | 11,431 | 11,502 | 11,431 | 11,502 |
| Tréimhse níos faide ná cúig bliana | 35,311 | 38,155 | 35,311 | 38,155 |
| Iomlán | 49,695 | 52,699 | 49,695 | 52,699 |

Téarma 25 bliana atá i gceist le léas oibriúcháin fhoirgneamh ceannoifige an Ghrúpa; cuireadh tús leis an 1 Márta 2007. Bhí saoire chíosa ann don chéad trí bliana de théarma an léasa. Bunaítear costas an léasa ar luach an mhargaidh oscailte agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa gach 5 bliana. Tar éis athbhreithniú cíosa a bhí le déanamh an 1 Márta 2012, ní dhearnadh aon choigeartú ar an gcíos iníoctha.

Chomhaontaigh an Grúpa léas ar thalamh i gcalafort Learphoill arna urrú le híocaíocht láithreach. Áirítear leis an gcomhaontú clásal scoir tar éis an chéad 30 bliain den léas. Tar éis an téarma 30 bliain, beidh íocaíochtaí léasa faoi réir méaduithe boilscithe.

Níl aon srianta suntasacha ná neamhghnácha forchurtha ar an nGrúpa de réir théarmaí na léasanna oibriúcháin.

## 21. Ceangaltais Chaipitil

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| Caiteachas a chonraítear agus nach bhforáiltear leis sna Ráitis Airgeadais | 9,851 | 12,105 | - | - |

Tá mórcheangaltais chonartha ar an nGrúpa i dtaobh an Idirnascaire Thoir-Thiar a nascann eangacha leictreachais na hÉireann agus na Breataine le chéile agus i leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh le haghaidh SONI.

## 22. Dliteanais Theagmhasacha

Níl an Grúpa eolach ar aon dliteanais theagmhasacha amhail deireadh na bliana.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir

### Scéimeanna le Sochar Sainithe

Oibríonn an Grúpa dhá scéim le sochar sainithe d'fhostaithe cáilithe. Oibrítear scéim amháin d'fhostaithe na Cuideachta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ("Plean EirGrid"). Tá scéim eile ("Plean Fhócas SONI"), arb í an chuid sochair shainithe de Scéim Pinsean SONI í, i bhfeidhm d'fhostaithe SONI Teoranta.

Oibríonn príomhscéim pinsean an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann, is é sin, Plean EirGrid, faoi dhlí iontaobhais Phoblacht na hÉireann agus déantar í a bhainistiú agus a riar thar ceann a ball de réir théarmaí an ghníomhais iontaobhais, rialacha na scéime agus reachtaíocht Phoblacht na hÉireann (an tAcht Pinsean, 1990, go príomha). De réir reachtaíocht Phoblacht na hÉireann, ceanglaítear ar scéim pinsean le sochar sainithe chun go leor cistí a thiomsú agus a choinneáil le go bhféadfaí a dteidlíochtaí pinsin a íoc le baill dá bhfoirceannfaí an scéim. Ceanglaítear ar iontaobhaithe ciste pinsean luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil go rialta, plean aisghabhála a chur ar fáil lena dtugtar aghaidh ar aon easnamh maoinithe agus an plean sin a chur faoi bhráid Bhord Pinsean na hÉireann lena fhaomhadh.

Oibríonn Plean Fhócas SONI faoi dhlí iontaobhais na Ríochta Aontaithe agus déantar é a bhainistiú agus a riar thar ceann a bhaill de réir théarmaí an ghníomhais iontaobhais, rialacha na scéime agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe (The Pension Schemes Act 1993, The Pensions Act 1995 agus The Pensions Act 2004). Faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, ceanglaítear ar scéim pinsean le sochar sainithe comhlíonadh a dhéanamh ar an gcuspóir maoinithe reachtúil maidir le sócmhainní dóthanacha cuí a bheith aici chun a cuid dliteanas a chlúdach. Ceanglaítear ar iontaobhaithe ciste pinsean: ráiteas faoi phrionsabail mhaoinithe a ullmhú; luachálacha achtúireacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil; plean aisghabhála a chur i bhfeidhm lena dtugtar aghaidh ar aon easnamh maoinithe; agus ráitis achoimre rialta faoi mhaoiniú a chur faoi bhráid na mball den scéim.

Riarann iontaobhais ar leith atá scartha go dlíthiúil ón nGrúpa na scéimeanna le sochar sainithe. Is iad na baill de na scéimeanna le sochar sainithe a fhorghníomhaíonn iontaobhas na scéimeanna le sochar sainithe agus cuimsíonn siad iontaobhaithe arna gceapadh ag na baill agus iontaobhaithe arna gceapadh ag an gCuideachta araon. Ceanglaítear ar iontaobhaithe na scéimeanna le sochar sainithe gníomhú de réir dhoiciméid an iontaobhais rialaithe agus tá freagracht mhuiníneach orthu gníomhú le leas thairbhithe na scéimeanna le sochar sainithe. Áirítear le liosta nach bhfuil uileghabhálach de dhualgais na n-iontaobhaithe: ranníocaíochtaí a bhailiú agus a infheistiú, straitéis infheistíochta a dhearbhú, sochair a riar agus gníomhú de mheon macánta agus de réir dhoiciméid iontaobhas na scéimeanna le sochar sainithe.

Faoi Phlean EirGrid, tá fostaithe i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil agus iad ag dul ar scor. Faoi Phlean Fhócas SONI, tá fostaithe i dteideal pinsean a fháil agus iad ag dul ar scor. D'fhéadfadh pinsean marthanóirí agus/nó cnapshuim bheith iníoctha ar bhás a fháil faoi na Scéimeanna le sochar sainithe. Tá sochair scoir iníoctha bunaithe ar thuarastal agus ar fhad seirbhíse.

Ní raibh aon leasuithe, ciorruithe ábhartha ná socruithe i leith na scéimeanna le sochar sainithe le linn na bliana.

An 1 Bealtaine 2014, aistríodh an fheidhm pleanála tarchurtha ó Northern Ireland Electricity Limited (Leictreachas Thuaisceart Éireann Teoranta) chuig SONI Teoranta. Ba é a bhí i gceist leis an aistriú ná aistriú sócmhainní pinsin, dliteanais phinsin agus costais iarsheirbhíse chuig roinnt baill foirne a d'aistrigh. Tá na baill foirne sin curtha san áireamh i bplean Fhócas SONI mar bhaill nua. Féach thíos tuilleadh sonraí faoin tionchar ar oibleagáidí sochair scoir an Ghrúpa.

Ní ábhartha a thuilleadh atá an ráta sochair ionchais ar shócmhainní scéime de bharr chur chun feidhme na leasuithe ar IAS 19 dá dtagraítear i nóta 2. Is é an príomhleasú a imríonn tionchar ar an bplean ná figiúr aonair "glan-úis" a chur in ionad na gné costas úis agus na gné Toradh Ionchais ar Shócmhainní Plean sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim. Cé go bhfuil na leasuithe i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí a thosaigh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh, cuirtear na leasuithe i bhfeidhm go cúlghabhálach maidir le suimeanna comparáideacha na bliana roimhe agus, dá bharr sin, leasaíodh suim chomparáideach na bliana roimhe le go léiríonn sí costas glan-úis €0.8m i gcomparáid le toradh ionchais €3.8m agus costas úis €4.1m.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

### Príomhrioscaí

Faoi na scéimeanna le sochar sainithe, tá fostaithe i dteideal pinsin a ríomhtar bunaithe ar thuarastal agus ar sheirbhís. Sa scéim le sochar sainithe, tá an chuideachta neamhchosanta ar rioscaí amhail riosca infheistíochta, riosca maidir le ráta úis, riosca fadsaolaí agus riosca tuarastail.

| | |
|---|---|
| Riosca infheistíochta | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe trí úsáid a bhaint as ráta lascaine a dhearbhaítear trí thagairt do thorthaí banna corparáide ardcháilíochta; más ísle an toradh ar shócmhainní plean ná an ráta sin, cruthóidh sé easnamh sa phlean. |
| Riosca maidir le ráta úis | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe trí úsáid a bhaint as ráta lascaine a dhearbhaítear trí thagairt do thorthaí banna corparáide ardcháilíochta ag dáta an tomhais. Má thagann laghdú ar thorthaí banna corparáide, méadófar dliteanais na scéimeanna. |
| Riosca fadsaolaí | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe trí thagairt don mheastachán is fearr maidir le mortlaíocht na rannpháirtithe sna pleananna agus iad i mbun fostaíochta agus ina dhiaidh. Má thagann méadú ar ionchas saoil na rannpháirtithe sna pleananna, méadófar dliteanas na bpleananna. |
| Riosca tuarastail | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na bpleananna le sochar sainithe trí thagairt don tuarastal a gheobhaidh na rannpháirtithe sna pleananna amach anseo. Dá bhrí sin, má thagann méadú ar thuarastal na rannpháirtithe sna pleananna, méadófar dliteanas na bpleananna. |

### Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Ós rud é go bhfuil Plean Fhócas SONI druidte do bhaill nua ón mbliain 1998 i leith, seachas chun críche baill foirne a ligean isteach de bharr aistriú na feidhme pleanála i dTuaisceart Éireann, oibríonn an Grúpa scéim ranníocaíochta sainithe formheasta darb ainm “Plean Roghanna SONI” (ar cuid ranníocaíochta sainithe de Scéim Pinsean SONI é d’fhostaithe SONI Teoranta). Is ag rátaí seasta a íocann na baill agus SONI Teoranta na ranníocaíochtaí. Léiríonn na sochair a gheofar ar dhul ar scor ciste carntha gach fostaí agus costas na sochar ceannaigh ag an am sin. Is ar bhonn grúpa a árachaítear sochair bháis agus féadfar iad a íoc i riocht cnapshuime nó pinsean marthanóra. Coinnítear sócmhainní Phlean Roghanna SONI faoi iontaobhas agus tá siad ar leith ó shócmhainní an Ghrúpa.

Is í an t-aon oibleagáid amháin ar SONI Teoranta maidir le Plean Roghanna SONI ná na ranníocaíochtaí sonraithe a dhéanamh agus costais riaracháin a íoc. Aithnítear oibleagáidí i dtaca le ranníocaíochtaí le Plean Roghanna SONI mar chostas sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar a tabhaíodh. Léiríonn an muirear pinsin don bhliain an ranníocaíocht iarbhír a d’íoc SONI Teoranta agus b’ionann é agus €0.5m (2013: €0.2m).

### Scéimeanna le Sochar Sainithe - Dliteanais

Rinneadh na luachálacha achtúireacha is déanaí ar na sócmhainní agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe an 30 Meán Fómhair 2014 le haghaidh Phlean EirGrid agus Phlean Fhócas SONI araon faoi cheanglais Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19: Sochair Fostaithe (IAS 19). Luachanna láithreacha na n-oibleagáidí sochair shainithe agus na costais seirbhíse reatha ghaolmhara agus na costais iarsheirbhíse, tomhaiseadh iad agus úsáid á baint as Modh Creidmheasa an Aonaid Réamh-mheasta.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas an tsuim a áirítear leis an gClár Comhardaithe a d'eascair as na hoibleagáidí i dtaca leis na pleananna sin le sochar sainithe:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Luach láithreach na n-oibleagáidí pinsin shainithe arna maoiniú go páirteach nó go hiomlán | 136,171 | 101,947 | 95,478 | 74,426 |
| Luach cóir sócmhainní Scéimeanna ag deireadh na bliana | (117,703) | (91,574) | (79,409) | (65,174) |
| Stádas Maoinithe | 18,468 | 10,373 | 16,069 | 9,252 |
| Coigeartú don teorainn le glansócmhainní | - | - | - | - |
| Glandliteanas arna aithint sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na tréimhse | 18,468 | 10,373 | 16,069 | 9,252 |
| Cáin iarchurtha i leith glanoibleagáid phinsin (nóta 9) | (2,490) | (1,380) | (2,009) | (1,157) |
| Glandliteanas tar éis Cáin Iarchurtha | 15,978 | 8,993 | 14,060 | 8,095 |

D'fhéadfaí na suimeanna sa Ráiteas Ioncaim a anailísiú mar seo a leanas:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000* |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 5,265 | 5,581 |
| Costas glan-úis | 279 | 768 |
| Costais Iarsheirbhíse (tionchar an aistrithe isteach) | 1,275 | - |
| Costas pinsin fostóra arna chaipitliú | (712) | (584) |
| Suim arna cur san áireamh i gcostais oibriúcháin eile a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe | 6,107 | 5,765 |

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000* | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000* |
| Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe: | | | | |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as sócmhainní Scéimeanna | 8,503 | 4,833 | 6,348 | 2,342 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | 9,750 | (31) | 9,556 | - |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as athruithe ar thoimhdí airgeadais | (25,934) | 6,402 | (23,724) | 9,449 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as coigeartuithe ó thaithí | 1,433 | 1,613 | 1,332 | 1,381 |
| Suim arna cur san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | (6,248) | 12,817 | (6,488) | 13,172 |

* Faoi mar a athshonraíodh chun an glacadh le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe sa bhliain reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Fhócas SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000* | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000* |
| Luach láithreach na hoibleagáide sainithe ag tús na bliana | 74,426 | 76,130 | 27,521 | 24,582 |
| Costas reatha seirbhíse lena n-áirítear ranníocaíochtaí rannpháirtithe i Scéimeanna | 5,803 | 6,501 | 987 | 729 |
| Costas úis | 3,153 | 3,036 | 1,268 | 1,033 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | (9,556) | - | (194) | 31 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as athruithe ar thoimhdí airgeadais | 23,724 | (9,449) | 2,210 | 3,047 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach as coigeartuithe ó thaithí | (1,332) | (1,381) | (101) | (232) |
| Sochair a íocadh | (740) | (411) | (121) | (388) |
| Costais Iarsheirbhíse (tionchar an aistrithe isteach) | - | - | 1,275 | - |
| Aistriú isteach dliteanas arna íoc le sócmhainní | - | - | 5,158 | - |
| Difríochtaí malairte | - | - | 2,690 | (1,281) |
| Luach láithreach na hoibleagáide pinsin shainithe ag deireadh na bliana | 95,478 | 74,426 | 40,693 | 27,521 |

Seo a leanas gluaiseachtaí i luach láithreach na sócmhainní plean sa bhliain reatha:

| | Plean EirGrid | | Plean Fhócas SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000* | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000* |
| Luach cóir sócmhainní Scéimeanna ag tús na bliana | 65,174 | 54,379 | 26,400 | 23,884 |
| Ioncam Úis | 2,903 | 2,297 | 1,239 | 1,004 |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhas: | | | | |
| Gnóthachain/(caillteanais) ar shócmhainní Scéimeanna | 6,348 | 2,342 | 2,155 | 2,491 |
| Ranníocaíochtaí na Cuideachta | 4,144 | 5,038 | 975 | 686 |
| Ranníocaíochtaí rannpháirtithe i Scéimeanna | 1,580 | 1,529 | 132 | 120 |
| Costais riaracháin | - | - | (188) | (153) |
| Sochair a íocadh | (740) | (411) | (121) | (388) |
| Aistriú isteach sócmhainní | - | - | 5,158 | - |
| Difríochtaí malairte | - | - | 2,544 | (1,244) |
| Luach cóir sócmhainní Scéimeanna ag deireadh na bliana | 79,409 | 65,174 | 38,294 | 26,400 |

* Faoi mar a athshonraíodh chun an glacadh le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáideadh le haghaidh na luachálacha achtúireacha:

| | Plean EirGrid | | Plean Fhócas SONI | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014** | an 30 MF 2013 | **an 30 MF 2014** | an 30 MF 2013 |
| Modh na luachála | Aonad réamh-mheasta | Aonad réamh-mheasta | Aonad réamh-mheasta | Aonad réamh-mheasta |
| Ráta lascaine | 2.90% | 4.25% | 4.00% | 4.50% |
| Méadú ar an bpinsean Stáit | 1.40% | 1.75% | 2.50% | 2.70% |
| Méaduithe ar an tuarastal | 1.90% scála móide | 2.25% scála móide | 4.50% | 4.50% |
| Méaduithe ar phinsin | 1.90% | 2.25% | 2.50% | 2.70% |
| Boilsciú | 1.65% | 2.00% | 3.50% | 3.50% |
| Athluacháil sochar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 1.40% | 1.75% | n/b | n/b |
| Ionchas saoil iarscoir dóibhsean a éiríonn as oifig in aois 65 in 2034: | | | | |
| - Fir | 25.1 bliain | 26.4 bliain | 24.1 bliain | 24.1 bliain |
| - Mná | 26.1 bliain | 27.7 bliain | 26.6 bliain | 26.8 bliain |

Ba é an ráta lascaine a d'úsáid achtúirí an phlean i ríomh na ndliteanas pinsin tráth dheireadh na bliana 2.90% (2013: 4.25%) do phlean EirGrid agus 4.00% (2013: 4.50%) do phlean Fhócas SONI. Bunaíodh ráta lascaine phlean EirGrid ar an toradh go dtí fuascailt i leith bannaí corparáideacha ainmnithe in Euro tuartha de réir neasfhad 28 bliana (2013: 27 mbliana). Bunaíodh ráta lascaine phlean Fhócas SONI ar an toradh go dtí fuascailt i leith bannaí corparáideacha ainmnithe i Steirling tuartha de réir neasfhad 20 bliain (2013: 20 bliain). Tá sé sin comhsheasmhach le téarma measta na n-oibleagáidí sochar iarscoir.

Tá neamhchinnteachtaí bunúsacha i gceist leis na toimhdí airgeadais agus déimeagrafacha ar ghlac an Grúpa leo. Mar léiriú ar an tionchar ar thoimhdí achtúireacha de thairbhe athruithe orthu, mhéadódh laghdú 50 bonnphointe ar rátaí lascaine glandliteanas an phlean pinsin faoi 95% nó mar sin.

### Riachtanais Mhaoinithe agus Sreafaí Airgid Amach Anseo

Teastaíonn luacháil mhaoinithe leanúnach ar Phlean EirGrid gach trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochta a bheidh ag teastáil chun sochair amach anseo a mhaoiniú. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí amhail an 31 Márta 2014. Déantar coigeartú ar an ráta ranníocaíochta a bheidh ag teastáil chun na dliteanais seirbhíse amach anseo a mhaoiniú le haghaidh na mball pinsin gníomhach reatha chun luach aon bharrachais nó easnaimh iarsheirbhíse atá i bPlean EirGrid a chur san áireamh.

Athbhreithnítear gach bliain staid Caighdeán Maoinithe (an t-íosriachtanas maoinithe reachtúil) Phlean EirGrid. Sa chás nach bhfuil go leor sócmhainní ag scéim Éireannach le sochar sainithe chun an Caighdeán Maoinithe a chomhlíonadh, d'fhéadfadh maoiniú luathaithe, i riocht Togra Maoinithe, bheith ag teastáil. Ós rud é go gcomhlíonann Plean EirGrid na híoschaighdeáin mhaoinithe, níl Togra Maoinithe dá leithéid i bhfeidhm.

Is gá luacháil achtúireach ar Phlean Fhócas SONI a dhéanamh gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí amhail an 31 Márta 2013. Is é príomhchuspóir na luachála maoinithe scéime ná na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag SONI Teoranta a chomhaontú le go bhfuiltear ag súil go mbeidh go leor sócmhainní ag Plean Fhócas SONI chun na sochair atá geallta do bhaill a íoc. Deimhníonn Achtúire na Scéime gur ríomhadh na forálacha teicniúla de réir na rialachán agus Ráiteas na nIontaobhaithe ar Phrionsabail Mhaoinithe agus go bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfar an Cuspóir Maoinithe Reachtúil faoi dheireadh na tréimhse atá á clúdach ag sceideal na ranníocaíochtaí. Ní mór luacháil Alt 179 a dhéanamh freisin chun a chinntiú go bhfuil go leor sócmhainní ag Plean Fhócas SONI chun a chuid dliteanas a chlúdach i leith an chúitimh a d'íocfadh an Ciste Cosanta Pinsean.

## 23. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Seo a leanas mórchatagóirí na sócmhainní plean, chomh maith le ráta ionchais sochair tráth dháta an Chláir Chomhardaithe i leith gach catagóire:

| **Plean EirGrid** | **Luach Cóir** | |
|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Cothromas | 46,058 | 36,381 |
| Bannaí | 14,520 | 11,251 |
| Réadmhaoin | 2,417 | 889 |
| Airgead | 2,086 | 4,396 |
| Roghanna eile | 10,650 | 8,793 |
| Blianachtaí | 3,678 | 3,464 |
| Luach cóir na sócmhainní plean | 79,409 | 65,174 |

| **Plean Fhócas SONI** | **Luach Cóir** | |
|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Cothromas | 18,202 | 15,342 |
| Sárurrúis agus bannaí | 13,145 | 10,904 |
| Sócmhainní glactha i leith aistriú isteach | 5,416 | - |
| Eile | 1,531 | 154 |
| Luach cóir na sócmhainní plean | 38,294 | 26,400 |

Ba é an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime an Ghrúpa ná gnóthachan €12.7m. B'ionann an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime phlean EirGrid agus gnóthachan €9.3m. B'ionann an toradh iarbhír ar scéim Phlean Fhócas SONU agus gnóthachan €3.4m.

Seo a leanas stair na gcoigeartuithe ó thaithí:

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000* |
|---|---|---|
| Luach láithreach na hoibleagáide pinsin shainithe | 136,171 | 101,947 |
| Luach cóir na sócmhainní plean | (117,703) | (91,574) |
| Easnamh | 18,468 | 10,373 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar dhliteanais phlean | (14,751) | 7,984 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní plean | 8,503 | 4,833 |

* Faoi mar a athshonraíodh chun an glacadh le IAS 19 (athbhreithnithe) - Sochair Fostaithe a léiriú.

## 24. Leas i gComhfhiontar

### Grúpa

Fuair an Grúpa smacht ar SEMO a bhuí lena fháil ar SONI Teoranta an 11 Márta 2009. Ó dháta éifeachtach na fála, áirítear 100% de thorthaí SEMO leis an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim.

### Cuideachta

Is é an Margadh Aonair Leictreachais (SEM) an margadh mórdhíola leictreachais a fheidhmíonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin, scoir an seanmhargadh mórdhíola leictreachais in Éirinn d'fheidhmiú agus thosaigh an SEM nua. Bunaíodh SEMO mar chomhfhiontar conartha idir an Chuideachta agus SONI Teoranta. Tá freagracht air as feidhmiú an mhargaidh mhórdhíola leictreachais ar oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 i leith.

Tá leas 75% ag an gCuideachta in SEMO. Áiríodh sciar na Cuideachta de shócmhainní, de dhliteanais, d'ioncam agus de speansais le Ráitis Airgeadais na Cuideachta trí úsáid a bhaint as an modh comhdhlúthaithe chomhréirigh.

Áirítear na suimeanna seo a leanas le Ráitis Airgeadais na Cuideachta de réir líne chun SEMO a léiriú i gcuntais na Cuideachta:

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 10,733 | 13,318 |
| Sócmhainní reatha | 66,599 | 67,286 |
| Sócmhainní iomlána | 77,332 | 80,604 |
| Cothromas iomlán | 19,359 | 15,574 |
| Dliteanais reatha | 57,973 | 65,030 |
| Dliteanais iomlána | 57,973 | 65,030 |
| Cothromas iomlán agus dliteanais iomlána | 77,332 | 80,604 |

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 127,026 | 139,525 |
| Costais | (123,686) | (133,522) |
| Brabús oibriúcháin | 3,340 | 6,003 |

## 25. Iasachtaí

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| In-aisíoctha laistigh de bhliain amháin: | | | | |
| Iasachtaí bainc in-aisíoctha ina dtráthchodanna | 17,233 | 18,709 | 7,726 | 7,809 |
| Iasachtaí reatha iomlána | 17,233 | 18,709 | 7,726 | 7,809 |
| In-aisíoctha i ndiaidh níos mó ná bliain amháin ina dtráthchodanna: | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 13,759 | 16,937 | 8,045 | 7,726 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 45,479 | 43,352 | 26,289 | 25,203 |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 307,746 | 323,418 | 212,303 | 221,435 |
| Iasachtaí neamhreatha iomlána | 366,984 | 383,707 | 246,637 | 254,364 |
| Iasachtaí iomlána gan íoc | 384,217 | 402,416 | 254,363 | 262,173 |

Tá gach iasacht fochuideachta faoi ráthaíocht EirGrid cpt trí struchtúr trasráthaíochta. Féach nóta 28 le haghaidh sonraí breise. Is ionann iasachtaí bainc agus iasachtaí neamhurraithe. Tiontaíodh cuid de na hiasachtaí ó ráta comhlúthach úis go ráta seasta úis trí chonarthaí babhtála ráta úis. Féach nóta 27 le haghaidh sonraí breise.

## 26. Catagóirí Sócmhainní Airgeadais agus Dliteanas Airgeadais

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 | **an 30 MF 2014 € ’000** | an 30 MF 2013 € ’000 |
| **Sócmhainní airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus suimeanna infhaighte:** | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála | 13,975 | 21,758 | 10,044 | 10,613 |
| Suim dlite ag foghnóthais | - | - | 195,439 | 196,433 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 177,131 | 172,254 | 131,240 | 116,508 |
| Sócmhainní airgeadais iomlána | 191,106 | 194,012 | 336,723 | 323,554 |
| **Dliteanais airgeadais arna rangú mar dhliteanais eile:** | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála | 78,742 | 81,017 | 71,005 | 67,542 |
| Suim dlite d’fhoghnóthais | - | - | 14,764 | 22,316 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | 384,217 | 402,416 | 254,363 | 262,172 |
| Iomlán | 462,959 | 483,433 | 340,132 | 352,030 |
| **Dliteanais airgeadais arna sainiú mar ionstraimí fálaithe:** | | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (nóta 27) | 96,409 | 62,433 | 67,040 | 42,183 |
| **Dliteanais airgeadais arna luacháil go cóir trí bhrabús agus caillteanas:** | | | | |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais | - | 26 | - | - |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais iomlána | 96,409 | 62,459 | 67,040 | 42,183 |
| Dliteanais airgeadais iomlána | 559,368 | 545,892 | 407,172 | 394,213 |

Grúpáiltear ionstraimí airgeadais a thomhaistear tar éis aithint tosaigh ag luach cóir i Leibhéil 1 go 3 bunaithe ar a inbhraite atá an luach cóir:

- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 1 ann iad siúd a fhaightear ó phraghsanna luaite (neamhathraithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó do dhliteanais chomhionanna;
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 2 ann iad siúd a fhaightear ó ionchuir seachas praghsanna luaite a áirítear i Leibhéal 1 atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. faighte ó phraghsanna);
- Is éard is tomhais luacha chóir Leibhéal 3 ann iad siúd a fhaightear ó theicnící luachála, lena n-áirítear ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (ionchuir neamh-inbhraite).

Dearbhaítear luach cóir bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta tráth dháta an tuairiscithe trí na sreafaí airgid sa todhchaí a lascainiú agus cuair ráta úis inbhraite an mhargaidh á n-úsáid tráth dháta an tuairiscithe agus, dá bhrí sin, meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad.

Dearbhaítear luach cóir na réamhchonarthaí i malairt eachtrach tráth dháta an tuairiscithe trí rátaí réamhmhalairte luaite a thagann le haibíocht na gconarthaí a thomhas agus, dá bhrí sin, meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad.

Ní raibh aon aistrithe idir leibhéil luachála le linn na bliana.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht chaipitil

Tráth dhílsiú an oibreora córais tarchurtha, tugadh caipiteal isteach sa Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Tá an caipiteal sin ina bhunús le bunchaipiteal na Cuideachta. Ní raibh athrú ar bith ar bhunchaipiteal na Cuideachta le linn na bliana. Tá athrú ar bith ar an struchtúr caipitil faoi réir fhormheas na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Tá an Chuideachta á maoiniú ar bhonn leanúnach tríd an gcóras rialála taraife. Tá áiseanna bainc curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta d'fhonn leachtacht agus sreabhadh airgid a bhainistiú le neamhréireanna ama idir fáltais rialála taraife agus riachtanais caipiteal oibre a éascú.

Bíonn mórthionscadail chaiteachais chaipitil á maoiniú ag iasachtaí seachtracha agus bíonn siad faoi réir fhormheas na Roinne. Leagtar amach cumhachtaí iasachtaíochta na Cuideachta tríd an reachtaíocht agus bíonn iasachtaí aonair faoi réir fhormheas na Roinne. Síníodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid) 2008 i ndlí na hÉireann an 14 Márta 2008. Go príomha, thug an tAcht sin an chumhacht don Chuideachta an tIdirnascaire Thoir-Thiar a thógáil agus mhéadaigh sé cumhachtaí iasachtaíochta na Cuideachta go teorainn €750m.

Is é beartas na Cuideachta costas íseal cobhsaí inghlactha cistí a chinntiú thar am, faoi réir leibhéil inghlactha riosca. Sa bhreis air sin, coinníonn an Chuideachta próifíl chothromaithe aibíochta i ndáil lena príomhphunann iasachtaíochta d'fhonn buaic-aisíocaíochtaí agus riosca athmhaoinithe a sheachaint.

Leagtar níos mó sonraí amach thíos faoi na háiseanna iasachtaíochta agus faoi na straitéisí fálaithe lena mbaineann.

### Léargas ginearálta ar bhainistíocht riosca airgeadais

Déanann feidhm cistíochta an Ghrúpa bainistiú ar mhaoiniú, ar leachtacht agus ar neamhchosaint an Ghrúpa ar ús agus ar rioscaí i dtaobh an ráta malairte eachtraí. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar bheartais a chosnaíonn an Grúpa ar na rioscaí sin agus ar rioscaí eile. Formheasann an Bord na beartais sin freisin.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais a bhfuil an Grúpa neamhchosanta orthu le riosca leachtachta, le riosca margaidh (an ráta úis san áireamh) agus le riosca caipitil; eascraíonn an dá ní sin as oibríochtaí laethúla agus as príomhthionscadail chaiteachais chaipitil.

Déanann an Grúpa bainistiú ar a riosca leachtachta agus ar a riosca caipitil i dtaca le hoibríochtaí laethúla tríd an bpróiseas rialála do bhunú taraifí leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus le Rialálaí Fóntas Thuaisceart Éireann (URegNI), agus trí bhuiséadú agus trí mhonatóireacht inmheánach athraitheas. Chuaigh an Grúpa i mbun idirbheartaíochta le bainc éagsúla i dtaobh saoráidí teannta d'fhonn tacú le meastacháin agus le riachtanais sreafa airgid.

Maidir le caiteachas caipitil, tá príomhphróisis um fhormheas caiteachais agus bainistíocht tionscadal i bhfeidhm ag an nGrúpa.

### Bainistíocht riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca go mainneoidh an contrapháirtí sna hoibleagáidí conartha atá air, rud is cúis le caillteanas airgeadais don Ghrúpa. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc aige. Maolaíonn an Grúpa a neamhchosaint trí chistí a chur i roinnt institiúidí airgeadais a bhfuil ráthaíocht flaithiúnais acu i ndáil le taiscí custaiméirí nó a bhfuil rátáil chreidmheasa acu atá i gcomhréir leis an mbeartas cistíochta a d'fhormheas an Bord. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca contrapháirtí freisin i leith áiseanna neamhtharraingthe agus ionstraimí babhtála ráta úis. I gcomhréir lenár mBeartas Cistíochta, ní phléann an Grúpa ach le contrapháirtithe ag a bhfuil ardrátáil chreidmheasa leis an riosca sin a mhaolú.

Léiríonn suimeanna glanluacha na sócmhainní airgeadais sa Chlár Comhardaithe an neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa.

Comhlíonann an Chuideachta a cuid oibleagáidí Oibreoir Margaidh trí chomhfhiontar conartha le SONI Teoranta. De réir théarmaí an Chóid Tráchtála agus Socraithe le haghaidh SEM, ceanglaítear ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar de réir leibhéil a fhógraíonn an tOibreoir Margaidh dóibh. Is féidir a leithéid de chlúdach creidmheasa a sholáthar trí litir chreidmheasa theannta neamh-inchúlghairthe nó trí thaisce airgid arna coinneáil i gcuntas Chúlchiste Comhthaobhach SEM. Comhroinntear aon drochfhiach a éiríonn san SEM, sa mhéid agus a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, idir gineadóirí agus ní íocann an tOibreoir Margaidh as. B'ionann féichiúnaithe trádála SEMO a áiríodh i bhféichiúnaithe trádála an Ghrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €nialas (2013: €7.9m). B'ionann féichiúnaithe trádála SEMO a áiríodh i bhféichiúnaithe trádála na Cuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €nialas (2013: €5.9m).

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Is é dhá mhí an mheántréimhse chreidmheasa i leith suimeanna infhaighte trádála. Áirítear le hiarmhéid na suimeanna infhaighte trádála féichiúnaithe atá dlite thar téarma tráth dháta an tuairiscithe nár cuireadh ar fáil as siocair go meastar gur inghnóthaithe atá na suimeanna go fóill. Is é seo a leanas próifíl aosaithe na n-iarmhéideanna sin atá thar téarma, ach nach bhfuil bearnaithe:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Idir 60 agus 90 lá | 2,450 | 7 | 2,450 | 7 |
| Idir 90 agus 120 lá | 10 | 7 | 28 | 7 |
| Níos mó ná 120 lá | 6,325 | 247 | 6,325 | 241 |
| Iomlán | 8,785 | 261 | 8,803 | 255 |

Meastar gur maith í cáilíocht chreidmheasa shócmhainní airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta nach bhfuil thar téarma ná bearnaithe.

### Bainistíocht riosca leachtachta

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as bainistíocht riosca leachtachta i ndeireadh na dála. Tá creatlach chuí bhainistíochta riosca curtha le chéile aige le haghaidh bhainistiú mhaoiniú gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma an Ghrúpa agus le haghaidh riachtanais bhainistíochta leachtachta an Ghrúpa. Déanann an Grúpa bainistiú ar riosca leachtachta trí go leor cúlchistí, áiseanna baincéireachta agus áiseanna cúlchiste iasachtaíochta a choinneáil, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreafaí measta airgid agus ar fhíorshreafaí airgid, agus trí phróifílí aibíochta na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais a mheaitseáil.

Íoctar na suimeanna iníoctha trádála ag deireadh na míosa i ndiaidh mhí an tsonraisc. Tá beartais um bainistíocht riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go n-íoctar gach suim iníoctha laistigh den am creidmheasa. Tá gach suim trádála iníoctha tráth dháta an tuairiscithe laistigh den am creidmheasa seo. Nuair a íoctar sonrasc go déanach de bharr na Cuideachta, íoctar ús leis an soláthraí.

Tá teacht ag an nGrúpa ar áiseanna maoinithe; b'ionann an tsuim iomlán neamhúsáidte agus €65.4m tráth dháta an Chláir Chomhardaithe (2013: €67.8m). Socraíodh tromlach na n-iasachtaí neamhúsáidte sin d'fhonn go mbeidh dóthain áiseanna i bhfeidhm ag an nGrúpa chun íocaíochtaí sriantachta nár cuireadh san áireamh sa bhuiséad/nach bhfuiltear ag súil leo a mhaoiniú. Tá an Grúpa ag súil lena chuid oibleagáidí eile a chomhlíonadh ó shreafaí airgid oibriúcháin.

Sonraítear sa tábla seo a leanas aibíocht chonartha an Ghrúpa atá fágtha i dtaca lena chuid dliteanais neamhdhíorthacha airgeadais. Bunaíodh an tábla ar shreabhadh airgid neamhlascainithe na ndliteanas airgeadais bunaithe ar an dáta is luaithe is féidir a chur de cheangal ar an nGrúpa iad a íoc. Áirítear idir ús agus phríomhshreafaí airgid sa tábla.

| **Grúpa** | **Níos lú ná 1 mhí € '000** | **Idir 1 agus 12 mhí € '000** | **Idir 1 agus 5 bliana € '000** | **5+ bliana € '000** | **Iomlán € '000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **an 30 Meán Fómhair 2014** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhúsmhara | 78,742 | - | - | - | 78,742 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 35,615 | 125,194 | 427,041 | 587,850 |
| Iomlán | 78,742 | 35,615 | 125,194 | 427,041 | 666,592 |
| **an 30 Meán Fómhair 2013** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhúsmhara | 81,017 | - | - | - | 81,017 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 37,895 | 129,205 | 458,115 | 625,215 |
| Iomlán | 81,017 | 37,895 | 129,205 | 458,115 | 706,232 |

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

| Cuideachta | Níos lú ná 1 mhí € '000 | Idir 1 agus 12 mhí € '000 | Idir 1 agus 5 bliana € '000 | 5+ bliana € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **an 30 Meán Fómhair 2014** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhúsmhara | 71,005 | - | - | - | 71,005 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 18,851 | 75,246 | 297,905 | 392,002 |
| Iomlán | 71,005 | 18,851 | 75,246 | 297,905 | 463,007 |
| **an 30 Meán Fómhair 2013** | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhúsmhara | 67,538 | - | - | - | 67,538 |
| Iasachtaí agus rótharraingtí bainc | - | 19,271 | 75,307 | 316,695 | 411,273 |
| Iomlán | 67,538 | 19,271 | 75,307 | 316,695 | 478,811 |

Táthar ag súil leis go sonrófar na fáluithe sreafa airgid agus go ndéanfaidh siad difear don ráiteas ioncaim thar thréimhse 21 bhliain. Níltear ag súil leis go sonrófar aon idirbhearta réamhaisnéise a thuilleadh.

Seo a leanas na suimeanna a aithníodh agus a athrangaíodh as an gcúlchiste fálaithe sreafa airgid:

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Gnóthachain/(caillteanais) a tharla sa bhliain | (47,771) | 6,275 | (33,728) | 4,861 |
| Athrangaithe go dtí an ráiteas ioncaim (san áireamh sna costais airgeadais) | 13,826 | 8,595 | 8,871 | 10,022 |
| Athrangaithe go dtí Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | - | 7,634 | - | - |
| Malairt eachtrach | (31) | 53 | - | - |
| Iomlán | (33,976) | 22,557 | (24,857) | 14,883 |

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Riosca Margaidh

### Bainistíocht riosca maidir le ráta úis

Tá an Grúpa agus an Chuideachta neamhchosanta ar riosca ráta úis de bharr go bhfaigheann siad cistí ar iasacht de réir rátaí comhlúthacha úis. Déanann an Grúpa bainistiú ar an riosca trí mheascán cuí a choinneáil idir iasachtaí ráta chomhlúthaigh agus iasachtaí ráta sheasta trí leas a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis.

Bhí na conarthaí babhtála ráta úis a leanas i bhfeidhm ag deireadh na bliana:

| **Grúpa** | **Meánráta sa chonradh** | | **Príomhshuim bharúlach** | | **Sócmhainn/(dliteanas) na babhtála ráta úis** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe ag luach cóir, ag dul in éag: | **an 30 MF 2014 %** | an 30 MF 2013 % | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | 4.8% | 4.7% | 4,059 | 2,851 | (124) | (84) |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | 4.8% | - | 6,614 | - | (345) |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 3.8% | 3.8% | 383,428 | 396,035 | (96,285) | (62,004) |
| Conarthaí malairte gníomhacha iomlána | 3.8% | 3.8% | 387,487 | 405,500 | (96,409) | (62,433) |

| **Cuideachta** | **Meánráta sa chonradh** | | **Príomhshuim bharúlach** | | **Sócmhainn/(dliteanas) na babhtála ráta úis** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Díorthaigh atá ainmnithe agus éifeachtach mar ionstraimí fálaithe ag luach cóir, ag dul in éag: | **an 30 MF 2014 %** | an 30 MF 2013 % | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
| Níos lú ná bliain amháin | - | - | - | - | - | - |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | - | - | - | - | - | - |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | - | - | - | - | - | - |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 3.7% | 3.7% | 254,363 | 261,772 | (67,040) | (42,183) |
| Conarthaí malairte gníomhacha iomlána | 3.7% | 3.7% | 254,363 | 261,772 | (67,040) | (42,183) |

De réir conarthaí babhtála ráta úis, comhaontaíonn an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht idir suimeanna de ráta comhlúthach úis agus suimeanna de ráta seasta úis, a ríomhtar ar phríomhshuimeanna barúlacha a comhaontaíodh, a mhalartú. Cuireann a leithéid de chonarthaí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta an riosca a ghabhann le nochtadh sreafa airgid d'ús ráta athraithigh a eisíodh ar iasachtaí a mhaolú.

Socraítear babhtálacha ráta úis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar bhonn tréimhsiúil agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha le linn tréimhse atá idir trí mhí agus sé mhí ar fad. Íocfaidh nó gheobhaidh an Grúpa agus an Chuideachta an difríocht idir an ráta comhlúthach úis agus an ráta seasta úis de réir glanbhoinn.

Sainítear gach conradh babhtála ráta úis a mhalartaíonn suimeanna de ráta comhlúthach úis le suimeanna de ráta seasta úis mar fháluithe sreafa airgid d'fhonn neamhchosaint sreafa airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta, a eascraíonn ó rátaí athraitheacha úis ar iasachtaí, a laghdú. Tarlaíonn na glansocraíochtaí faoi na babhtálacha ráta úis agus na híocaíochtaí úis ar na hiasachtaí ag an aon am amháin. Aithnítear an tsuim a iarchuireadh i gcothromas mar bhrabús nó mar chaillteanas thar an tréimhse ina mbíonn tionchar ag na híocaíochtaí úis ar ráta comhlúthach i leith féich ar bhrabús nó ar chaillteanas.

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Anailís íogaireachta ar ráta úis

Dearbhaíodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an gcomh-neamhchosaint ar rátaí úis le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí díorthacha tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú 50 bonnphointe agus riosca ráta úis á thuairisciú; léiríonn sé sin measúnú an lucht bainistíochta ar athruithe réasúnta féideartha ar rátaí úis.

Bheadh a leanas i gceist don Ghrúpa dá mba rud é go raibh na rátaí úis reatha agus na réamhrátaí úis 50 bonnphointe (2013: 50 bonnphointe) ní b'airde/ní ba lú, agus gur coinníodh gach athraitheach eile seasmhach:

- Bheadh tionchar €nialas (2013: €0.1m) ar an mbrabús don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014; agus
- Bheadh tionchar €39.5m (2013: €37.0m) ar chúlchistí eile cothromais, de bharr athruithe ar luach cóir a bhfáluithe sreafa airgid go príomha.

Bheadh a leanas i gceist don Chuideachta dá mba rud é go raibh na rátaí úis 50 bonnphointe (2013: 50 bonnphointe) ní b'airde/ní ba lú, agus gur coinníodh gach athraitheach eile seasmhach:

- Bheadh tionchar €nialas (2013: €nialas) ar an mbrabús don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014; agus
- Bheadh tionchar €11.1m (2013: €25.6m) ar chúlchistí eile cothromais, de bharr athruithe ar luach cóir a bhfáluithe sreafa airgid go príomha.

### Bainistíocht riosca maidir le malairt airgeadra eachtraigh

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh de bharr oibríochtaí a dhá fhochuideachta a ionchorpraíodh i dTuaisceart Éireann, a bhfuil airgeadra feidhmiúil Steirling acu agus trí chaiteachas caipitil Steirling. Maolaítear cuid den riosca a eascraíonn ó fhochuideachtaí a bhfuil airgeadraí feidhmiúla Steirling acu de bharr ainmniú bhunús an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí na Ríochta Aontaithe, i Steirling. Tá iarrachtaí á ndéanamh ag an nGrúpa an neamhchosaint sin a laghdú níos mó trí oibríochtaí i dTuaisceart Éireann a mhaoiniú le hiasachtaí Steirling. Tá an riosca a eascraíonn as suimeanna infhaighte CBL i Steirling, a thagann as sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar, maolaithe go páirteach ag an nGrúpa trí dhul i réamhchonarthaí i malairt eachtrach.

### Anailís íogaireachta ar mhalairt airgeadra eachtraigh

Dearbhaíodh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar neamhchosaint an Ghrúpa ar a chuid oibríochtaí Steirling tráth dháta an Chláir Chomhardaithe. Thaifead mír TSO SONI caillteanas oibriúcháin €1.7m le linn na bliana anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 (2013: brabús oibriúcháin €16.5m). Úsáideadh méadú nó laghdú 20% agus riosca malairt airgeadra eachtraigh á thuairisciú; léiríonn sé sin measúnú an lucht bainistíochta ar athruithe réasúnta féideartha ar rátaí malairte.

Dá mba rud é go raibh na rátaí malairte 20% ní b'airde/ní ba ísle agus gur coinníodh gach athraitheach eile seasmhach, bheadh tionchar €5.3m (2013: €6.1m) ar bhrabús an Ghrúpa roimh cháin don bhliain anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2014. Bheadh tionchar €0.8m (2013: €0.3m) ar chúlchistí eile cothromais.

## 28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

### Grúpa

Is eagraíocht tráchtála leathstáit é EirGrid cpt agus, mar sin, is páirtí gaolmhar de chuid Rialtas na hÉireann é. Tá scair amháin an duine i scairchaipiteal na Cuideachta ag John O'Connor, Fintan Slye agus Niamh Cahill thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin sa Chuideachta ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó i seilbh duine eile ar a shon.

Ní raibh leas tairbhiúil ar bith ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon am le linn na bliana.

Mar aon le mórán aonáin eile, pléann an Grúpa i ngnáthchúrsa gnó le comhlachtaí eile faoi urraíocht an Rialtais, fearacht BSL.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus BSL faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER), i dtaca le feidhmeanna úinéara agus oibreora an chórais tarchurtha. Seo a leanas mar a bhí na muirir ar an Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim agus i Ráiteas Ioncaim na Cuideachta faoin gComhaontú sin:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Muirear úinéir na sócmhainní tarchurtha | 194,322 | 162,501 |

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, bhí suim iomlán dar luach €37.5m (2013: €31.8m) iníoctha le BSL faoin gComhaontú seo. Seo a leanas an ghluaiseacht a bhí san iarmhéid seo:

| | **an 30 MF 2014 € '000** | an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 31,841 | 27,445 |
| Muirir le linn na bliana | 194,322 | 162,501 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana | (188,716) | (158,105) |
| Iarmhéid deiridh | 37,447 | 31,841 |

Tá an t-iarmhéid amuigh sin neamhurraithe agus is féidir é a íoc le hairgead agus le coibhéisí airgid.

Ba é seo a leanas luach saothair an phríomhlucht bainistíochta (iad siúd a bhfuil údarás agus freagracht orthu as pleanáil, as stiúradh agus as rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa) le linn na bliana:

| | **Bliain go dtí an 30 MF 2014 € '000** | Bliain go dtí an 30 MF 2013 € '000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarma | 188 | 185 |
| Sochair iarfhostaíochta | 26 | 26 |
| Iomlán | 214 | 211 |

## 28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

### Cuideachta

Nochtar thíos na hidirbhearta idir an Chuideachta agus na páirtithe gaolmhara agus na hiarmhéideanna amuigh:

| Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2014 | Ús infhaighte € '000 | Muirir faighte ó pháirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna dlite ag páirtí gaolmhar € '000 |
|---|---|---|---|
| SONI Teoranta | 249 | 8,471 | 9,504 |
| EirGrid Interconnector Limited | - | - | 158,489 |
| EirGrid UK Holdings Ltd | 563 | 345 | 12,286 |
| Teileachumarsáid EirGrid Teoranta | - | - | 800 |
| | 812 | 8,816 | 181,079 |

| Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2013 | Ús infhaighte € '000 | Muirir faighte ó pháirtí gaolmhar € '000 | Suimeanna dlite ag páirtí gaolmhar € '000 |
|---|---|---|---|
| SONI Teoranta | 461 | 4,204 | 6,212 |
| EirGrid Interconnector Limited | - | - | 156,878 |
| EirGrid UK Holdings Ltd | 522 | 340 | 10,500 |
| Teileachumarsáid EirGrid Teoranta | - | - | 588 |
| | 983 | 4,544 | 174,178 |

Amhail an 30 Meán Fómhair 2014, bhí €181.1m (2013: €174.2m) dlite don Chuideachta óna cuid fochuideachtaí.

Le linn na bliana, thug an Chuideachta €nialas (2013: €0.7m) ar airleacan do EirGrid Interconnector Limited trí iasacht idirchuideachta. Thug an Chuideachta airleacain iomlána de €31.7m (2013: €31.7m) do EirGrid Interconnector Limited agus fiach iomlán ar iasacht de €285.0m (2013: €285.0m). Measann an lucht bainistíochta go n-aisíocfar fiach saor ó ús ar iasacht de réir sceidil a thiocfaidh le téarmaí an fhéich ar iasacht. De réir théarmaí an fhéich idirchuideachta atá saor ó ús, ní féidir an fiach idirchuideachta a aisíoc go dtí go n-aisíocfar an maoiniú tráchtála.

D'aithin an Chuideachta infheistíocht €155.7m (2013: €155.7m) in EirGrid Interconnector Limited, suim a léiríonn meastachán luacha láithreach an ráta úis tráchtála a tharscaoil an Chuideachta thar shaolré na n-iasachtaí sin (nóta 13). Measann an lucht bainistíochta go n-aisíocfar fiach saor ó ús ar iasacht de réir sceidil a thiocfaidh le téarmaí an fhéich ar iasacht.

Thar shaolré na n-iasachtaí sin, gearrfar ús barúlach ar EirGrid Interconnector Limited chun go léireoidh na hiarmhéideanna faoi dháta an aisíoctha na suimeanna a tugadh ar iasacht ó thús. Le linn na bliana, aismhuirearaíodh €7.8m (2013: €8.5m) faoin socrú sin.

## 28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Tá gach iasacht fochuideachta faoi ráthaíocht EirGrid cpt trí struchtúr trasráthaíochta. D'eisigh an Chuideachta litreacha tacaíochta dá fochuideachtaí, EirGrid UK Holdings Limited agus Teileachumarsáid EirGrid Teoranta.

Thug EirGrid cpt Gnóthas Máthairchuideachta do SONI Teoranta dar luach £10m (2013: £10m).

Chuaigh an Chuideachta isteach i gconradh le fochuideachta Grúpa eile, EirGrid Interconnector Limited, chun sócmhainn an Idirnascaire Thoir-Thiar a cheadúnú.


## 29. Teagmhais tar éis an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh teagmhais shuntasacha ar bith ann tar éis dheireadh na bliana a dhéanfadh difear don Ghrúpa ná don Chuideachta.

## 30. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na Ráitis Airgeadais an 17 Nollaig 2014.

# Struchtúr an Ghrúpa




* Fochuideachta 100% de chuid EirGrid UK Holdings Limited is ea SONI

** Comhfhiontar de chuid EirGrid cpt agus SONI Teoranta is ea SEMO

## Liosta Íomhánna

An Clúdach Tosaigh: Íomhá EirGrid
An Leathanach laistigh den Chlúdach Tosaigh: Íomhá EirGrid
Leathanach 3: Michael Sadlier - Comhairleoir Eachaí
Leathanach 4: Íomhá EirGrid
Leathanach 9: Pillín tintrí EirGrid á úsáid ag daltaí
Leathanach 15: Sean Kerans - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Masonite
Leathanach 18: Orla McCarthy - Riarthóir Oifige
Leathanach 23: Dalta ag freastal ar imeacht ár gCláir Eolaíochta do Scoileanna
Leathanach 24: Paul Horan - Feirmeoir Déiríochta
Leathanach 27: Íomhá EirGrid
Leathanach 29: Kieran McCarthy - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Donna Italia
Leathanach 30: Ionad Rialaithe Náisiúnta EirGrid i mBaile Átha Cliath
Leathanach 39: Íomhá EirGrid
Leathanach 46: Foireann EirGrid san Oval, Droichead na Dothra.

The Oval, 160 Shelbourne Road, Ballsbridge, Dublin 4.

An Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Guthán + 353 (0)1 677 1700
Facs + 353 (0)1 661 5375
info@eirgrid.com
**www.eirgrid.com**